

Aogán Ó Rathaille

curtha in eagar ag

Breandán Ó Buachalla

Is le filí na tréimhse c.1700–1900 a bhaineann an tsraith seo. Is é is príomhaidhm don sraith saothar na bhfilí nach bhfuil teacht go saoráideach anois air a chur ar fáil i bhfoirm shoiléir sholáite. Díreoidh an tsraith go háirithe ar an mac léinn tríú leibhéal agus ar an léitheoir cothrom. Míoneagráin (rogha ionadaíoch) a bheidh i gceist, ach amháin i gcás an fhile ar bheagán saothair. Leanfar, tríd is tríd, de leagan amach Nua-dhuanaire agus de na prionsabail eagarthóireachta seo:

- na heagráin a bhunú ar na LSS is iontaofa agus is údarásaí;
- gan léamha ná malairtí a thabhairt ach amháin sa chás gur gá sin agus fadhb théacsúil á plé;
- litriú na Gaeilge, mar a réalaítear sin in FGB, a chur i bhfeidhm tríd síos ach litriú stairiúil (*Gaoidheal*, *saoghal*) nó litriú canúnach (*caethach*, *tréighid*) a úsáid de ghrá na meadarachta, más gá sin;
- sínte fada neamhstairiúla a chur i bhfeidhm, de ghrá na meadarachta, (i) ar ainmneacha pearsanta (*Títan*, *Céarnaid*) agus (ii) ar fhocail eile (*cóthrom*, *sómpla*) nuair is forás neamhrialta sin (murab ionann is *ard*, *binn*, etc);
- gan a chur sa bhfoclóir ach (i) focail nó foirmeacha focal, nach bhfuil in FGB, (ii) focail ársa neamhchoitianta agus (iii) focail a bhfuil brí neamhchoitianta acu;
- teidil na ndánta a bhunú ar na ceannscríbhinní má sholáthraíonn siad teidil oiriúnacha; mura ndeineann, teidil a cheapadh.

Aogán Ó Rathaille

Aogán Ó Rathaille

curtha in eagar ag Breandán Ó Buachalla

Filí 1

Eagarthóir Sraithe: Breandán Ó Buachalla

Cóipcheart © 2007 ag Breandán Ó Buachalla. Gach ceart ar cosnamh.

ISBN-10 0-946755-31-0

ISBN-13 978-0-946755-31-8

Á fhoilsiú ag Field Day Publications le cuidiú Choiste Náisiúnta Léann na Gaeilge (RIA) agus an Keough-Naughton Institute for Irish Studies sa University of Notre Dame.

Field Day Publications

Newman House

86 Faiche Stiabhna

Baile Átha Cliath 2

Éire

Curtha in 10pt/13pt Quadraat

Red Dog Design Consultants a dhear

Clóbhualte ar Arctic Gloss agus Munken Lynx

Clár

Noda vii

Réamhrá i

Dánta

- 1 Ar Shaorbhreachach Mac Cárthaigh 10
- 2 Marbhna na hÉireann 11
- 3 Tonn Tóime 12
- 4 Treascairt na hÉireann 13
- 5 Don Chaptaen Eoghan Mac Cárthaigh 16
- 6 Marbhna Sheáin Brún 25
- 7 Aisling Aogáin Uí Rathaille 29
- 8 Mac an Cheannaí 30
- 9 Ar Dhonncha Ó hIcí 32
- 10 Tairngreacht Dhoinn Fírinne 33
- 11 Gile na Gile 34
- 12 Ar Bhás Mhuircheartaigh Uí Ghríofa 36
- 13 Burdúin 38
- 14 Buachaill Ristird 39
- 15 Caisleán an Tóchair 40
- 16 Tionól na bhFear Muimhneach 41
- 17 Os Leaba a Bháis 43
- 18 Ar Bhás Triúir Clainne Thaidhg Uí Chróinín 44
- 19 An Dea-Fháistine don Tiarna Brúnach 45

- 20 Epithalamium 46
21 Ar Bhás Uí Cheallacháin 48
22 Vailintín Brún 49

Nótaí 50
Foclóir 95
Innéacs 120
Foinsí 133
Línte Tosaigh 137

Noda

AÓR = *Dánta Aodhagáin Uí Rathaille* (Dinneen & O'Donoghue)

DIL = *Dictionary of the Irish Language* (Quin)

DNB = *Dictionary of National Biography* (Stephen)

FFS = *Filí faoi Sceimhle* (Ó Tuama)

FGB = *Foclóir Gaeilge–Béarla* (Ó Dónaill)

IMC = Irish Manuscripts Commission


ITS = Irish Texts Society

KM = *Kenmare Manuscripts* (McLysaght)

MM = *The MacCarthys of Munster* (McCarthy)

OED = *New Oxford Dictionary of English* (Pearsall)

SKR = *Selections from Old Kerry Records* (Hickson)



Réamhrá

File é Ó Rathaille (c.1670–1729) a shealbhaigh na tuiscintí traidisiúnta ar ról an fhile Gaeilge, ach a chaith an ról sin a chomhlíonadh i saol agus i sochaí a bhí ag athrú ó bhonn. Guth uaibhreach an fhile atá as ionad, file nach bhfuil a cheart oidhreachtúil á fháil aige, an guth a tharraing Ó Rathaille chuige féin mar straitéis agus a shlí ealaíonta féin á déanamh amach aige. Gné lárnach den chruinne fhileata a chruthaigh Ó Rathaille is ea an gaol a shamhlaigh sé idir é féin is na Cárthaigh. Tá turnamh an chine sin agus a dheasca do chás na hÉireann agus dá chás pearsanta féin ar phríomhthéamaí a shaothair.

Cé go raibh na Cárthaigh le háireamh ar phríomhshleachta chúige Mumhan uair, faoi dheireadh an tseachtú haois déag, mar thoradh ar phlandáil, eisreachtú is mhí-éifeacht, bhí an cine ‘tráite tréithlag / gan rí ar an gcóip ná treorach tréanmhar’ (4: 1–2). Príomhghéag an teaghlaigh oirirc — Mac Cárthaigh Mór — a bhí uair ‘i gceannas na geríoch gcaoin gcluthar gcuanach gcam’ (3: 7), is ‘tollta a chuisle’ anois; bhí a bhrí imithe ‘ar feochadh’ (17: 4). Ach b’iad na Cárthaigh, dar le Ó Rathaille, ‘na flatha fá raibh mo shean roimh éag do Chríost’ (17: 28), agus cé gur deacair bunús stairiúil an ráitis uaibhrigh sin a fhíorú, consaeit í a ghineann filíocht den scoth.¹ Samhlaíonn sé é féin ina fhile teaghlaigh ag na Cárthaigh agus, dá réir sin,

1 Níor chine mór le rá riamh iad muintir Rathaille agus ní léir go raibh ceangal cleithiúnais riamh eatarthu agus na Cárthaigh. Más ar thailte na gCárthach a bhí cónaí ar Ó Rathaille, is cinnte go mbeadh sé nádúrtha aige ‘to look to the MacCarthys as his chiefs’ (AÓR: xiii); más fíor an ráiteas go raibh ‘ionad mo shean le seal in Uíbh Laoghaire’ (5: 257), is dóichí go gceanglódh sin iad le Cárthaigh Mhúscraí. Is cinnte go raibh muintir Rathaille bunaithe go maith in iarthar Chorcaí agus in oirthear Chiarraí faoi dheireadh an 16ú haois (Irish Fiants: 3031, 3364; iv: 670). Áitíonn Dinneen (AÓR: 337) gur i mainistir Mhucrois, ionad adhlaicthe Mhic Cárthaigh Mhóir, a cuireadh Ó Rathaille. Mheas O’Reilly (1820: 203) gur de Chlann Mhic Aogáin máthair an fhile. B’iad an sliocht sin breithiúna Mhic Cárthaigh Mhóir agus is cinnte go raibh cuid acu ina gcónaí ar thailte na gCárthach sa 16ú agus sa 17ú haois (féach *Irish Fiants*: 4576, 4888; KM: 386, Casey 1952: 615, 618; Egan 1979). Maidir leis na Cárthaigh trí chéile, féach MacCarthy (1849), McCarthy (1922), Butler (1925), Ó Donnchadha (1940).

samhlaíonn go raibh a dhán féin dlúthcheangailte lena ndánsan: dá mbeadh na Cárthaigh fós i gceannas na dúiche, ‘go dealbh i dtír Dhuibhneach níor bhuan mo chlann’ (3: 8); is ‘pian ’s is céasadh’ leis Gríofa agus Hedges a bheith anois i ‘leaba an Iarla’ Donncha Mac Cárthaigh (4: 45–46); is é a thug ‘dealbh fós me ar easpa bróg ar sráid aníogh’ na Cárthaigh a bheith ‘gan chion’ (4: 71–72); ‘comhla dhín dom chlainn’ ab ea an Captaen Eoghan Mac Cárthaigh (5: 7); is toisc ‘scamall’ a bheith ar Mhac Cárthaigh Mór ‘fá deara dhom triall riamh ort, a Vailintín Brún’ (22: 4). Siúlann na Cárthaigh — go hindibhidiúil is go hiorrach — trína shaothar go tragóideach eolchaireach; is le cion, le mórtas, le comhbhá is le briseadh croí a labhrann seisean orthu agus ar a dturnamh:

den Charathfhuil fhéil, mo léan, níl puinn beo againn (2: 15)

is is atuirseach trím chroí gan a dtuairisc ann (3: 12)

mo ghreadadh bróin na dragain chróga scáinte ón gcith,
is na Galla móra i leaba an leoin ón mBlarnain ghil (4: 69–70)

Fán dtromlot d’imigh ar chine na rí mórga
treabhann óm uiseannaibh uisce go síorghlórach ... (17: 21–22)

Ní hionadh, mar sin, gurb iad na dánta ‘Cárthacha’ (3, 4, 5, 17, 22) na dánta is déine mothú agus is ardaigeanta reitric dá chuid. Ach turnamh na gCárthach féin, agus ar lean é, ba chuid de thragóid níos leithne is níos uilí é:

Monuarsa an Chárthfhuil tráite tréithlag ...

tír bhocht bhuartha is uaigneach céasta ...

tír gan eaglais chneasta ná cléirigh ...

baintreach dheorach leointe léanmhar ...

Fuil a croí ’na linnreach shéideas,
is gadhair Bhriostó dá hól le géar-airc,
a hablach tá dá sracadh as a chéile
ag madraíbh Sacsan go cealgach d’aontoisc. (4: 1, 9, 13, 23, 33–36)

ní duine ná ochtar, ach cogadh na rithe de ghnáth
tug muileann an droichid ’s an eochair do Mhuiris ’na láimh. (5: 263–64)

‘Cogadh an Dá Rí’ in Éirinn (1689–91) an cogadh atá i gceist. Is go lom gonta trombhríoch a chuireann Ó Rathaille síos ar dheireadh an chogaidh sin: ‘ó lom an cuireata cluiche ar an rí coróineach’ (17: 12). Uilliam Oráiste an cuireata, Séamas II an rí ‘coróineach’, is é sin le rá, an rí ceart dlísteanach, rí a díbríodh as a ríochta go fealltach peacúil sa bhliain 1688. Agus is é a dhíbirt a rinneadh:

Gur díbreadh an rí ceart go claonmhar (5: 221)

ó díbreadh an rí ceart le fórlucht (6: 96)

monuarsa go tréithlag mac Shéarlais ba rí againn,
in uaigh curtha ’na aonar ’s a shaordhalta ar díbirt. (10: 4)

Tubaiste áitiúil é turnamh na gCárthach, tubaiste náisiúnta é díchur Shéamais II sa bliain 1688, príomhthéama eile a shaothair. B’ é Séamas II an rí ceart; á uireasa, de réir idé-eolaíocht dhúchais an ríochais, is í an ainriail a tháinig isteach:

Tír gan eaglais chneasta ná cléirigh,
tír le mioscais noch d’itheadar faolchoin,
tír do cuireadh go tubaisteach traochta
fá smacht namhad is amhas is meirleach. (4: 13–16)

Ach bhí i ndán dó filleadh agus, ar a fhilleadhsan, is go haoibhinn is go hait a bheadh an saol trí chéile arís; bheadh athaoibhneas ar fáil don duine aonair is don phobal trí chéile:

A thalamh má bhí dá dhíth go mb’fhéidir
a fháil do arís le linn an réics chirt (5: 227–28)

in ainm an rí dhíograis bheas againn go luath
i gceannas na dtrí ríochta is dá gcosnamh go buan (7: 15–16)

beidh Éire go súpach ’s a dúnta go haerach ...
is Séamas ’na chúirt ghil ag tabhairt cheana Ghaelaibh. (10: 17, 20)

Agus bheadh an comhar á dhíol le lucht an fhill:

is an bhuíon so tá ciontach ná humhlann don chléir chirt,
dá ndíbirt tar tríúchaibh go Newland ó Éirinn ... (10: 14–15)

go mbeidh Muilín is Deiní is Carraic go dubhach
ag cur buinní as a n-innibh is fairsinge mhúin (13a: 3–4)

báfaidh sé an tréada thug táir agus béim do ... (16: 20)

File Seacaibíteach é Ó Rathaille a fhógraíonn is a chosnaíonn ceart na Stíobhartach agus a dhíríonn fraoch a theanga ar na hÉireannaigh sin a shéan ‘mac Shéamais le foirm na mionn’ (12: 23), gníomh ar ‘tréasan’ é ag ‘faolchoin an éithigh’ (10: 1, 5).² Ní teoiric ag Ó Rathaille é an Seacaibíteachas ach creideamh, creideamh diongbhála polaitiúil. Tugann na leasainmneacha ceana a chleachtann sé agus é ag tagairt don Stíobhartach — ‘Mac an Cheannaí’ (5), ‘Ristín’ (13a: 2), ‘Buachail Ristird’ (14), ‘an Fánaí’ (16: 19) — tugaid sin le tuiscint go raibh comhluadar liteartha tuisceanach ar fáil a thuig an cód inmheánach agus an fráma tagartha. Baineann sin chomh maith leis an sraith aislingí a chum sé, atá ar na dánta is polaitiúla agus, san am gcéanna, ar na liricí is ealaíonta dá chuid. Aiste dhraíochtúil é ‘Aisling Aogáin Uí Rathaille’ (7), lán de thorthúlacht is de mhacnas: ceo, meas, mil, toradh, cuas agus íomhá álainn ‘na dtrí gcoinnle do lasadh ar gach cuan’ (7: 14). An ghluaiseacht inmheánach atá sa dán, gluaiseacht ó dhóchas (*scaoth bhruinneall soilbhír suairc* l. 3) go héadóchas (*bhíos tinnchreathach doilbhír duairc*, l. 19), gluaiseacht í a fhaightear in aislingí eile dá chuid freisin. Tosaíonn ‘Mac an Cheannaí’ (8) le teachtaireacht ard-dóchais: an ainnir shéimh ag maíomh ‘go raibh ag tíocht ’na gar le díograis, Mac an Cheannaí’ (l. 4); críochnaíonn go héadóchasach lagspioraidiúil agus an bhean ‘go lagbhríoch’ (l. 32). ‘Fios fiosach’ (11: 9) ardmheanmnach fáistineach a bhí ag ‘Gile na Gile’ don inseoir: ‘fios fillleadh don duine don ionad ba rídhualgas’ (l. 10); ní mar sin a d’iompaigh amach ach ‘mo shoilseach’ (l. 34) ag deireadh an dáin ceangailte le ‘adharcach foireannDubh’ (l. 35). ‘All wings and music ... all sparkle, charm and life’ an cur síos a rinne Corkery (1925: 182) ar ‘Gile na Gile’. Tá sin i gceist, ach ní sin amháin atá ann mar, dá bharócaí é mar dhán, iompraíonn sé teachtaireacht shoiléir pholaitiúil; soláthraíonn sé, mar a dheineann na haislingí eile — agus dánta eile dá chuid — tráchttaireacht chomhaimseartha ar ghníomhaíocht pholaitiúil a linne; tráchttaireacht a léirítear go hógair ealaíonta mothaitheach (7, 8, 9, 10, 11, 14, 16).

Is é an nascadh máistriúil a rinne Ó Rathaille — an chéad fhile Gaeilge a rinn — idir idé-eolaíocht thraidisiúnta an ríochais agus idé-eolaíocht chomhaimseartha an tSeacaibíteachais a chothaíonn fuinneamh neamhghnách a reitric. Ach is é a ghuth sainiúil féin — guth uaibhreach an fhile atá as ionad — a thugann faobhar, idir fhaobhar intleachtúil is fhaobhar mothaitheach, dá chuid filíochta. Bíodh nach leathan é réimse téamúil an ábhair a shaothraíonn sé, saothar é atá ar tinneal le paisiún is móraigeantacht, saothar a bhfuil fócas cúng aige ach fós a shnaidhmeann le chéile anstaid file is pobail in aon amharc amháin. ‘Is atuirseach géar liom créachta chrích Fódla’ (2: 1) a fhógraíonn sé i ndán luath dá chuid, agus cé gurb iad críocha na gCárthach is mó is cúram fileata do, is í Éire féin, a haibhnte, a sléibhte, a cuanta, a sholáthraíonn fráma geografúil dá shaothar trí chéile. Feidhmíonn sí freisin, ina riochtanna banda difriúla (ainnir shéimh, céile, spreas, baintreach) mar charachtar príomha ina shaothar arb ionann a dánsan agus dán a muintire: ‘níl faoiseamh seal le tíocht ’na gar go bhfillfidh Mac an Cheannaí’ (8: 12).

2 B’é an ríora Stíobhartach (Séamas I, Séarlas I, Séarlas II, Séamas II) a bhí mar ríthe ar na trí ríochta (Alba, Éire, Sasana) ó 1603 go dtí gur athríodh Séamas II sa bhliain 1688. Tugtar Seacaibítigh (< *Jacobus*) ar a lucht leanúna, dream a chreid gurbh iad na Stíobhartaigh fós (Séamas III, Séarlas Óg), ríthe *de jure* na dtrí ríochta agus a rinne iarrachtaí míleata difriúla san 18ú haois an ríora a athbhunú. Tugadh file ‘Seacaibíteach’ ar Ó Rathaille chomh luath le 1903 (Hull), ach ní aitreabúid é a lean dó. Maidir leis an Seacaibíteachas, féach Lenman (1977), Monod (1989), Mac Craith (1994), Ó Buachalla (1996), Ó Ciardha (2002).

Is mó pearsa — carachtair stairiúla, carachtair chomhaimseartha, carachtair mhíotasacha — a lonnaíonn sa chruinne fhíleata a chruthaigh Ó Rathaille. Tá cuid de na carachtair sin luaite cheana (na Cárthaigh, na Stíobhartaigh, Éire) ach os a gcionn sin uile tá ‘an Cumhachtach soin Dia’ (19: 5), carachtar lárnach a shaothair. Peacaí na muintire a tharraing ‘fraoch an Rí chomhachtaigh’ (2: 20) anuas ar Éirinn; ina lámha súd a bhí fuascailt na hanbhroide, agus is chuigsean ba ghá guí is achainí a dhéanamh:

agallam Aonmhac Dé ar Ghaoidhil d’fhóirhint (2: 28)

guím an Tríonóid fhíormhór naofa (4: 61)

aitchimse an tUan fuair bualadh is briseadh dár dtaoibh ... (14: 13)

Eisean a dheonfaidh suaimhneas síoraí mar aon le hionad sna flathis do na fíreín:

Aitchim Dia go dian id chóisir ...

dod choimhdeacht go ríoghacht na glóire (6: 101, 104)

is a Rí, stiúir dod ríchúirt an dís úd ’s an t-aon (18: 32)

mar a dheon, sa saol talmhaí, pátrún nua in ionad pátrúin a fuair bás:

Sé Dia do chruthaigh an saoghal slán,

tug fial in ionad an fhéil fuair bás ... (15: 21–22)

B’í an phátrúntacht fós, in Éirinn, agus san Eoraip trí chéile, príomhthaca na litríochta san ochtú haois déag. Braitear éifeacht phraiticiúil na pátrúntachta (só, suaimhneas, tearmann) sa ghluaiseacht chaithiseach éadromchroíoch atá faoin dáinín gleoite ‘Caisleán an Tóchair’ (15). Bhí pátrúin ar fáil ag Ó Rathaille an chuid is mó dá shaol — mionuaisle Chaitliceach Sheacaibíteach iarthair Mumhan (Ó Donnchú, Ó Laoire, Ó Ceallacháin, Mac Gearailt, Brún, mar shampla) — agus mhol is chaoin sé iad sna módanna traidisiúnta cumadóireachta feadh a chumais (1, 5, 6, 15, 18–21). Saol idéalaióch, mar is dual don fhilíocht chúirte, a nochtar sa saothar ‘poiblí’ sin: fíon is beathuisce, síoda is sról, léann is cráifeacht, seilg, carbhas is spórt; carachtrú idéalaióch, mar an gcéanna, a dhéantar ar phearsana na ndánta sin: crógacht, léann, carthannacht, féile is na suáilcú uile a samhlaíodh go traidisiúnta leis an eitic uaslathach. Bhí idir shaol is charachtrú, mar a bhí an Seacaibíteachas féin, bunaithe ar ghinealach, ar fholaiócht, ar an gceart oidhreachtuil: faoi mar b’é Séamas II, agus a shliocht, ‘an rí ceart’ (5: 221), b’é Dónall Ó Ceallacháin ‘Ó Ceallacháin ceart is mac Uí Cheallacháin é’ (21: 28). Agus b’in í an teist a dhícháiligh Vailintín Brún:

scamall ar ghriain iarthair dar cheartas ríocht Mumhan

fá deara dhom triall riamh ort, a Vailintín Brún. (22: 3–4)

Dá ghliondraí mheidhréisí a d'fháiltigh an file roimh an mBrúnach, ar theacht in oidhreacht dó (19, 20), dá mbeadh an saol mar ba cheart is pátrúin a dhiongbhálasan — Cárthaigh — ar fáil, ní taobh le Vailintín Brún a bheadh an file. Mar ar deireadh thiar ní raibh sa Bhrúnach ach *arriviste* — ‘fiach iasachta’ a raibh siúlta isteach aige ‘i gceart na gCárthach gcaoin’ (22: 20).



De réir na scríobhaithe a rinne saothar Uí Rathaille a sheachadadh, is i Sliabh Luachra a saolaíodh an file:

Aodhgán Ó Rathaille, Sliabh Luacra Ciaruidhe (LN G476: 50)

Aodhagán Úa Ratuille ó Sliabh Luachra (LN G496: 60)

Aogán Ó Rathaile Sliabh Luachra (IL 7: 223)

Aódhgán ua Raithle ó Shliabh Luachradh na Mumhain (UCC T62 b: 176)

Eogan Ó Rathaille .i. fear calame o shliabh Luachra (RIA 23 N 9: 73)

Ach is ceantar an-fhairsing é Sliabh Luachra a chuimsíonn an líomataíste a shíneann ó Chill Airne go Sráid an Mhuilinn go hOileán Ciarraí. Cé nach bhfuil a áit bhreithe cinnte, is dóichí gur i gceantar Chill Airne, timpeall na bliana 1670, a saolaíodh Ó Rathaille.³ Tá fianaise chomhaimseartha againn go raibh muintir Rathaille lonnaithe in oirthear Chiarraí ag deireadh an tséú haois déag, ach níor áiríodh riamh ar mhórsheleachta Chiarraí iad. I lámhscríbhinn a scríobh sé féin, is mar seo a thugann an file a ainm is a shloinne:

Arna sgríobh le hAodhagan Ua Raghallaigh ... Aogan Ua Rathaille ... Finis Libri Secundi 7br The 9th 1722 Aodhagan Úa Rathaille.⁴ (LN G 226: iii v, 83 r, 142 r)

Díol suime é an mhalairt Ua Raghallaigh/Ua Rathaille, sloinne a ndéintear idirdhealú iomlán eatarthu inniu. Ní lú de dhíol suime é an t-ainm baistí Aogán, a annamhaí a fhaightear

3 Cé go ndeir Dinneen go raibh traidisiún ann gur i Screathan an Mhíl a saolaíodh Ó Rathaille agus gur chónaigh sé tamall ar Cnoc an Chairria, deir sé freisin: ‘The precise locality of O’Rahilly’s birth is uncertain’ (AÓR: xii). Níl de bhunús leis an bhliain 1670 mar dháta breithe ach gur léir go raibh Ó Rathaille tosaithe ar fhilíocht a scríobh roimh 1700. Tá a fhios againn go raibh sé marbh faoi Mhárta 1729 (n. 8).

4 Faightear a shíniú freisin (Aodhgán Úa Rathaille) in LN G598a: 4 (cóip easnamhach de *Foras Feasa ar Éirinn*). Síniú bréige is ea ‘Aodhgán Ó Rathaille, Sliabh Luacra Ciaruidhe’ (LN G476: 50).

sna foinsí comhaimseartha é.⁵ Chomh maith le bheith ina fhile, ba scríbhneoir próis é Ó Rathaille freisin (AÓR: 287–98), agus ba scríobhaí gairmniúil é a bhfuil toradh a shaothair fós ar fáil againn:

Gonna í sin Ionsuidhe Mhuighe Leanna agus Cath na Cloiche Barruidhe agus Diothchur Eoghain a hEirinn go nuige sin. Airna sgríobhadh le hAodhagan Ua Rathailigh aois an Tighearna an tan sin 1712 agus an tan so 1766. (ML 3: 655)

Ionnsaighe Mhuighe Léana ... Iar na scríobhadh le hÉagán Ó Rathaille A.D. 1712. (RIA 24 A 29: 203)

Arna sgríobh le hAodhagan Ua Raghallaigh do Ruighri mhic Seaain Oig mhic Sithe a nDrom Coluchair san mbliadhain daois Criosd míle Seacht agus an dara bliadhain fithcead July an seachtmhadh l.⁶ (LN G 226: iii v)

Mar a léiríonn an colafan deireanach sin, chaith Ó Rathaille tamall éigin i nDrom Collachair, co. Luimnigh agus is cosúil gur chaith sé tamall i gco. Chorcaí (15) freisin, ach ní mór riamh an taisteal a rinne sé lasmuigh dá cheantar dúchais. Ní mór, ach oiread, an t-eolas atá againn ar dhálaí a bheatha: file é ar ina shaothar go príomha a mhaireann sé. Bhí sé fós ag cumadh dánta do theaghlach Vailintín Brún sa bhliain 1727:

September 1727 paid Egan O Rahilly when his only cove was appraised last winter 1726 by James Curtaine for composing songs for Master Thomas Browne & the rest of his Lordship's children at John Rierddanes prayer & request ... 1 10 o.⁷

Pé ní a d'éirigh idir é féin agus a phátrún nua, Vailintín Brún, is go fíochmhar míthrócaireach a dhírigh sé air san aoir a chum sé air (22). Seans gurb é an dán deireanach aige é: bhí sé marbh faoi Mhárta na bliana 1729.⁸



- 5 Maidir leis an sloinne, féach AÓR: xii, xl, 334–37. Mheas O'Reilly (1820: 203), ach ní móide an ceart a bheith aige, gur ó cho. an Chabháin d'athair an fhile (John Mór Ó Raghallaigh), gur tháinig sé aduaidh go Ciarraí sa seachtú haois déag 'and there married a young woman of the name of Egan by whom he had Owen O Reilly, a celebrated poet'. Mhíneodh sin, dar le O'Daly (1849: 22), King (1907: 107) is Ó Tuama (FFS: 183) an t-ainm baistí neamhchoitianta Aogán a bheith ar an bhfile.
- 6 Cóip de *Foras Feasa ar Éirinn* atá sa LS sin; d'fheidhmigh an téacs sin mar fhoinsé eolais is seanchais ag na filí trí chéile; is dóichí gur sna LSS a d'athscríobh sé a tháinig Ó Rathaille ar na foirmeacha ársa teanga a chleacht sé.
- 7 PRO D/415/R/I: 22. An leagan den sliocht sin a thugtar in KM: 22, tá sé scriosta amach sa LS agus an sliocht thuas curtha ina áit.
- 8 Tá an t-aon chóip amháin atá ar marthain de thuireamh a cumadh ar Ó Rathaille (*Mo cholg-ghoin, mo lomascrios, mo chumha, mo chnead*) ar fáil i LS (LN G31: 173) a scríobhadh Márta 1729. Féach de Brún (1968), Ó Buachalla (2004: 58).

Táim an-bhuíoch de Neil Buttimer, Breandán Ó Conchúir, Éamonn Ó hÓgáin as dréacht den eagrán seo a léamh is a phlé liom; de Bhreandán Mac Suibhne is Seamus Deane as gnó an fhoilsithe a chur i gerích go héifeachtach gairmiúil; de Phádraig Ó Cearbhaill as cuid de na logainmneacha a phlé liom; de na leabharlanna atá liostálta istigh agam as cead a thabhairt dom an t-ábhar a fhoilsiú, d'fhoirne na leabharlann sin, go háirithe na leabharlannaithe Siobhán FitzPatrick (RIA), Penny Woods (MN), Gerard Lyne (LN), is Liz Mullins (IL) as a gcineáltas is a gcomhoibriú. Ba mhór an chabhair dom, is mé ag gabháilt don tionscnamh seo, an plé a bhí déanta ag scoláirí romham, go háirithe Dinneen & O'Donoghue (1911), Ó Tuama (1978), Ní Dhroighneáin (1983), ar na fadhbanna iomadúla a bhaineann le cúlra is saothar Uí Rathaille.

Dánta

I _____

Ar Shaorbhreathach Mac Cárthaigh

- 4 Do chuala gol ban i gcéin,
is mairg dhom do-chluin an gháir,
ag caoineadh Shaorbhreathaigh na lann,
ceathrar dhíobh cé binn atáid.
- 8 Gol mná ó Chorcaigh na gcuan,
gol aduaidh ó Fhear Maí,
gol ó Bhéal Inse na mbárc,
is bean ó Chionn tSáile ag caí.
- 12 Adhbhar a ngoil faríor is trua,
tiarna cróga Caisil cháidh
do thit in arm Laoisigh mhóir,
aonchú chúnta chríche Fáil.
- 16 Péarla na hÉireann is posta na Mumhan,
féinics shleachta Éibhir dob oiriric clú,
tá 'na aonar i ngéibheann na cloiche seo fút,
Saorbhreathach éachtach mac Donncha an Chúil.

2 _____

Marbhna na hÉireann

- 4 Is atuirseach géar liom créachta chrích Fódla
fá scamall go daor 's a gaolta clíbhreuite,
na cranna ba thréine ag déanamh dín dóibhsin —
do gearradh a bpréamha 's a ngéaga críon feochta.
- 8 Cé fada dhuit, a Éire mhaorga mhín-nósmhar,
id bhanaltrain tséimh le féile is fíreolas,
beir feasta acu id mheirdrigh fé gach críonchóisir
is gach ladrann caethach d'éis do chlídhheolta.
- 12 Mar bharra ar mo scéalaibh, féach gur díol deora
go ngabhann gach réacs den réim sin Roinn Eorpa
a bhfearantais féin go saolach sítheoilte,
ach Banba i bpéin gan chéile is í pósta.
- 16 Do chailleamair préimhshliocht Néill is síol Eoghain,
is na fearachoin tréana, laochra ríocht Bóirmhe;
den Charathfhuil fhéil, mo léan, níl puinn beo againn,
ná mhaithibh na nGréag dob éachtach gníomh comhraic.
- 20 Is dearbh gurb é gach éigean íogórach,
gangaid is éitheach, claon is díth comhaill,
gan ceangal le chéile, ach réabadh rinnsornach,
do tharraing go faobhrach fraoch an Rí chomhachtaigh.
- 24 Ó chailleamair Éire is méid ár mídhóchais
is treascairt na laoch mear saor nár mhíthreorach,
ar Aradmhac Dé 's ar thréan na Tríonóide,
go maire dá n-éis an méid seo díobh beo againn.
- 28 Chailleadar Gaeil a dtréithe caoin córach,
carthanacht, féile, béasa is binncheolta;
allathoiric chlaon do thraoch sinn fí mhórsmacht,
agallam Aonmhac Dé ar Ghaoidhil d'fhóirhint.

3 _____

Tonn Tóime

Is fada liom oíche fhírfhliuch gan suan, gan srann,
 gan ceathra, gan maoin, caoire ná buaibh na mbeann;
 anfa ar toinn taoibh liom do bhuaire mo cheann
 4 is nár chleachtas im naíon fíogaigh ná ruacain abhann.

Dá maireadh an rí díonmhar ó bhruach na Leamhan
 is an ghasra bhí ag roinn ris ler thrua mo chall
 i gceannas na gcríoch gcaoin gcluthar gcuanach gcam,
 8 go dealbh i dtír Dhuibhneach níor bhuan mo chlann.

An Carathach groí fíochmhar ler fuadh an mheang,
 is Carathach Laoi i ndaoirse gan fuascladh, fann;
 Carathach rí Cinn Toirc in uaigh 's a chlann,
 12 is is atuirseach trím chroí gan a dtuairisc ann.

Do shearg mo chroí im chlíteach, do bhuaire mo leann,
 na seabhaic nár fríth cinnte dar dhual an eang,
 ó Chaiseal go Toinn Chliona is go Tuamhain tall,
 16 a mbailte is a dtír díthchreachta ag sluaghaibh Gall.

A thonna thíos is aírde géim go hard,
 meabhair mo chinn go cloíte ód bhéiceach tá;
 cabhair dá dtíodh arís ar Éirinn bhán,
 20 do ghlam nach binn do dhingfinn féin id bhráid.

4

Treascairt na hÉireann

- 4 Monuarsa an Chárthfhuil tráite tréithlag,
gan rí ar an gcóip ná treorach tréanmhar,
gan fear cosnaimh ná eochair chun réitigh,
is gan sciath dhín ar thír na saorfhlaithe.
- 8 Tír gan triath de ghrianfhuil Éibhir,
tír fé ansmacht Gall do traochadh,
tír do doirteadh fé chosaibh na meirleach,
tír na ngéibheann — is tréighid go héag liom.
- 12 Tír bhocht bhuartha is uaigneach céasta,
tír gan fear, gan mac, gan chéile,
tír gan lúth, gan fonn, gan éisteacht,
tír gan cothrom do bhochtaibh le déanamh.
- 16 Tír gan eaglais chneasta ná cléirigh,
tír le mioscais noch d'itheadar faolchoin,
tír do cuireadh go tubaisteach traochta
fá smacht namhad is amhas is meirleach.
- 20 Tír gan tartha, gan tairbhe in Éirinn,
tír gan turadh, gan buinne, gan réaltann,
tír do nochtadh gan fothain, gan géaga,
tír do briseadh le foirinn an Bhéarla.
- 24 Tír is cráite, tráite a tréinfhir,
tír ag síorghol í go héadmhar,
baintreach dheorach leointe léanmhar,
staite bhrúite chúthail chréachtach.
- 28 Is fliuch a grua go buan le déaraibh,
gruaig a mullaigh ag titim 'na tréanrith,
sruthanna fola as a roscaibh go caobach,
a haighthe ar shnua an dubh-ghuail le chéile.

- 32 A baill crapaithe ceangailte céasta,
glas a coim thais mhíngil ghléigil,
iarnaí cumadh in ifreann mhaoldubh
le ceardaibh Vulcánais chraosaigh.
- 36 Fuil a croí 'na linnreach shéideas,
is gadhair Bhriostó dá hól le géar-airc,
a hablach tá dá sracadh as a chéile
ag madraíbh Sacsan go cealgach d'aontoisc.
- 40 D'fheoigh a duille, níl fuinneamh 'na géagaibh,
do théacht a huisce le cuisne na spéire,
sa ghréin níl taitneamh os fearannaibh, féachaidh,
is ceo na ceártan atá ar a sléibhtibh.
- 44 A mianach ríoga, a coill 's a haolbhach,
do dódh, do briseadh a connadh 's a caolbhach;
a slata fáis go scáinte réabtha,
i gcríochaibh eachtrann scaipthe ó chéile.
- 48 Gríofa is Hedges gan cheilg im scéalaibh,
i leaba an iarla, is pian 's is céasadh;
an Bhlarna gan áitreabh ach faolchoin,
is ráth Loirc scriostaithe nochtaithe i ndaorbhroid.
- 52 Do thit an Leamhain gan tapa, mo ghéarghoin,
an Mhaing 's an tSionainn 's an Life fé chréachtaibh;
Teamhair na rithe gan ursa shliocht Néill Duibh,
ní beo curadh acu, cine na Raghallaigh.
- 56 Níl Ó Dochartaigh i gcothrom ná a chaomhshliocht,
níl Síol Mórdha, treoin ba thréanmhar,
níl Ó Flaithearta i gceannas ná a ghaolta,
Síol mBriain dearbh 'na nGallaibh le tréimhse.
- 60 Ar Ó Ruairc níl lua, mo ghéarghoin,
ná ar Ó Dónaill fós in Éirinn,
na Gearaltaigh táid gan tapa, gan sméideadh,
Búrcaigh is Barraigh is Breatnaigh na gcaolbharc.

Guím an Tríonóid fhíormhór naofa
an ceo so do dhíchur díobh le chéile,
de shleachtaibh Ír is Choinn is Éibhir,
64 is aiseag do thabhairt 'na mbeatha do Ghaelaibh.

Aiseag do Ghaelaibh déin, a Chríost, in am,
ina mbeatha go léir ó dhaorbhroid daoithe Gall;
smachtaigh na meirligh, féach an chríoch go fann
68 is dalta na hÉireann faonlag cloíte thall.

Mo ghreadadh bróin na dragain chróga scáinte ón gcith,
is na Galla móra i leaba an leoin ón mBlarnain ghil,
gach aicme 'n chóip ler mhaith mo shord mar táid gan chion
72 tug dealbh fós me ar easpa bróg ar sráid aníogh.

5

Don Chaptaen Eoghan Mac Cárthaigh

4 Cneá agus dochar do ghortaigh mo chéadfa,
is d'fhág me i mbrón go deo go n-éagad,
do bhris mo chroí 's me ag cáí gan traochadh,
do chuir mo radharc gan feidhm is m'éisteacht.

8 Bá dom thigh — do thit fá néalaibh
laoch mear ceansa, ceann na saorfhlaithe;
comhla dhín dom chlainn an té sin,
lón a mbídh, a mbrí 's a n-éifeacht.

12 A gclogad cruaidh, a dtua 's a n-éide,
a sciath chosnaimh roimh ulfairt na bhfaolchon,
a gcrann bagair chun seasamh i bplé thu,
a gcruach fá sceimheal de shíor gan bhéim tu.

16 A ngleacaí thusa in ucht an bhaoghail,
a gCú Chulainn do ghoirm chun réitigh,
a gcomairc i mbearnain námhad go tréan tu,
cé gur thitis le Muiris an éithigh.

20 A mbarc is a mbád 's a n-árthach séin tu,
a leon is a seabhac, a gceann 's a bhféinics,
a lonradh solais i ndoircheacht sléibhe tu,
a dtriath ceart 's a meas tar Éirinn.

24 A gcathmhíle neartbhuíonmhar saordha,
calma cairdiúil fáidhiúil faobhrach,
curata cróga mórga maorga,
ríúil reachtmhar rafar réimeach.

28 Fírdhlitheach forasta foirtíl gan aon locht,
sochma soilbhir socair 'na thréithibh,
cliathúil fiontúil saoihiúil béasach,
duineata diaga ciallmhar séimhghlic.

32 Dathúil oscartha cumasach tréanmhar,
d'áighe na bhfear fuair ceannas Éireann,
de shleachtaibh Eoghain Mhóir is Éibhir,
is Chais mhic Coirc i ngoil nár traochadh.

36 Éireamhón na nós is Aonghas,
a bhráthair Mogha, is Conn na gcéadchath,
a mhacsan Art fuair ceannas Éilge,
Cairbre is Cas na reacht is Néill Dubh.

40 A bhráthair Fearghas calma créachtach,
is Iúghaine Mór, an lóithne léanmhar,
Ceallachán Chaisil do chasadar tréimhse,
is Brian ler treascradh clanna Tuirgéisius.

44 Bráthair gaoil do phríomh Uí Laoghaire,
Sheáin an Díomais fhíochmhair éachtaigh,
Aodha mhic Coinn nár cloíodh in aon dul,
do rug a bhuíon tar toinn in éineacht.

48 Is fíor le n-amharc in annalach Éireann
gur tu an ceap de shleachtaibh déa-oinigh,
triath na Mainge, an Chairn 's an tSléibhe,
ón Dá Chích go fíoraibh Sléibhe Mis.

52 A bhráthair úir na mBúrcach éachtach,
Uí Chonchúir fuair clú le daonnacht,
Uí Dhónaill nár leonadh ar aon chor,
is Uí Ruairc chlúmhail na lúireach ngléigeal.

56 Bráthair gar do Mhac Uí Néill tu,
bráthair gairid Uí Cheallaigh 's a chéile,
bráthair glún don Phrionsa Séamas,
de réir mar cantar i saltair na saorfhlaith.

60 Bráthair Dhónaill Chróin ó Bhéarra,
is Chlann tSuibhne do bhí 'na laochaibh,
Dhónaill Chaim nár fhíll ó aon chath,
is Dhónaill ghroí, ceann díreach Éireann.

- 64 Bráthair d'ardshliocht Uí Réagáin,
bráthair fir Chinn Toirc na gcaolta,
bráthair Duibh de shliocht an Ghaortha,
is Mhic Fhínín dob fhíorlaoch aonair.
- 68 Bráthair fial do Niall na gcaol-each,
is na naoi ngiall do riar ar Éirinn,
bráthair dian na mBrianach aosta,
Mhic Phiarais is tiarna na nDéiseach.
- 72 Bráthair fine Mhic Mhuiris ón mBéil-lic,
is ridire ó chois Sionna na gcaolbharc,
Mhic Mhaolmhuaidh na ruag ba thréanmhar,
is Uí Dhonnchú an Rois fuair titim taobh leat.
- 76 Bráthair mór don Róisteach shéimh tu,
bráthair gairid an Bharraigh 's a ghaolta,
bráthair Ghearailt de mhaithibh na nGréagach,
bráthair seabhaic Bhun Raite na nglé-gha.
- 80 Bráthair fíor Uí Chaoimh gan aon locht,
is Mhic Fhínín bhuaigh ón Ruachtaigh ngléighil,
Uí Cheallacháin Chluana b'uasal tréitheach
is clanna Ghuaire dhuaisigh dhéircigh.
- 84 Bráthair churaí Chineál mBéice,
is Mhic Amhlaobh na leabhairscriob éachtach,
Thaidhg gan cháim do bádh san tréantsruith,
is Thaidhg Mhic Cárthaigh ó chlár Loirc Éibhir.
- 88 Thaidhg Uí Cheallaigh ó Eachroim éachtaigh,
is Thaidhg an Mhullaigh fuair urraim ó éigsibh;
gach Tadhg bhí taibhseach ba ghaol duit,
a bhráthair oidhre Thaidhg mhic Séafra.
- 92 Bráthair Chúrsaigh lúbaigh éachtaigh,
is tiarna Mhúscraí an chúil bhuí phéarlaigh,
tiarna Ghlinn an Chroim fuair réimheas,
is tiarna an Chairn is Chairbreach taobh leat.

- 96 Is trua do thalamh ag clanna na gcaorach,
 dá roinn eatarthu in aisce gan éiric,
 stéig fána uillinn de ag Muiris an bhréide,
 stéig na tubaiste ó Mhuiris de ag Éamann.
- 100 Túis mo rúin, is dubhach 's is déarach,
 trúig is cúis trér thionscnas éad ris,
 tré bhriseadh na saoithe bhfíochmhar dtréitheach,
 cuirfid na cinn sin linn, is baol do.
- 104 Do-ghní Seoirse móirchreach aonair,
 mar mhac Cumhail i dtús na Féinne,
 do-ghní Muiris le dlithibh a dhaoradh,
 is glór binn dá gcuibhreach ag Éamann.
- 108 An méid nár fionnadh le himirt na meirleach,
 do chreach Mac Craith ar mhair den tréada
 le hór an diabhail dá riar gan daonnacht,
 is an fiús go dúbalta dá éileamh.
- 112 An té bhí acu anuraidh i gcumas na tréine,
 atá i mbliana ag iarraidh déirce,
 do fúigeadh dís dár mbuín gan aon phreab,
 fuil a gcroí 's a gclí dá taoscadh.
- 116 Cailliúin Sheáin nár stán ó bhréagaibh,
 do chuir Eoghan go deo fá néalaibh,
 ina dhíbeartach fhíorlag go traochta,
 is a thithe 'na smúdar brúite ar aonbhall.
- 120 Ba mhinic 'na dhúntaibh údair aosta,
 draoithe is dáimh is baird is éigse,
 filí is cliar dá riar in éineacht,
 is eaglais Chríost de shíor dá n-éileamh.
- 124 Ba mhinic cuideachta imeartha taobh leis,
 saoithe ceoil go mór dá éisteacht,
 scol na maighdean mbraighd ngeal mbéasach,
 coin is gadhair 'na theigheas is laochra.

- 128 Ba mhinic 'na hallaibh fastaím léimneach,
lúth is rince is aoibhneas aerach,
ceolta suairce is fuaim chrot téadach,
ina áras ríoga ríúil saordha.
- 132 Fíontúil ómrach lómrach dréimneach,
ina rabhadar starthacha ar sheanchas Éireann,
dánta diachta is draíochta déithe,
is dream nach ollaimh do thogradh Gaeilge.
- 136 San tan do mhair an fear den tréada,
do chíor, do stoll a gcorp 's a n-éadach,
do scaoil chúchu trúip na bhfaolchon,
do bhrúigh, do mhill a mbaill 's a gcéadfa.
- 140 A Dhia tá ar neimh do-chluin na scéalta,
a Rí na bhfeart 's a Athair naofa,
créad fár fhuilngis a ionad ag béaraibh,
a chíos acu is é singil 'na éagmais?
- 144 Do chaígh Sol go docht an t-eirleach,
do ghoil Luna srutha déara,
Boreas cruaidh aduaidh ag séideadh,
an fad tá Muiris i gcumas san taobh so.
- 148 Ar dhíbirt Eoghain go toirseach tréithlag,
do ghoileadar sruthanna saora:
an Mháigh 's an Leamhain fann gan faoiseamh,
an Chárthach, an tSláine is an Chlaodach.
- 152 Abhainn Chill Criadh, ba chian a caolscread,
ag síorghol 's ag caoineadh a céile,
bruach na Lice ar buile is an Fhéile,
is an Gháille ag dáil ghoil 'na haonar.
- 156 An Ghaoi go dubhach 's an tSiúir ag géimnigh,
is Sionainn chlainne Loirc na gcaol-each,
an Mhaing gan sláinte fá na scéala,
cois Laoi is an Bhrídeach go héadmhar.

- 160 Fionnashruth is Fleasc ar easpa céille,
abhainn Targhlan faoi scamail is Éirne,
abhainn Dálua 's an Chuanach traochta,
Bearbha go fadchumhach id dhéidhse.
- 164 Níor fhág an Chróinseach deoir gan spréachadh,
faoi ardaibh bómhar bóchna Bhéarra,
an Ruachtach go buartha is í ag géimnigh,
abhainn Dá Chích 's a daoine tréithlag.
- 168 Ní raibh síbhean díobh i mbéillic,
ó Dhún Chaoin go híochtar Éirne,
ó Inis Bó go teorainn Bhéarra,
nár leig deora móra ar aonbhall.
- 172 Ar dteacht Mhuiris tug uile 'na cheird chirt,
ba chlos gáir ag mnáibh ar thaobh Toirc,
ba chlos uaill ar uachtar Sléibhe Mis,
is dhá thaobh Mainge dá freagairt go léanmhar.
- 176 Bean tsí an Rois ag sileadh déara,
is bean tsí bhán na Blarnan taobh riot,
bean tsí an Ghleanna 'na labhraid éanlaith,
is seacht mná sí ar an gCích gan traochadh.
- 180 Do ghlac fanntais dream an Bhéarla,
do shíleadar go bhfillfeadh chugainn Séamas,
an tan do scread an Leac fád scéala,
an Lia Fáil 'na lár ag géimnigh.
- 184 Do ghoil Clíona tríd na scéaltaibh,
do ghoil Úna i nDurlas Éile,
do ghoil Aoife i síbhrog Fhéilim,
do ghoil Aoibheall tríd an Léithchraig.
- 188 Do ghoil go trua an Ruachtach, caolbhean,
do ghoil Áine in áras Gréine,
do ghoileadar ocht n-ochtair ar aon loch,
do ghoil ainnir an Chairn 's an tSléibhe.

192 Bean tsí Dhúna Gaill ag géarghol,
 bean tsí i dTeamhair ar easpa is í céasta,
 bean tsí in Eochail fós gan faoiseamh,
 is bean tsí i gCeapach Choinn na nDéiseach.

196 Bean tsí fós go deorach éadmhar,
 i mBaile Uí Chairbre, ainnir ded shaorshliocht,
 Baisleacán i gcreathaibh báis fád scéala,
 is an tÉan Fionn i bhfiontar éaga.

200 D'éis gur chaíodar coillte is caolta,
 do loisc mo chroí, do mhill, do chéas me
 an bhraighdgheal ó Fhaidhribh na saorfhlaith
 do bheith ag gol gan sos 'na haonar.

204 Ag greadadh a bas 's ag staitheadh a céibhe,
 ina gcaor ndearg a dearca gan traochadh,
 a craiceann geal ar fad 'na chréachtaibh,
 is folach síoda a clíchoirp réabtha.

208 D'éis gur choisceadar sruthanna ag géimnigh,
 coillte, corrachnoic ghorma is faolchoin,
 ríon Fíonscoth ag síorghol 'na haonar,
 do chuir m'intleacht trína chéile.

212 Fochtaim cúis is trúig a déara,
 den tsoilsigh ó Fhaidhribh na saorfhlaith:
 créad an bás, an t-ár nó an t-éigean
 tréнар mhill a baill 's a héadach?

216 D'fhreagair Fíonscoth sinn go héadmhar,
 le glór doilbh, cidh follas in éifeacht:
 'tá a shárfhios agatsa, dearbh mo scéalta,
 is go dtig nimh 'na sruith óm chréachtaibh.

220 Is a liacht flaith de mhaithibh Néill Duibh,
 fiagaí is fáidh is páiste béasach,
 mná uaisle nár ghruama is daoine aosta,
 do chuaigh de dhíth an bhídh 's an éadaigh.

- 224 Gur díbreadh an rí ceart go claonmhar,
easpaig, sagairt, abaidh, cléirigh,
bráithre diaga is cliar na déirce,
agus uaisle na tuaithe le chéile’.
- 228 D’inseas go fíor di brí mo scéalta:
go raibh Eoghan fós gan bhaoghal,
a thalamh má bhí dá dhíth go mb’fhéidir
a fháil do arís le linn an réics chirt.
- 232 Táid créachta Sheáin go hard ag éamh air,
ag lonramh fiontair ’s ag sméideadh,
ag screadaigh fós ar Eoghan go héigneach,
ag iarraidh fola do dhortadh ’na éiric.
- 236 Oirfin fós tug leonadh léin air,
Ruairí is Seon, mic Ómais Éigir,
Seán is Diarmaid riamh ba bhréagach,
Muiris ’s an dís tug scaoileadh tréan air.
- 240 Is brónach anois le cur i nGaeilge
an ceo so thit ’na chith ar Ghaelaibh,
is ar gach aicme de chlanna Mhiléisius —
an méid díobh d’iombaigh re Liútar a n-éide.
- 244 Do cuireadh anonn tar srúill ár gléir mhaith,
do cuireadh ar díbirt choíche Séamas,
do cuireadh fá smacht ar mhair den tréada,
is do cuireadh Eoghan fá bhrón, mo ghéarghoin.
- 248 Agram Íosa Críost dom éisteacht:
an ceo so ar Eoghan go fóill do thraochadh,
aiseag a bheatha do thabhairt do ar aonbhall
ó Shuí Finn go fíoraibh Sléibhe Mis.
- 252 Uisce na Mainge, Leamhain, Laoi ’s Claodach,
snaidhmid le sraithaibh scair le linn Léim Toirc,
Fionnashruth, Fleasc is caise an Mhaoir géimid
roimh Mhuiris do theacht isteach le Clainn Éigir.

Titim na bhflatha meara bhfíorlaochta
 le n-uimhir na namhad neartmhar ngnímh-éachtach,
 dlithe na bhfear ler leagadh rí Séamas
 256 tug Muiris isteach gan cheart le Clainn Éigir.

Ionad mo shean le seal in Uíbh Laoghaire,
 is titim na bhfear san treas le rí Séamas,
 Muiris do theacht isteach le Clainn Éigir
 260 tré gcuimlim bas dom namhaid fhíréachtaigh.

An Ceangal

Mar thiteas gach dochar le sochar do ritheas 'na dheáidh,
 fionnadh gach toraidh an olann, an duille is an bláth,
 ní duine ná ochtar, ach cogadh na rithe de ghnáth
 264 tug muileann an droichid 's an eochair do Mhuiris 'na láimh.

6 _____

Marbhna Sheáin Brún

- 4 Tásc tré sreathaid dearca deora,
fáth tré bhfeacaid cranna is córrchnoic,
cás tré gcreathaid flaithis mhórga,
Seán mac Vail sa bhfeart ar feochan.
- 8 A bháis, do mheallais leat ár lóchrann,
fál ár n-arbhair, ár mbailte is ár dteoraibh,
garda ár dteach, ár mban, ár mbólaigh,
ár scáth roimh sceanaibh feannta foirne.
- 12 Ár sciath dhín, ár rí 's ár rófhlaith,
ár gclogad cruaidh go buan i gcomhlann,
ár ngrian gheimhridh, ár soilse, ár n-eolach,
ár gcrann bagair, ár dtaitneamh, ár nglóire.
- 16 Ár dtor daingean re namhaid, ár gcrógacht,
ár mbád, ár mbarc, ár maise, ár mbeogacht,
ár gciall, ár radharc, ár bhfeidhm, ár mórchion,
ár ngnaoi 's ár méin, ár ngné 's ár sóchas.
- 20 Ár nOscar teann, ár labhra, ár nglórtha,
ár bhféinics mullaigh, ár gcuradh, ár gcóthrom,
ár n-airm chun seasaimh le fórlucht,
ár Saesar tréan, ár réilteann eolais.
- 24 Monuar an tír fá scíos id dheoidhse,
is iad gan triath ach Dia na glóire,
ár gcoillte dá síorscrios le fórsa,
is liannaibh i mbliana id dhoirse.
- 28 Atá Maigh gCoinche go singil gan nóchar,
tá Cill Airne cásmhar deorach,
dhá thaobh Mainge fé Ghallaibh gan teora,
Sliabh Luachra i nguaiseacht tréd thoirneamh.

- 32 An uair do rith an mhuir thar córtas,
an tan do bhris Loch Goir fá mhóintibh,
ar ghéim an Rois do chrith an chóige,
tréimhse roimh a dhul ar feochan.
- 36 Do rith néal ón spéir ar Eoghanacht,
do thit ar Phoebus éiclips comhdhubh,
do bhí an ré 's an t-aer go brónach,
is Léinloch ag géimrigh dá fhógra.
- 40 Do bhí an Laoi dá chaí 's ba chóir di,
is Dún Baoi na laochra rónirt,
Dún Deaghaidh go frasach i ndeoraibh,
is Dún Aonair créachtach toirseach.
- 44 An ghuaiseacht so ar Thuamhain do bhreoigh me,
is an buaireamh so ar Chluain na n-óighbhreith,
Béarra go déarach dá fhógairt,
dá éileamh gur scéigh sin dá fóraibh.
- 48 I mBun Raite do thaistil an mhórscol,
i mBun Robhair ba throm na geonta,
i gCnoc Áine d'ardaigh mórghol,
is tá Cnoc Bréanainn traochta i ndeoraibh.
- 52 Ní hé an gol so is doichte bhreoigh me,
ach gol na finne bhí agat mar nóchar,
gol na gile ler snaidhmeadh go hóg tu,
d'fhuil an diúic, dá chrú 's dá chóngas.
- 56 Gol an Bhrúnaigh chúntaigh chróga,
atá i Londain fé dhúsmacht foirne,
gol a chlainne, táid uile go brónach,
is dianghol Mháible is cráite deorach.
- 60 Gol na droinge ler hoileadh tu it óige,
de phréimh na rithe ba chumasach cróga,
laochra ba laochais i ngleobhroid,
de shleachtaibh Chéin fuair réim dhá chóige.

64 A chomhalta chléibh na saorfhlaithe mórga,
na Laoghaireach bhí ag Éirinn pósta,
is na ndream de cheanntslíocht Eoghain
dar dhual géilleadh an tSléibhe is an Tóchair.

68 Liacht a ghaolta — is céim a gcomhaireamh —
de ghriaintslíocht Éibhir, Néill is Eoghain;
is ná raibh aon de réacsuibh Fódla,
gan a ghaol gan bhéim fá dhó leis.

72 Is an méid de Ghallaibh ba fearga fórsach,
a laochra, a bhflatha, a maithe, a leoghain,
nár ghéill d'achtaibh na Sacsan gan gleochur,
go tréan tar farraige scaipeadh a mórfhuil.

76 Iarla fairsing Chill Dara na gcóisreach,
an t-iarla ón Daingean, an Barrach 's an Róisteach,
an t-iarla ó Thallaibh ba thaca le comhrac,
an t-iarla ón gCathair is flatha Dhún Bóinne.

80 An Cúrsach san choncas ba thóisce,
triath Chille Chainnigh 's an ridire ródhil,
triath na Lice, Mac Muiris, 's a chóngas,
is an triath ó Inis Bó Finne na gceolta.

84 Ábhar uabhair, buartha is brónghoil,
athnuadh loit is oilc gan teora,
méadú dian ar chiach san gcóige,
cíos bhur bhfearann ag Asgill dá chomhaireamh.

88 An dara cás do chráigh an chóige,
Gríofa is Tadhg i bhfeidhm 's i mórtas,
ler díbreadh ár saoithe mórga
as a bhfearannaibh cairte agus córa.

92 Is díthchreach bhur gcoillte ar feochan,
is mailís Thaidhg ag adhaint mar smól dubh,
gan amhras tá a cheann is a thóin leis,
ón ló d'imigh sciath-urra na slóite.

- 96 Tuirse croí don tír tu ar feochadh,
a ghéag de phríomh na míle mórga,
is tu ár ndíon ar ghaoith na bóchna,
ó díbreadh an rí ceart le fórlucht.
- 100 Do bhís-se ceansa d'fhann nó rólag,
do bhís-se teann le teann gan rócheart,
níor thu an santach cam cas mórga,
ach triath do mheabhraigh feabhas gach sómpla.
- 104 Aitchim Dia go dian id chóisir,
an Spioraid Naomh go tréan 's an Mórmhac,
ógha agus apstail is aingil 'na slóitibh,
dod choimhdeacht go ríoghacht na glóire.

An Feartlaoi

- 108 Fén lic seo is dubhach dlúthchurtha an féinics Gaoidheal,
curadh clúmhail, Cú Chulainn, Saesar groí,
bile búidh gnúistsoithimh aerach caoin,
de chuislinn úir Bhrúnaigh 's de phéarla ón Laoi.
- 112 Curadh Mumhan fútsa tá traochta, a líog,
curtha in úir, trúig ghoil go tréan don tír,
ciste oird, údar ba ghéar san dlí,
an buinne cúil cumhra de phréimh na rí.
- 116 A leac is nár go brách do mhioscais-se linn,
fá thlacht an bhrátha d'fhág san singil ár gcinn,
creach is crá na mná sin agat, a líog,
Vail is Seán ó táid féd bhroinnibh 'na luí.

7 _____

Aisling Aogáin Uí Rathaille

- 4 Maidean sul smaoin Títan a chosa do luail
ar mhullach cnoic aírd aoibhinn do lodamair suas,
tarrastar linn scaoth bhruinneal soilbhir suaic —
gasra bhí i Sí Sainbh, solasbhrog thuaidh.
- 8 Fearastar scim dhraíochta nár dhorcha snua
ó Ghaillimh na líog lígheal go Corcaigh na gcuan,
barra gach crainn shíorchuireas toradh agus cnuas,
meas daire ar gach coill, fírmhil ar chlochaibh go buan.
- 12 Lastathar trí coinnle go solas ná luaim
ar mhullach Cnoic Dhoinn Fírinne Conallach Rua,
leanastar linn scaoth na mban gcochall go Tuamhain,
is fachtaimse dhíobh díogras a n-oifige ar cuaird.
- 16 D’fhreagair an bhríd Aoibheall nár dhorcha snua
fachain na dtrí gcoinnle do lasadh ar gach cuan:
‘in ainm an rí dhíograis bheas againn go luath
i gceannas na dtrí ríochta is dá gcosnamh go buan’.
- 20 As m’aisling do shlimbhíogas, do loiteas mo shuan,
is do mheasas gurbh fhíor d’Aoibheall gach sonas dar luaigh;
is amhlaidh do bhíos tinnchreathach doilbhir duairc,
maidean sul smaoin Títan a chosa do luail.

8 _____

Mac an Cheannaí

- 4 Aisling ghéar do dhearcas féin im leaba is mé go lagbhríoch:
ainnir shéimh darbh ainm Éire ag teacht im ghaobhar ar marcaíocht,
a súile glasa, a cúl tiubh casta, a com ba gheal 's a mailí,
dá mhaíomh go raibh ag tíocht 'na gar le díograis, Mac an Cheannaí.
- 8 A beol ba bhinn, a glór ba chaoin, is róshearc linn an cailín,
céile Bhriain dar ghéill an Fhiann, mo léirchreach dhian a haicíd;
fá shúistibh Gall dá brú go teann, mo chúileann tseang 's mo bhean ghaoil,
beidh sí 'na spreas, an ríbhean deas, go bhfillfidh Mac an Cheannaí.
- 12 Na céadta tá i bpéin dá grá le géirshearc shámh dá cneas mhín,
clanna ríthe, maca Mhíle, dragain fhíochta is gaiscígh;
gnúis ná gnaoi ní mhúsclann sí, cé dubhach fá scíos an cailín,
níl faoiseamh seal le tíocht 'na gar go bhfillfidh Mac an Cheannaí.
- 16 A ráite féin, is cráite an scéal, mo lánchreach chlé do lag sinn,
go bhfuil sí gan cheol ag caí na ndeor 's a buíon gan treoir gan maithghníomh,
gan fiach gan feoil, i bpian go mór 'na hiarsma fó gach madaí,
cnaíte lag ag caí na ndearc go bhfillfidh Mac an Cheannaí.
- 20 Adúirt arís an bhúidhbhean mhíonla ó túrnadh ríthe chleacht sí,
Conn is Art ba lonnmhar reacht, ba foghlach glac i ngleacaíocht,
Críomhthainn tréan tar toinn tug géill is Luighdheach mac Céin an fear groí,
go mbeidh sí 'na spreas gan luí le fear go bhfillfidh Mac an Cheannaí.
- 24 Do-bheir súil ó dheas gach lá fá seach ar thráigh na mbarc an cailín,
is súil dheas soir go dlúth tar muir, mo chumha anois a haicíd,
a súile siar ag súil le Dia, tar tonntaibh fiara gainimhe,
cloíte lag, beidh sí gan phreab go bhfillfidh Mac an Cheannaí.
- 28 A bráithre breaca táid tar lear, na táinte shearc an cailín,
níl fleadh le fáil, níl gean ná grá ag neach dá cairdibh, admhaím;
a gruanna fliuch, gan suan gan sult, fá ghruaim is dubh a n-aibíd;
is go mbeidh sí 'na spreas gan luí le fear go bhfillfidh Mac an Cheannaí.

Adúrtsa léi, ar chlos a scéil, i rún gur éag do chleacht sí,
thuas sa Spáinn go bhfuair an bás 's nár thua le cách a ceasnaí;
ar chlos mo ghotha i bhfogas di chorraigh a cruth 's do scread sí,
32 is d'éala an t-anam d'aonphreib aisti — mo léansa an bhean go lagbhríoch.

9 _____

Ar Dhonncha Ó hIcí

Tréig do thalamh dúchais,
 déin ar choiste Londan,
 ag seachain mhóide an angair
 4 do chuir do thír fá bhrón.

Cuir do dhóchas cuimse ann —
 Críost do Thiarna díleas —
 ná tabhair ar bheatha an tsaoil so
 8 an tsóraíocht tá id chomhair.

Fillfidh Dia do dhíbirt
 tar éis gach iompó tíre,
 is leagfaidh sé do naimhde
 12 do chuir tu ód chóir.

IO _____

Tairngreacht Dhoinn Fírinne

- 4 An trua libh na faolchoin an éithigh 's an fhill dhuibh
ag ruagairt na cléire is dá léirchur fá dhaoirse?;
monuarsa go tréithlag mac Shéarlais ba rí againn,
in uaigh curtha 'na aonar 's a shaordhalta ar díbirt.
- 8 Is truaillithe claonmhar 's is tréasan don droing oilc,
cruamhionna bréige fé shéala is fé scríbhinn,
dá mbualadh le béalaibh ár gcléire is ár saoithe,
is nár dhual do chlainn tSéamais coróin tsaor na dtrí ríochta.
- 12 Scaipfidh an ceo so de phóirshleachtaibh Éibhir,
is stadfaidh an toirnech re foirneart na gréine,
an tImpre beidh deorach is Flóndras fá ghéarsmacht,
is an Brícléir go mómhar i seomra rí Séamas.
- 16 Beidh an bíobla sin Liútair 's a dhútheagasc éithigh,
is an bhuíon so tá ciontach ná humhlann don chléir chirt,
dá ndíbirt tar triúchaibh go Newland ó Éirinn —
an Laoiseach 's an Prionsa, beidh cúirt acu is aonach.
- 20 Beidh Éire go súgach 's a dúnta go haerach,
is Gaeilge dá scrúdadh 'na múraibh ag éigsibh,
Béarla na mbúr ndubh go cúthail fá néaltaibh,
is Séamas 'na chúirt ghil ag tabhairt cheana Ghaelaibh.

II _____

Gile na Gile

4 Gile na gile do chonarc ar shlí in uaigneas,
criostal an chriostail a gormroisc rinn-uaine,
binneas an bhinnis a friotal nár chríonghruama,
deirge is finne do fionnadh 'na gríosghruannaibh.

8 Caise na caise i ngach ribe dá buíchuachaibh,
bhaineas an chruinne den rinne le rinnscuabadh,
iorra ba ghlaine ná gloine ar a broinn bhuacaigh,
do gineadh ar ghineamhain dise sa tír uachtraigh.

12 Fios fiosach dom d'inis, is ise go fíor-uaigneach:
fios filleadh don duine don ionad ba rídhualgas,
fios milleadh na droinge chuir eisean ar rinnruagairt,
is fios eile ná cuirfead im loithibh le fíor-uamhan.

16 Leimhe na leimhe dom druidim 'na cruinntuairim,
im chime ag an gcime do snaidhmeadh go fíorchruaidh me,
ar ghoirm Mhic Mhuire dom fhortacht, do bhíog uaimse
is d'imigh an bhruinneal 'na luisne go Bruín Luachra.

20 Rithim le rith mire im rithibh go croílúaimneach,
trí imeallaibh corraigh, trí mhongaibh, trí shlimruaitigh;
don teinnebhrog tigim, ní thuigim cén tslí fuaras,
go hionad na n-ionad do cumadh le draíocht dhruaga.

24 Brisid fá scige go scigeamhail — buíon ghruagach
is foireann de bhruinneallaibh sioscaithe dlaoichuachach,
i ngeimhealaibh geimheal me cuirid gan puinn suaimhnis,
is mo bhruinneall ar broinnibh ag broinnire broinnstuacach.

28 D'iniseas dise, sa bhfriotal dob fhíor uaimse,
nár chuibhe di snaidhmeadh le slibire slimbhuartha,
is an duine ba ghile ar shliocht chine Scoit trí huaire
ag feitheamh ar ise bheith aige mar chaoin-nuachar.

Ar chloistin mo ghutha di, goileann go fíor-uaibhreach,
sileann an fhliche go life as a gríosghruannaibh,
cuireann liom giolla dom chomairc ón mbruín uaithi —
32 sí gile na gile do chonarc ar shlí in uaigneas.

An Ceangal

Mo threighid, mo thubaist, mo thurainn, mo bhrón, mo dhíth!
mo shoilseach mhuirneach mhiochairgheal bheoltais chaoin
ag adharcach fóireann dubh mioscaiseach coirneach buí,
36 is gan leigheas 'na goire go bhfillid na leoin tar toinn.

12 _____

Ar Bhás Mhuirheartaigh Uí Ghríofa

- 4 A bháis do rug Muirheartach uainn,
ródhéanach an uain do chách;
fuadaigh go prap Tadhg don chill,
a dheighilt leis ní cuí go brách.
- 8 Go brách, a ghairbhleac, caigil le dúthracht síos
an fánach fleascaigh ler creachadh go dubhach an chríoch,
i gcás go bpreabfadh a bhachallsan chúghainn aníos,
fáisc go daingean a mhagairle is brúigh a chroí.
- 12 Croí gan atrua gan taise,
eiriceach fuair bás bíogtha,
ní leor ifreann dá phianadh —
Muirheartach iallmhear Ó Gríofa.
- 16 Ó Gríofa ar shruithibh Styx go faonlag fann,
is na mílte bruinneall aige ar thaobh den abhainn,
a smísteach boid fá lic is daol dá scrabhadh,
príomhchoin oilc le nimh dá dhaoradh is deamhain.
- 20 Deamhain ifrinn de ruaig
thug dath an ghuail ar a ghné,
d'iaigh Peadar an doras roimhe
's do chuaigh síos go tigh na ndaor.
- 24 Ó dhaorais sliocht Éibhir dob fhoirfe clú,
is le caomhchumann cléire gur chuiris do chúl,
ó shéanais mac Shéamais le foirm na mionn,
a phéist oilc, ní léan liom in ifreann tú.
- 28 Féd ghoile tá, a ramhairleac, amhas tar Sionainn tháinig,
péist chruinnithe geall na bhfann mbocht mbriste gcráite,
péac choirpe mheall gach seangbhean chuige tharlaigh,
is béal cliste chun meann do thabhairt i gcoinne an phápa.

Maor cuthaigh an cheantair d'fheallscrios cine Chárthach,
is caomhionad an tseabhaic ón Leamhain dá ngoirthear Párthas,
daor-ifreann thall na nGall so chuige tharlaigh —
32 sé troithe go gann de theampall Chille hAirne.

13 _____

Burdúin

(a)

A choisí, beir m'uiríoll go Daingean Uí Chúis:
 go bhfuil Ristín 's a thruipí thar farraige chúghainn,
 go mbeidh Muilín is Deiní is Carraic go dubhach,
 4 ag cur buinní as a n-innibh is fairsinge mhúin.

(b)

Abigil Brún a dúirt ná féadfainnse
 ainm an Phrionsa a thabhairt in aontaibh di:
 cuir ceathair ar dtúis is dúbail aon air sin
 4 is i dteanga na n-údar múinte glaoigh ar luich.

(c)

Deirim is ní cheilim ort, a Rí na ngrás,
 go bhfuil peiribhig is eireaball ar Dhiarmaid Bhán,
 a leite aige go deireanach 's a liach 'na láimh,
 4 is a bhreillephus ar meillechrith ag iarraidh dáin.

(d)

Ní féile ná daonnacht is ainm don abhainn,
 ach meirleach tá ag scéachtaint ó imeall na mbanc,
 anois ó bheir Mac Dé dom féin filleadh anall,
 4 ní léan liom gan bheith ar aonach an leasa san tall.

14 _____

Buachaill Ristird

Mo ghreadadh go cruaidh mé duairc ag druidim le haois,
 gan leastar, gan chruach, gan chuallacht thigeas le cíos,
 gan seasamh san uaisle in uachtar inis Loirc Fhlainn,
 4 is go dtaga dár bhfuascailt buachaill Ristird arís.

Tá an Eaglais ruaigthe ó chuintaibh imill na gcríoch,
 is gach mainistear uaigneach le mórsmacht fhuinnimh an dlí,
 gan caitheamh ar shuairceas duan ag foireann an ghrinn,
 8 is go dtaga dár bhfuascailt buachaill Ristird arís.

Cé fada mé i nguais gan cuan chun comairce dín,
 is mé am stracadh gan trua ag scuaine buile seo an fhill,
 breaba dhá lua gach Luan ag briseadh mo chroí,
 12 is go dtaga dár bhfuascailt buachaill Ristird arís.

Aitchimse an tUan fuair bualadh is briseadh dár dtaoibh
 go bhfeiceadsa an uair le ngluaisid tuilte thar toinn,
 gasra shluaitibh, bua agus bise acu i mbruín,
 16 ag tabhairt dár bhfuascailt buachaill Ristird arís.

Dá mhéid gach scála bán do thagas im shlí
 de bheoir an Mhárta im láimhse, d'uisce nó d'fhíon,
 d'ólfaínn lán i gcás go dtitfinnse thríd
 20 faoi thuairim sláinte pháiste Ristird arís.

15 _____

Caisleán an Tóchair

Do shiúlaigh mise an Mhumhain mhín,
 is ó chúinne an Doire go Dún na Rí,
 mo chumha níor briseadh céir shúgach sinn
 4 go feicsint broig Thaidhg an Dúna.

Do mheasas im aigne is fós im chroí,
 an marbh ba mharbh gur beo do bhí:
 ag carbhas macra, feoil is fíon,
 8 puins dá caitheamh is branda.

Feoil de bhearaibh is éanlaith ón dtóinn,
 ceolta is cantain is craos na dí,
 rósta blasta agus céir gan teimheal,
 12 conairt is gadhair is amhastrach.

Drong ag imeacht is drong ag tíocht
 is drong ag reacaireacht dúinn go binn;
 drong ar shalmaibh úra ag guí,
 16 is ag leá na bhflaitheas go ceansa.

Nó go bhfuaras sanas ó aon den chúirt
 gurb é Warner ceannasach séimh glan subhach
 do bhá san mbaile gheal aosta chlúmhail —
 20 flaith nárbh fhann roimh dheoraí.

Sé Dia do chruthaigh an saoghal slán,
 tug fial in ionad an fhéil fuair bás,
 ag riar ar mhuirear, ar chléir, ar dháimh —
 24 curadh nach falsa mórchróí.

16 _____

Tionól na bhFear Muimhneach

- Ag siúl dom ar bhruíonta na Mumhan mórtimpeall do chuamair
sa ngeimhreadh ghabh thorainn,
do bhí Tuathal Ó Rinn ann, is Guardal Ó Cuinn ann, is sluaite
bhfear Muimhneach 'na bhfochair;
do bhí druadha agus draoithe ann, uaisle agus ísle 'na n-uaine,
a mbuí agus a ngorm,
4 is gan ruainne ar an mbuín sin anuas ach brait síoda ó chluasaibh
a maoile go cosaibh.
- Do bhí Ó Néill ann, Ó Dónaill, Ó Conchúir 's a shlóite, Mac Cárthaigh,
Ó Mórdha is Mac Criothain;
do bhí tiarna Thír Eoghain ann, Ó Briain ceart na Bóirmhe, Mac Catháin,
Mac Códá agus tuilleadh;
trí fichid cóisir, naoi bhfichid seomra, tríochad rí coróineach tar tonna,
8 ach ní raibh rí Seoirse ann, ná aoinne dá phórsan 'nár gcuibhreann,
'nár gcomhair, nó 'nár gcumann.
- Do bhí Brúnach Loch Léin ann is Brúnach na hÉile, an diúic is a
ghaolta-san uile;
bhí an Búrcach 's an Léiseach, Ó Dubhda is an Céitneach 's an Cúrsach
fuair géilleadh i gcúige Uladh;
ó Londain tig smeirle caschrúbach an bhéil dhuibh is sú an tobac bhréin
ar a phlucaibh,
12 chuir spiúnadh ar ár laochra le púdar 's le piléaraibh is cúigear níor
théarnaigh dár bhfoirinn.
- Ó Bhriostó tig ceann cait ag leigheas ar an gcampa, trí hadharca
agus feam air, mar chluinim;
ní raibh feidhm air, gan amhras, gur scinn orthu clamhaire nó cladhaire
gan ceann le rí Philib;
leadhbann sé ceann cait le traidhe agus trí bheann air, leigheas air
ó Fhrancaigh ní rug sin,
16 go síobhraí Chnoic Samhna níor dhíomhaoin dom amhail dul, bíonn
fíonta agus branda acu an iomad.

Tig an pápa is an chléir cheart i láthair an eirligh 'na láimh dheis
bhí céir agus coinneal,
tig bláth ar na géagaibh is d'fháiltigh an spéir ghlan roimh ghrása
Mhic Dé do theacht chugainn;
tig an Fánaí gan aon locht, cé ráitear leis bréaga, 'na lánchumas
caomhghlan dá ionad,
20 báfaidh sé an tréada thug táir agus béim do is ní ráimse ansúd
aon druid 'na choinnibh.

17 _____

Os Leaba a Bháis

4 Cabhair ní ghairfead go gcuirthear me i gcruinnchomhrainn,
dar an leabhar, dá ngairfínn níor ghairde an ní dhomhsa;
ár gcodhnach uile, glac-chumasach shíl Eoghain,
is tollta a chuisle agus d'imigh a bhrí ar feochadh.

8 Do thonchrith m'inchinn, d'imigh mo phríomhdhóchas,
poll im ionathar, biorannaibh trím dhrólainn,
ár bhfonn, ár bhfothain, ár monga is ár mionchóngair
i ngeall re pingin ag foirinn ó chríoch Dóbhair.

12 Do bhodhar an tSionainn, an Life is an Laoi cheolmhar,
abhainn an Bhiorra Dhuibh, Bruice agus Bríd, Bóinne,
com Loch Deirg 'na ruide agus Toinn Tóime,
ó lom an cuireata cluiche ar an rí coróineach.

16 Mo ghlam is minic is silimse sírdheora,
is trom mo thubaist 's is duine me ar míchóthrom,
fonn ní thigeann im ghairde is me ag cáí ar bhóithre
acht foghar na muice nach gontar le saigheadóireacht.

20 Goll na Rinne, na Cille agus chríoch Eoghanacht,
do lom a ghoile le huireaspa ar díth córach;
an seabhac gá bhfuilid sin uile is a gcíosóireacht,
fabhar ní thugann don duine, cé gaol dósan.

24 Fán dtromlot d'imigh ar chine na rí mórga
treabhann óm uiseannaibh uisce go síorghlórach;
is lonnmhar chuirid mo shruithibhse foinseoga
san abhainn do shileas ó Thruipill go caoin-Eochaill.

An Ceangal

28 Stadfadsa feasta: is gar dom éag gan mhoill
ó treascradh dragain Leamhan, Léin is Laoi;
rachad 'na bhfasc le searc na laoch don chill —
na flatha fá raibh mo shean roimh éag do Chríost.

18 _____

Ar Bhás Triúir Clainne Thaidhg Uí Chróinín

Do ghéis an Ráth Mhór, do réabadh a seoil,
do léanadh a séan sin, do phléasc tigh a bróin,
do léirchuireadh ceo nach léir dom an fód
ar a haolbhrog dob fhéile, cás déarach mo sceol;
do béimscriosadh fós le tréantuile mhóir
a gréithe is a séada is a caolach 's a ceol,
do léimrith an smól 'na héadan, do dhóigh
8 a caomhchuilte daora is a saorchoirn óil.

Ciach ghoirt is treighid is pianghoin gan leigheas,
dianchreach san iarthar is fiabhras dubh tinn,
mian ghoil gan meidhir, cliabhthuirse is tadh, m,
laibhlín i gcria chille, Diarmaid is Tadhg;
a Dhia d'fhuiling creill is rianloit an Daill,
dod niamhbhrog leat riarraigh an triar so fá ghreim;
ciall rad go saidhbhir dá bhfiail-athair, gaidhim,
16 go bhféadfadh sé sléachtadh dod Dhiathoil, a radhairc.

Trí phéarla gan teimheal ba séimh-oilte slí,
trí réchoinnil ghréine, trí aonghastá i ngníomh,
trí déasa nár chlaon, níorbh aosmhar in aois,
trí réaltanna i dtréithe is i léanntacht gan phoimp;
trí téada ba bhinn, trí créachta san tír,
trí naomhleibh naofa, tug géirshearc do Chríost,
a dtrí mbéil, a dtrí gcroí, a dtrí saorchoirp fá líg,
24 a dtrí n-éadain ba ghléigeal ag daolaibh is díth.

Trí fíonúir ba chaoín, trí fíorcholúir gan bhaois,
trí príomh-úlla craobh-úr ba ríúil a dtíos,
trí finnstiúir an tí nár chruinndiúltaigh naí,
a dtrí slimchom, a míonghrúa do líon dubhach mo chroí;
trí dhíth liom a ndíth, trí chaí cúis mo chaí,
trí haonbhúidh an naomh-oird, trí chlíchumhra bhí,
gur shlíob chúichi an chill trí ghnaoi mhúinte ghrinn,
32 is a Rí, stiúir dod ríchúirt an dís úd 's an t-aon.

19 _____

An Dea-Fháistine don Tiarna Brúnach

Do scaoileadar draoithe agus fáidhí de rímhfhionnas Phádraig is Bhríd
is naomh-Choluim naoimhchirt na ráite bhí líonta de ghrás an Sprid Naoimh:
rífhlaith ar Chill Chais ó dhearlaig do rí Chille hAirne a iníon,
4 dá gclainn mhac gur dhílis an áit sin go dtíodh scrios is trálacht an tsaoil.

Do réamhbhagair Éisias ar Iúdaibh go mbéarfadh an Cumhachtach soin Dia
ón dtréad soin i ngéibheann an t-údar, an caomhbhreitheamh clúmhail is an lia;
go dtréigfeadh sé éadsin trí dhúireacht a gclaonchroí gan umhlaíocht dá riail,
8 séanadh Mhic Dé dá mb'é a gciontaí le faobharneart go ndúscriosfadh iad.

Is mar sin tug Dia cumas dúinne tar éis bheith i gcúngrach go mór,
tiarna agus ardfhlaith is prionsa agus sciath nirt is úrchlogad óir;
gan ciaradh 'na cháilibh, sé an Brúnach an biatach gan cuntas don tsló —
12 iarraim ar Cheardach na ndúilibh a dtriathshliocht do lonramh 'na ndeoidh.

20 _____

Epithalamium

Táid éisc ar na srúillibh ag léimrigh go lúfar,
 tá an t-éiclips gan fiontar ag imeacht,
 tá Phoebus ag múscailt 's an t-éasca go ciúinghlan
 is éanlaith na cúige go soithimh;
 táid scaoth bheach ag tuirlingt ar ghéagaibh is úrghlas,
 tá féar agus drúcht ar ár mongaibh,
 ós céile don Bhrúnach í réaltann na Mumhan,
 8 is gaol gar don diúic ó Chill Chainnigh.

Tá bíogadh i ngach támhlag is groíchnoic go láidir,
 sa ngeimhreadh thig bláth ar gach bile,
 Cill Chais ó tharlaigh i gcuibhreach go grámhar
 le rí Chille hAirne, ár gcuradh;
 tá an rífhlaith 'na ghardaibh ar íslibh 's ar ardaibh
 's na mílte dá bhfáiltiú le muirn,
 tá an taoide go hámhrach is coill ghlas ag fás ann
 16 is gnaoi ag teacht ar bhántaibh gan milleadh.

Táid cuanta ba ghnáthach faoi bhuanstoirm ghránna
 go suaimhneach ó tharlaigh an snaidhmeadh,
 tá cnuastar ar trá againn nach luascann an sáile,
 sin ruacain is bairneacha is duileasc;
 táid uaisle Chill Airne go suaire ag ól sláintí
 is buanbhith na lánún i gcumann,
 táid suanphoirt na ndánta dá mbualadh ar chláirsigh,
 24 gach suanphort ar áille is ar bhinneas.

Níl éagóir dá lua againn, tá faothó aige truaghaibh
 ón scéal nua so luaitear le drongaibh
 ar phéarla óg mná uaisle — a Dhé, ó tabhair bua dhóibh —
 den chraobh órga is uaisle ó Chill Chainnigh;
 tá claochló ar chruacheist 's an t-aon cóir ag buachan,
 tá gné nua ar ghruannaibh gach nduine,
 tá an spéir mhór ar fuaimint 's an ré fós go suaimhneach
 32 gan caoch-cheo, gan duartan, gan tuile.

Tá scéimh ar gach ruainteacht nach féidir do ruachan
ó Léinloch go bruach Chille Chainnigh,
fán saorfhlaithe dul uainne do théacht as gach cruacheist
36 'na réim cheart gur buan a bheas againn.

21 _____

Ar Bhás Uí Cheallacháin

Scéal goirt do ghéarghoin mo chroí-se is do léirchuir na mílte chun fáin,
céir bheach is péarla na Muimhneach gur saeideadh le hintleacht an bháis,
a saedar, a Saesar, a sinsear, a n-aontlacht 's a n-aoncholg gnáith,
4 a méin uile d'aontoil 's a rí ceart 's a gcaomhchoinneal oíche agus lár.

Saobhdheamhain aeir agus draoithe, ní féidir a mínchosc dá ráig,
tá Thétis fá chaorthonnaibh sínte is a céile dá coimhdeacht ní nár,
Phlégon gan éisteacht is Títan, is tréan-Mhars is craoiseach 'na láimh,
8 Aeton ag léimrigh thar líne agus craobh dhealg-dhraighnigh 'na sháil.

Mo dhéara mar shéala ar an rí-lic, is éadrom mar mhaíomh dhom go brách,
muna dtréigfeadsa saorfhuil mo chlítigh ar chréchuil an taoisigh thar barr,
caorchumas Éireann an tsaoi sin, a préimhdhair dob aírde fé bhláth,
12 a éagdhul thug méise go cloíte is na céadta mar sinn uile ar lár.

Do réabadar spéartha agus tíortha, do thréantsloig an t-íseal an t-ard,
ina chaomhchodladh séimh do bhí Typhon gur léim d'easpa taoide ar an dtráigh,
péiste na mbéal ngorm gcíordhubh gur léigeadar díobh uile snámh,
16 go n-éisteacht na déithe cén rífhlaithe de shaorchlannaibh Mhíle fuair bás.

Do-bheart Clíona ón gcarraig mbán ngruaghil: 'sé seabhac sámh Chluana ghil Mhín,
ceap ríoga Chaisil, ardchuaille, Ó Ceallacháin uasal 's a shíol,
brat díona ar Eallaibh lá an chruatain dá gcasnamh le cruas nirt is claímh,
20 cois Laoi theas marbh tá ar fuaradh, mo chealg bháis chruaidh ghoirt', ar sí.

Do scread Aoibheall chailce fá Dhónall, do threascair a deora ar an dtoinn,
do ghlac bíogadh is fearg bháis Ióbha agus aingil go deorach ag cáí;
an Ghealinse, a chathair bhreá ghlórmhar, tug fearann stáit mór do agus cíos,
24 i measc naomh tá a anam fá mhórchion 's is fearra fá dhó dho ná an saol.

An Feartlaoi

A mharmairleac ghlas fár leagadh cara Chlár Gael,
dá bhfeasradh neach cén flaith so taisceadh fád thaobh,
abair go fras, ná fan ag agall fán scéal,
28 Ó Ceallacháin ceart is mac Uí Cheallacháin é.

22 _____

Vailintín Brún

4 Do leathnaigh an chiach dhiachrach fám sheana-chroí dúr
ar thaisteal na ndiabhal n-iasachta i bhfearann Choinn chúghainn,
scamall ar ghriain iarthair dar cheartas ríocht Mumhan
fá deara dhom triall riamh ort, a Vailintín Brún.

8 Caiseal gan cliar, failteach na marcraí, ar dtúis,
is beanna-bhroig Bhriain ciarthuilte mhadraíbh úisc;
Ealla gan triar triaithe de mhacaibh rí Mumhan
fá deara dhom triall riamh ort, a Vailintín Brún.

12 Dairinis thiar, iarla níl aici 'n chlainn úir,
i Hamburg, mo chiach, iarla na seabhac síoch subhach;
seana-rosc liath ag dianghol fá cheachtar díobh súd
fá deara dhom triall riamh ort, a Vailintín Brún.

16 D'aistrigh fia an fialchruth do chleachtadh sí ar dtúis
ó neadaigh an fiach iasachta i ndaingeanchoill Rúis,
seachnaid iaisc griantsruith is caise caoin ciúin
fá deara dhom triall riamh ort, a Vailintín Brún.

20 Clúmh na n-ealtan mear a shnámhas le gaoith
mar luaitheach dealbh caite ar fhásach fraoigh,
diúltaid ceathra a lucht a thál dá laoigh
ó shiúil Sir Vail i gceart na gCárthach gcaoin.

Nótaí

I _____

Tuireamh ar Shaorbhreathach Mac Cárthaigh (1643–94). Ba mhac é le Donncha an Chúil Mac Cárthaigh (l. 16), bíocunta Mhúscraí, an chéad Chárthach ar bronnadh an teideal iarla Chlainne Cárthaigh (1658) air. Thóg Saorbhreathach páirt shonrach i gCogadh an Dá Rí (1689–91) ar thaobh rí Séamas II in Éirinn agus ina dhiaidh sin bhí sé i gceannas ar an Bhriogáid Éireannach in arm na Fraince. Bhronn Séamas II an teideal ‘Lord Mountcashel’ (l. 10) air is fuair sé bás san Eilbhéis sa bhliain 1694. Féach O’Callaghan (1870: 646), Murphy (1959). Cé nach luaitear aon údar leis an dán sa LS, ceaptar gurb é Ó Rathaille a chum ar an ábhar go bhfaightear dánta eile leis i dteannta an dáin seo sa LS chéanna. Ach faightear ll 13–16 chomh maith i roinnt cóipeanna den tuireamh (*A Shaorbhreathaigh éachtaigh mo bhrón tu*) a chum Diarmaid mac Seáin Bhuí Mac Cárthaigh ar Shaorbhreathach (in eagar: Ó Donnchadha 1916: 14).

Foinse

RIA 23 G 3: 237 (1715). In eagar cheana, de Brún (1969), Ó Buachalla (2004: 46).

Ceannscríbhinn

‘Ar Shaorbhreathach Mhag Carthaigh’.

Meadaracht

1–12 rannaíocht mhór (scaoilte)

13–16 / é -- é -- o -- ú /

4 atáid, tá siad.

11 Laoise atá sa LS.

2 _____

Cur síos éagointeach ar anchás na hÉireann.

Foinsí

RIA 12 F 7: 254 (1750), 23 B 38: 25 (1778), 23 D 8: 280 (1780), 23 C 8: 99 (1833); LN G374: 13 (1822), G819: 320 (1820); MN R69: 177 (1848); UCC T 7: 140 (1884) agus LSS eile. In eagar cheana, O' Daly (1846: 41), AÓR: 2.

Ceannscríbhinní

'Aogán Ó Raithille cct. Mairbhne na hÉireann' (D), 'Marbhna na hÉireann Aodhghan O Rataile cct' (G374), 'Marbhchaoine na hÉirionn Aodhghan Ó Raghallaigh ro chan' (R), 'An fear céadna cct iar mbrise na ccoinghiol do ghallaibh do ro ghealladar a Luimneach 1692' (C), 'Aodhgán Ó Raithille cct 1704' (G 819), 'Aodhgán Ó Raghallaidh 1722' (T 7), 'Aogán Ó Raithile cct' (LSS eile).

Meadaracht

/ a -- é - é - í ó - /

- 4 *a ngéag(a) sa bpréamha* atá sna LSS ach, cé gur *a ngéag* atá i roinnt LSS, is léir nach mbeadh an t-uatha oiriúnach sa chomhthéacs sin. De ghrá na meadarachta (/ é - é - /), cuirim *préamha* (/ é /) ar dtús.
- 5-8 Tróp coiteann i bhfilíocht pholaitiúil na Gaeilge é Éire a shamhlú le bean; i litríocht an 17ú is an 18ú haois is minic í á samhlú le bean mhídháilís nó le meirdreach a thréig a muintir féin.
- 10 Tá gach rí san Eoraip i seilbh a dtailte féin go sona sásta. roinn Eoraip atá sna LSS.
- 12 Níl a céile ceart (an Stíobhartach) aici, ach í pósta le rí eachtrannach (Uilliam Oráiste nó Seoirse I).
- 14 *laochra ríocht Bóirmhe*, na Brianaigh.
- 15 *den Charathfhuil*, de na Cárthaigh. *mhaithibh na nGréag*, de mhaithibh na nGréag, .i. na Gearaltaigh.
- 17-20 Téama coiteann i bhfilíocht pholaitiúil na Gaeilge é gurbh iad a bpeacaí féin a tharraing fearg Dé anuas ar na Gaeil.
- 25-28 Dán sé véarsa (1-24) é an dán i bhformhór mór na LSS, agus cé go bhfaightear an véarsa seo i geann de na cóipeanna luatha (D), níl teacht air ach i roinnt bheag LSS. Féach: 'The piece, however, seems naturally to end with the sixth stanza' (AÓR: 2 n. 1).

3

Dán eiligiach ar thurnamh na gCárthach is ar anstaid an fhile féin.

Foinsí

RIA 23 G 20: 133, 391 (1786–95), 23 G 21: 364 (1796), 12 M 14: 436 (19ú haois); MN LC 2: 202 (1808), M5: 49 (1818); UCC M40: 4 (1824) agus LSS eile. In eagar cheana, AÓR: 26.

Ceannscríbhinní

‘Aogán Ó Rathaille an tan daistrídh go duinneachaibh láimh re Tonn Tóime a cciarúidhe cctt’ (G, LSS eile). ‘Aogan ua Ratuille cct. an tan d’aistrig go duineacha laimh le toime a CCiarruidhe’ (12 M 14), ‘Éagán Ó Raithaile cct, an tan do aistiricc go Toínn Toime a cciaruidhe’ (M 5), ‘An fear ceadna cct an tan d’aistrigh go duimhneacha láimh le Tóime a cciaruidhe’ (LC), ‘Eoghan Ó Raghallaigh cct an tan daistrigh go Dhuibhchinealachaibh láimh re tonn toime’ (M 40).

Meadarach

1–16 / a – – í í – – ua – ou /

17–20 / ou – í – í – é – á /

- 2 B’fhéidir gur cheart *maoin caoire* a thógaint mar aonad .i. saibhreas caorach.
- 4 Níor chleacht mé im óige.
- 5 *an rí dónmhar*, Mac Cárthaigh Mór a raibh áitreabh aige sa Phailís, cúig mhíle laistiar de Chill Airne ar bhruach na Leamhna (an t-áitreabh deireanach a bhí fós i seilbh Mhic Cárthaigh Mhóir san 18ú haois). Féach: ‘The Laune from this point pursues a smooth and rapid course to the seaward ... The tract of country along its banks ... is still called “McCarthy Mor’s country” as containing the ancient residence of the chieftain of that name’ (Windele 1844: 84). Faightear an cuntas seo ar an dúiche i véarsa dí-ainm:

Aoibhinn Leamhain maidin cheoidh,
 aoibhinn teora Locha Léin,
 aoibhinn faichí Dúna Ló
 aoibhinn Achadh Deo le gréin. (MF CF25: 415)

Tugtar cuntas rómánsúil ar an áitreabh féin in ‘A poetical description of Pallis-Hall and Lough Lean addressed to Mac Cárthaigh Mór by Owen McCarthy: *Hail pleasures mansion screened by natures care ...*’ (LN G337 f: iii). Féach freisin an dán a cumadh c.1750 ‘Far to the west, where peace and plenty smile ...’ (KM: 425). Is ag Cormac (†c.1698) agus a mhacsan Raghannall (†c.1730) a bhí an teideal ‘Mac Cárthaigh Mór’ agus Ó Rathaille beo (17: 27 n., 22: 3 n). Ach b’fhéidir gurb é Dónall Mac Cárthaigh Mór (†1597) atá i gceist aige, an duine deireanach

den teideal sin a raibh tiarnas feidhmiúil aige agus a bhí i gceannas na gcríoch ... Sa bhliain 1565, bhronn Eibhlís I an teideal ‘Earl of Clancare and Baron of Valentia’ air. Shéan sé an teideal sin sa bhliain 1569 nuair a thóg sé páirt in éirí amach iarla Deasmhumhan, ach ghéill sé arís is tugadh maithiúnas dó sa bhliain 1584 (*Irish Fiants*: 1702, 5226, 5277). Sa bhliain 1588, scaoil sé uaidh 6,500 acra talún dá chuid (17: 8 n., 17 n.) i ngeall le Sir Valentine Browne (†1589). Bhí ainm na filíochta air is leagtar dánta grá air (O’Rahilly 1926: 38, 63); Domhnall Óg do chardaois mná a thugtar air i ndán eile (Ó Buachalla 2001: 121).

- 6 *ler thrua, ar thrua leo mo ghátar.*
- 8 *tír Dhuibhneach, is é tá sna LSS a ttír dhuímhneach, a ttír dhuínneach, a ttír ttoineach, a ttír dhuinneach, a ttír dhuibhneach. Ní léir gur thuig na scríobhaithe an tagairt; b’fhéidir gur tír dhaoineach atá i gceist, ní logainm coiteann é tír Dhuibhneach.*
- 9 *an Carathach groí, Mac Cárthaigh Mór (cf. Dónall groí 5: 60 n.).
ler fuadh an mheang, a thug fuath don chluain.*
- 10 *Carathach Laoi, Donncha iarla Chlainne Cárthaigh (4) a bhí i bpríosún i dtúr Londan sna blianta 1691–94, 1698–99. Dá réir sin, is dóichí gur uair éigin sna blianta sin a cumadh an dán.*
- 11 *Carathach rí Cinn Toirc, Mac Donnchú Mac Cárthaigh a bhain le Dúiche Ealla, tuaisceart Chorcaí, agus a raibh áitreabh aige i gCeann Toirc. Tháinig deireadh le réimeas an tsleachta seo sa 17ú haois.*
- 14 *na laochra, ar dhual dóibh an dúiche, nach bhfuarthas sprionlaithe.*
- 18 *Is in M40 amháin a fhaightear go cloíte (LS go cloidhte); mo chinn claidhte atá sna LSS eile; níl mo chinnse (FFS: 95) in aon LS.*

4

Caoineadh ar thurnamh na gCárthach — ar Dhonncha Mac Cárthaigh (1668–1734), iarla Chlainne Cárthaigh, go háirithe. B'é Donncha an ceathrú hiarla agus is é a shealbhaigh tailte a mhuintire i Múscraí, co. Chorcaí, tailte a shín ar dhá thaobh na Laoi ó chathair Chorcaí siar isteach i geo. Chiarraí. Uncail leis ab ea Saorbhreathach Mac Cárthaigh (1). Bhí Donncha i gceannas ar arm Shéamais II i gcúige Mumhan, ach gabhadh i gCorcaigh é sa bhliain 1690, coigistíodh a chuid tailte (160,000 acra) is cuireadh go tús Londan é, mar a raibh sé sna blianta 1691–94. D'éirigh leis éalú chun na Fraince, ach ar a fhilleadh sa bhliain 1698, gabhadh arís é is cuireadh ar ais i dtús Londan é. Tugadh pardún agus pinsean saoil dó sa bhliain 1699 ar acht é a dhul thar lear, agus is in Hamburg na Gearmáine (i Hamburg, mo chiach, iarla na seabhac síoch subhhach 22: 10) a chaith sé an chuid eile dá shaol. Féach DNB, O'Callaghan (1870: 642), Ó Buachalla (1996: 202–06).

Foinsí

BL Eg. 158: 26, 110 (1736–39); RIA 23 M 45: 259 (19ú haois), 23 Q 3: 14 (19ú haois). Is in Eg. 158 (26) amháin atá ll 69–72. In eagar cheana, AÓR: 6.

Ceannscríbhinní

'Air Ríocht Threasgartha na h-Eirean Aodhan O'Raghallaigh ró chan' (Q), 'Aodhgan Ó Raithaille cct.' (Eg., M).

Meadaracht

1–64 / x x é – /
 65–68 / a – – é – é – í – ou /
 69–72 / a – ó – a – ó – á – *i /

- 1 an Chárthfhuil, Clann Cárthaigh.
 20 Tír a bhris foireann an Bhéarla.
 31–32 Iarainn a chum ceardaithe Vulcánais chraosaigh.
 33 Tá fuil a croí ag brúchtadh amach ina linnte; *shéideas*, a *shéideann*.
 34 *gadhair Bhriostó*, Sasanaigh. Bhí Bristol, ag an am, ar phríomhbhailte poirt na Breataine agus an-trádáil ar siúl idir é agus an Daingean.
 39 *féachaidh*, *féachaigí*.
 45 *Gríofa is Hedges*, Muircheartach Ó Gríofa (14) is Richard Hedges (†1748). Captaen in arm Uilliam Oráiste ab ea Hedges. Sa bhliain 1703, cheannaigh sé eastát in iarthar Chorcaí a bhain le tailte coigiste iarla Chlainne Cárthaigh, agus sa bhliain 1706 ceapadh é ina 'receiver of rents, etc., in Cos. Cork and Kerry for the Hollow Sword Blade Company' (*Analecta Hibernica* 15, 1944, 95). Ceapadh ina ghiúistís ina dhiaidh sin é, agus is é a bhí i gceannas an gharastúin i gcaisleán Rois i gCill Airne. Is le díocas a d'fhógair sé cath ar thóraithe is roparaithe an cheantair. Bhí dlúthbhaint aige le Ó Gríofa. Féach

- Analecta Hibernica 1, 1930, 6–8; AÓR: 354, KM: 506.
- 46 i leaba an iarla, in áitreabh an iarla, Donncha Mac Cárthaigh.
- 47 Gan éinne ach faolchoin ina gcónaí sa Bhlarna.
- 48 ráth Loirc, ainm fhileata ar Éirinn; cf. ó chlár Loirc Éibhir 5: 84 n., inis Loirc Fhlainn 14: 3.
- 52 Níl na Raghallach, an leagan a mbeifí ag súil leis (gin. iol.), in aon LS, ach na Raighiladh, na Raighladh, Ráighileadh, na Raéghlaigh. Níl chineadh Raighéileann / Raighileann (AÓR: 10) in aon LS ach oiread. Is fiú a thabhairt faoi deara gur foghar / é / atá sa chéad siolla, mar atá i nGaeilge an Tuaiscirt. Féach freisin Raoghallaigh ~ Bhréifne (AÓR: 120 § 42), Gaeulach ~ Raghallaigh (O’Rahilly 1952: 74 § 329–30). Ní miste a mheabhrú gur mheas O’Reilly (1820: 203) gur ó cho. an Chabháin d’athair Aogáin (lch 7, n. 5).
- 56 Ón 16ú haois anuas, thaobhaigh cuid d’uaisle na mBrianach leis an choróin agus d’iompaigh siad ina bProtastúnaigh.
- 68 dalta na hÉireann, Donncha Mac Cárthaigh, iarla Chlainne Cárthaigh.
- 70 i leaba an leoin, in áitreabh an iarla Donncha Mac Cárthaigh.
- 71 aicme ’n chóip ler mhaith mo shord, aicme den chóip; den dream ar mhaith leo mo leithéidse.
táid, tá siad.

5

Dán éagaintach ar an scrios a rinneadh ar an gCaptaen Eoghan mac Cormaic Riabhaigh Mhic Cárthaigh ó Chois Mainge. Thóg Eoghan páirt i gCogadh an Dá Rí ar thaobh Shéamais II. Bhí talamh ar cíos aige ó Sir Nioclás Brún (†1720) i Lios na gCeann, in aice Chill Airne, agus is dóichí gur tar éis coigistiú a chuid tailteasan sa bhliain 1691 a díshealbhaíodh Eoghan. Cé nach bhfuil mionsonraí na heachtra ar fáil, is léir go raibh idir mharú (l. 113) is scrios (ll 101–08) i gceist is gur fágadh Eoghan ina ‘dhíbeartach fhíorlag go traochta’ (l. 115). Ghlac Eoghan is a mhuintir seilbh ar a dtailte i Lios na gCeann arís sa bhliain 1717, is bhí na tailte sin is tailte eile i gCiarraí ina sheilbh nuair a d’éag sé sa bhliain 1738. Tá cóip den uacht a rinne sé i gcló (AÓR: 209).

Foinsí

BL Eg.94: 90 (1817); RIA 23 C 21: 209 (1816), 23 O 73: 299 (19ú haois); IL 8: 184 (1821); HL HM4543: 395 (1827); LN G646: 43 (1828). Is in IL agus HL amháin atá ll 121–36; tá ll 81–135 ar lár in C agus O. In eagar cheana, AÓR: 208.

Ceannscríbhinní

‘Aodhgán ua Raithile cct. 1728. Do Chaptaoin Eóghan mac Cormaic Riabhaice mhic Cárthaigh ag éagcaoine gach éagcóir et gach annfhorlann eachtrainn dár bhain do’ (IL, HL), ‘Aogán Ó Rathaille, dhon Taoiseach Eoghan mhac Cormaic riabhach mhac Carrtha’ (Eg.), ‘Aodhgán Ua Ratailladh cct do Capthaon Eoghan mac Cormac Ríabhach mac Carthadh’ (C), ‘Aogán Ó Rathaille don chionnurradh Eoghan mhic Chormaic Riabhaich Mhic Cairthaigh’ (G, O).

Meadarach

1–248 / x x é – /
 249–60 / *i – – a – a – í é – /
 261–64 / *i – – / *i – – / *i – – *i – – á /

- 2 go n-éagad, go n-éaga mé.
- 5 badh, bád, báthadh, fa atá sna LSS; glacaim le bá ‘submergence, destruction’, ach d’fhéadfadh bá ‘sympathy, support’ a bheith i gceist nó an chopail ba.
- 7 Tugann an líne sin le tuiscint go raibh ceangal dlúth cinnte idir muintir Rathaille agus Eoghan Mac Cárthaigh; b’fhéidir go raibh Ó Rathaille mar thionónta ag Eoghan Mac Cárthaigh (‘it may well be that the poet’s family were living as tenants to Eoghan McCarthy at the time ...’ AÓR: xiii).
- 11 Is tú a laoch chun seasamh leo sa troid.
- 16 Múiris, cé nach bhfuil sé cinnte, do tharlódh gurb é Maurice Hussey atá i gceist anseo agus i ll 95, 96, 103, 144, 169, 236, 256, 259, 264. Is ar thaobh Shéamais II a throid Hussey i gCogadh an Dá Rí, is dhiúltaigh sé Móid an tsÉanta (9 n.) a thabhairt ina choinne. D’fheidhmigh sé chomh maith mar spaire ag an rialtas is rinne iarracht, feadh a shaoil, an dá thaobh a thabhairt leis. Sa bhliain

- 1684 cheannaigh sé Cathair Fhíonáin ó na Cárthaigh. D'éag sé sa bhliain 1714. Féach SKR i: 324, ii: 129, 138; AÓR: xxiv, 354; NAI T6916. Ach b'fhéidir gur duine de mhuintir Morris, plandóirí i gCiarraí, atá i gceist. Bhí Samuel Morris ina ghiúistís i gco. Chiarraí sa chéad cheathrú den 18ú haois; bhí Jaspar Morris ina 'High Sherrif of Kerry' sa bhliain 1718, is bhí léas ar thailte na gCárthach i Maigh gCoinche aige. Féach SKR i: 261, ii 145; KM: 150, RD: 20 / 148 / 10107.
- 30 dfaig(h) atá sna LSS.
- 39 A chas siad (clanna Tuirgéisius? l. 40) ar ais tamall; tagairt, b'fhéidir, don eachtra inar éirigh leis na Lochlannaigh bob a bhualadh ar Cheallachán agus stop a chur leis ar feadh tamaill.
- 40 Brian ler treascradh, Brian a threascair.
- 43 Aodha mhic Coinn, Aodh Ó Néill, ach b'é Conn a sheanathair (Fear Dorcha ab ainm dá athair).
- 55 Séamas, Séamas III.
- 56 Mar a deirtear i leabhar na n-uaisle.
- 59 nár fhill, nár theith ó aon chath.
- 60 is Dhónaill ghroí, Dónall Ó Súilleabháin Mór, is dócha.
- 62 fir Chinn Toirc, Mac Donnchú Mac Cárthaigh, cine a raibh áitreabh acu i gCeann Toirc, co. Chorcaí.
- 63 bráthair Duibh, Ó Donnchú Dubh an Ghleanna.
- 64 Mhíic Fínín, Mac Fínín Dubh Ó Súilleabháin.
- 70 ridire, Mac Gearailt, ridire an Ghleanna.
- 76 seabhaic, duine de na Brianaigh.
- 78 Mac Fínín Mac Cárthaigh.
- 81 Conri finngil laochda atá in E.
- 83 Thaidhg, ní fios cé tá i gceist.
- 84 Thaidhg, ní fios cé tá i gceist; ó chlár Loirc Éibhir, ní móide gurb í Éire (cf. ráth Loirc 4: 48 n., inis Loirc Fhlainn 14: 3 n.) atá i gceist anseo, ach co. Chorcaí nó cúige Mumhan, b'fhéidir.
- 86 Ní fios cé tá i gceist.
- 88 mhíic Séafra, Séafra Ó Donnchú an Ghleanna.
- 90 tiarna Mhúscraí, Donncha an Chúil Mac Cárthaigh.
- 91 tiarna Ghlinn an Chroim, ceann fine na gCárthach a chónaigh i nGleann an Chroim, co. Chorcaí.
- 92 tiarna an Chairn, níl sé soiléir cé tá i gceist.
tiarna Chairbreach, Mac Cárthaigh Riabhach.
- 93 Is trua do thalamh ag dream gan mhaith agus í á roinnt orthu saor in aisce gan aon chúiteamh.
- 96 Éamann, ní fios go cinnte cé tá i gceist. Bhí mac ag Maurice Hussey (l. 16), is deartháir ag Muircheartach Ó Gríofa (14) darbh ainm Edmond. Féach l. 104.
- 97-100 Níl na línte seo an-soiléir. Is dubhach agus is déarach tús mo scéil, tús is fáth le bheith ag déanamh bróin leis; toisc gur briseadh na huaisle, cuirfidh na

- máistrí seo in ár gcoinne: is baol dó.
 100 cuirfid, cuirfidh.
 101 *do-ghní, déanann; do ghnidh, do ghnidhid, do ghníodh* atá sna LSS.
 Seoirse, Seoirse Éigir (l. 256), b'fhéidir. Tháinig muintir Éigir (Eager) go hÉirinn sa 17ú haois is bhain sealúchas amach i gco. Laoise is i gco. Chiarraí. Sa bhliain 1660, lonnaigh Alexander Eager (†c.1696) in aice le Caisleán na Mainge is bhí mac leis siúd, George Eager, ina chonstábla i gCill Airne i dtús an 18ú haois. Féach Eager (1860).
- 105 Na daoine nár éirigh le calaois na meirleach breith orthu.
 106 Mac Craith, ní fios cé tá i gceist.
 108 Is in IL amháin atá *fiús; ffs, fees* atá sna LSS eile, ach éilíonn an mheadarach / ú / . Cíos seasta ar thalamh a chiallaíonn *feū* i gcóras dlí na hAlban ('A perpetual lease at a fixed rent' OED).
- 113 Nár ghéill do bhréaga; níltear cinnte cé hé Seán, ach b'fhéidir gur deartháir le hEoghan é.
- 132 *dream noch ollaimh* atá sa dá LS (IL, HL), ach is le briathra amháin is gnách an mhír choibhneasta *noch* a úsáid (cf. 4: 14). Glacaim le *nach ollaimh* (*dream nach ollúna iad a dheineadh staidéar ar an Ghaeilge*), cé nach bfuil an léamh sin sna LSS. Ní móide gurb í an aidiacht *ullamh* atá i gceist.
- 133 Níl sé soiléir cé tá i gceist anseo. An fad a mhair duine den bhuíon?
 151 *bruach na Lice*, abhainn na Bruice.
 169 *shocraigh sé gach rud de réir a thola féin.*
 175 *an Ghleanna, Gleann Fleisce, is dócha.*
ina labhraid, ina labhrann.
 176 *ar an gCích, an Dá Chích.*
 178 *Séamas, Séamas II; do shaoileadar go bhfillfeadh Séamus* atá in IL, HM; *do shaoileadar go bhfillfeadh arís chugainn Séamus* sna LSS eile.
- 179 *an Leac, bhí leac i dTeamhair, mar a raibh an Lia Fáil, a ghéimeadh ar theacht an rí chóir.*
- 183 *síbhrog Fhéilim, ós rud é gur ar theorainn cho. Luimnigh agus Thiobraid Árann* atá Sliabh Féilim, glacaim leis gur sa cheantar céanna atá an *síbhrog*.
- 186 *áras Gréine, Pailís Ghréine* i gco. Luimnigh, b'fhéidir.
 199 *an bhraighdgheal, is dóichí gurb í an tsíbhean Fíonscoth* (ll 207, 210, 213) atá i gceist sna línte sin trí chéile; ní móide gurb í bean Eoghain atá i gceist (FFS: 180).
- 221 *rí ceart, Séamas II.*
 228 *an réics chirt, Séamas II.*
 233 *Oirfin, dar le Dinneen (AÓR: 228) is Lyne (1977: 23) gurb é Richard Orpen (1652–1716) atá i gceist. Plandóir ab ea é a raibh talamh aige i ndeisceart Chiarraí.*
 235 Ní fios cé hiad na daoine seo, ach b'fhéidir gur bhaineadar le muintir Éigir (l. 101).
 240 An chuid acu a d'iompaigh ina bprotastúnaigh le Liútar.

- 242 Séamas, Séamas II.
 248 Is mó Suí Finn in Éirinn; tá ceann acu in aice le Caisleán Uí Chonaill, co. Luimnigh.
- 250 Sníonn na haibhnte sin isteach sna srutha a thagann amach as loch Léim Toirc.
snaidhmí, snaidhmeann siad.
- 251 *géimid, géimeann siad.*
 257 Tá le tuiscint as an tagairt sin go raibh muintir an fhile ina gcónaí le tamall in Uíbh Laoghaire in iarthar Chorcaí. Is sa cheantar céanna atá an dá logainm Gort Uí Rathaille is Inis Uí Rathaille.
- 260 *tré gcúimlím, tréna gcúimlím.*
 261–62 Leanann tairbhe gach dochar agus cuireann sé an dochar ar ceal; léiríonn an olann, an duille is an bláth fiúntas gach toraidh.
mar thiteas, mar a thiteann; do ritheas, a ritheann.
- 263 *cogadh na rithe, Cogadh an Dá Rí (1689–91) idir Uilliam Oráiste agus Séamas II.*
 264 Bhíodh muileann tucála ag an droichead i Lios na gCeann mar ar chónaigh Eoghan Mac Cárthaigh.

6 _____

Tuireamh ar Sheán Brún (Capt. John Browne †1706) a bhí pósta le Joan Butler (ll 50–52). Ba mhac é le Sir Valentine Browne, an dara bairnéad (†1640), agus Máire Nic Cárthaigh (l. 108), iníon le Cormac Mac Cárthaigh (†1640), tiarna Mhúscraí. B'é Sir Valentine Browne (†1567) ó Crofts, Lincolnshire, Sasana, a bhí ina 'Auditor General of Ireland', an chéad bhall den teaghlach a raibh teagmháil aige le hÉirinn, agus is é a mhacsan, Sir Valentine Browne (†1589), an chéad duine acu a bhain sealúchas amach abhus. Tháinig seisean go hÉirinn sa bhliain 1559, cheap Eibhlís I ina 'Surveyor-General' é agus bhí dlúthbhaint aige le pleanáil is le feidhmiú phlandáil na Mumhan (1586). Bronnadh tailte coigiste Uí Dhonnchú agus Mhic Cárthaigh Mhóir i gceantar Chill Airne air féin agus ar mhac leis (Sir Nicholas Browne †1606) agus lonnagh mac eile leis (Sir Thomas Browne †1640) i gceantar An Ospidéal, co. Luimnigh. Chuimsigh eastát iomlán na mBrúnaich (i gco. Chiarraí, co. Chorcaí agus co. Luimnigh) 120,000 acra. Cé gur Phrotastúnaigh iad na Brúnaigh, ar theacht go hÉirinn dóibh ghlac siad leis an gCaitliceachas agus rinne cleamhnais rathúla le clann mhac is iníon na dtiarnaí dúchais.

Ó thús an 17ú haois amach sheas an teaghlach go diongbhála le rítheaghlach na Stíobhartach. Sa bhliain 1620 dheimhnigh Séamas I seilbh dhliathiúil na mBrúnach ar a dtailte i gco. Chiarraí agus an bhliain dar gcionn bhronn sé an teideal 'bairnéad' ar Sir Valentine Browne (†1633). Baineadh seilbh a dtailte díobh tar éis eirí amach 1641 ach d'athshealbhaigh Séarlas II iad sa bhliain 1660. Bhí Sir Valentine Browne, an tríú bairnéad (†1691), ina choirnéal ar reisimint coisithe in arm Shéamais II in Éirinn, agus sa bhliain 1689 bhronn Séamas II an teideal 'Viscount Kenmare' (Ceann Mara in eastát na mBrúnach i gco. Luimnigh atá i gceist) air. Is dósan a scríobhadh an tuireamh *Mo chiach, mo mhilleadh, mo thubaist, mo mhórchreach* (MN M10: 82). Snaidhmeadh an dá ghéag den sliocht le chéile sa bhliain 1684 nuair a phós Sir Nicholas Browne (an ceathrú bairnéad †1720) ó Chill Airne, Ellen Browne, iníon le Capt. Thomas Browne, ó An tOspidéal. Bhí Sir Nicholas ina MP do Chiarraí sa bhliain 1689 (sa pharlaimint a thionóil Séamas II i mBaile Átha Cliath) agus ina Ardsirriam ar cho. Chorcaí sa bhliain 1690, ach toisc gur ar thaobh Shéamais II a throid sé i gCogadh an Dá Rí (1689–91) coigistíodh an t-eastát iomlán (120,000 acra) sa bhliain 1691, ach ar feadh a shaoilsean amháin. Maidir leis na Brúnaigh trí chéile, féach Smith (1756: 39), KM: 470–75. Chónaigh an Seán Brún áirithe seo in Ardach, co. Luimnigh, is bhí sé ina mhaor ar eastát na mBrúnach sa chontae sin sular díoladh le John Asgill (l. 84) é. In UCG H40: 97, tá dán molta ar Sheán 'geal Brún' (*Fear tréitheach dea-mhéineach sea Seán geal Brún ...*), ach b'fhéidir nach é an Brúnach céanna atá i gceist.

Foinsí

RIA 12 E 22: 82, 141 (1754), 23 N 12: 39 (1763), 23 C 16: 79 (1766), 23 L 24: 255 (1767); ML 3: 296 (1766); IL 8: 51 (1824); HL HM 4543: 294 (1827); UCD F 29: 213 (1832) agus LSS eile. Níl ll 49–96 in E, C, L, ML. In eagar cheana, AÓR: 50.

Ceannscríbhinní

‘Marbhna CSeaghain Brún Aodhgán Ó Raithile cct’ (E, ML), ‘Aogán Ua Raithile cct, Marbhna Cseaghain Brún sean aithair Thíghearna Chinne Mara’¹ (C, L), ‘Aodhgán Ó Raithille cct. 1700’ (N, HL), ‘Aodhgán Ó Raghallaigh.cct. 1726’ (IL), ‘Éagán Ua Raighialladh cct. air bhás chSeáin Brún’ (F agus LSS eile).

Meadarach

1–8 / á – a – a – ó – /
 9–104 / x x ó – /
 105–112 / *i – ú ú – – é – í /
 113–116 / a – á – á – *i – – í /

- 1 tásc *tré sreathaid*, scéal báis tréna sileann súile deora.
 2 fáth *tré bhfeacaid*, fáth tréna bhfeacann.
 3 *cás tré gcreathaid*, *cás tréna gcreathann*.
 4 Vail, Sir Valentine Browne (†1640), an dara bairnéad, mac le Sir Valentine Browne (†1633), an chéad bhairnéad, is Síle Nic Cárthaigh iníon le Cormac Mac Cárthaigh (†1640), tiarna Mhúscraí.
 24 *liannaibh i mbliana atá i bhformhór na LSS*, ach faightear *laghraibh / Laghnaibh ag blaidhrigh chomh maith*. Is deacair brí a bhaint as murab é atá i gceist go raibh gá aige le dochtúirí i mbliana. Ach b’fhéidir gur *liamhain/líomhain* (‘reproach, allegation’) nó *lí/láí* (‘shaft, door-post’) atá i gceist.
 34 ar Phoebus (do) *thit atá sna LSS*.
 39 Faightear *Déagh-*, *Dagh-*, *Dadhga* agus *go dubhach feasach* i ndeoraibh i gcuid de na LSS. Ní fios cá bhfuil Dún Deaghaidh ach is dóichí gur i Sliabh Luachra (a dtugtaí Luachair Deaghaidh air uair) é.
 40 Ní fios cá bhfuil Dún Aonair ach glacaim leis gur i gco. Chiarraí é; féach Dún Gidh, Dún Dágh is Dún Aoinfhir (O’Rahilly 1952: 79 § 431).
 44 ag éileamh gur ó shíol Bhéarra a shíolraigh sé.
 50 Tugtar faoi deara go ndeineann / i / agus / a / amas sa líne seo (*finne ~ agat*). Gné choiteann an t-amas sin i saothar Uí Rathaille. Féach: *Chainnigh ~ ridire* (6: 78), *singil ~ agat* (6: 113–14), *ise ~ aige* (11: 28), *ainm ~ imeall ~ filleadh ~ leasa* (13: 1–4), *thagas ~ d’uisce* (13: 17, 18), *ghairfead ~ ngairinn ~ uile ~ chuisle, gcuirthear ~ ghairde ~ chumasach ~ d’imigh* (17: 1–4), *imeacht ~ soithimh ~ mongaibh ~ Chainnigh* (20: 1–4), *bile ~ gcuradh ~ drongaibh ~ Chainnigh* (20: 5–8). Féach freisin: *dearcaim ~ coileach ~ bailte ~ Aicil* (AÓR: 24 §§ 5–8), *coinfhiadh ~ flaith mar* (AÓR: 42 §§ 5,6), *cneasadh ~ guineadh* (AÓR: 162 §43), *maidean ~ mullach* (7: 1–2), *dorcha ~ lasadh ~ againn ~ gcosnamh* (7: 13–16). Úsáidim an comhartha / * i / chun an t-amas sin (i ~ a ~ o ~ u) a léiriú.

1 Ní fíor sin. Ní raibh aon sliocht ar Sheán Brún.

- 51 *gol na gile*, bean Sheáin lenar pósadh go hóg é, .i. Joan, iníon le Éamann Buitléar, mac le Tomás Buitléar ('Baron Cahir'), a raibh gaol aige le diúc Urmhumhan (l. 52).
- 53 *gol an Bhrúnaigh*, Sir Nicholas Browne (†1720), is dócha. Ar choigistiú a thailte sa bhliain 1691, chuaigh sé thar lear, chaith tamall i Londain, is fuair bás in Ghent. Féach: 'After the reduction of Ireland the Lord and Lady Kenmare repaired to London where they were in extreme want, and Mr. Mortogh Griffin did all he could to relieve and serve them' (KM: 12). Ní fíor gur 'duine de Chárthaigh Mhúscraí ba ea a mháthair' (FFS: 89); Jane Plunket, iníon le Sir Nicholas Plunket (ó Bhaile na Rátha, An Uaimh, co. na Mí) ab ainm do mháthair Sir Nicholas Browne (KM: 470).
- 56 Máible, Máible (Mable) Brún iníon le Sir Valentine Browne (an chéad bhairnéad †1633) agus Síle Nic Cárthaigh, iníon le tiarna Mhúscraí, deirfiúr le máthair Sheáin (l. 108).
- 57 *Gol na ndaoine a d'oil tú id óige.*
- 60 *de shleachtaibh Chéin*, de shleachtaibh na Mumhan; creideadh gur ó Chian a shíolraigh príomhshleachta iarthair Mumhan.
- 73 *iarla Chill Dara*, is ag Gearaltaigh a bhí an teideal sin.
- 74 *an t-iarla ón Daingean*, is mó baile den ainm sin in Éirinn ach más é Daingean Uí Chúis é, is dóichí gurb é iarla Deasmhumhan atá i gceist.
- 75 *an t-iarla ó Thallaibh*, is deacair a rá cén áit atá i gceist. Ceann acu seo, b'fhéidir: Tír na hAille, co. Luimnigh; An tAthla, co. Chiarraí; Dúiche Ealla, co. Chorcaí.
- 76 *an t-iarla ... flatha*, Buitléaraigh.
- 78 *triath Chille Chainnigh*, Buitléarach.
- an ridire*, Mac Gearailt, ridire an Ghleanna.
- 80 *an triath*, Búrcach, is dócha.
- 84 *Asgill*, John Asgill, Sasanach a cheannaigh, sa bhliain 1703, eastát Sir Nicholas Browne (†1720) a coigistíodh sa bhliain 1691. Ach chreach sé is bhochtaigh sé an t-eastát go mór:

The said John Asgill took upon himself to sell the woods upon the said Lord Kenmare's estate to the said Hedges and Griffin for £1,000 ... and he cut down and disposed of all the woods upon the said paternal estate and underlet the whole estate ... (KM: 331)

Bhunaigh sé ceárta iarainn i gCill Airne, bhí sé ina MP do Inis Córthaidh tamall agus ina scríbhneoir. Bhí sé pósta le iníon Sir Nicholas Browne. Féach AÓR: 351, DNB, KM: 495. *Axail(l)* atá sna LSS.

- 86 *Gríofa is Tadhg*, Muircheartach Ó Gríofa (12) is Tadhg Dubh Ó Cróinín (12: 3 n.). Sa bhliain 1706, thug Asgill léasanna ar na tailte sin do Ó Gríofa is Ó Cróinín, is cheap sé Ó Gríofa ina mhaor is Ó Cróinín ina bhailitheoir cíosa ar an eastát. Chuireadarsan, freisin, dála Asgill, an t-eastát ó mhaith. Is laistigh

de reitric thraidisiúnta an anfhlaithis a chuireann Ó Rathaille síos orthu: ‘Acht cheana, ar ngabháil ceannas agus urlámhas Críche Brúnach do Thadhg Dhubh Ó Cróinín agus do Mhuircheartach Ó Gríofa, níor fhan iasc in inbhear ná ar loch, ná bláth ar scairt, ná grán i ndéis ... níor fhan duille ar chraoibh, ná féar ar faiche, ná meas ar dhair. Ciodh trácht, do thréigeadar na ba a laoigh, na héin a ngearrcachaibh, na caoirigh a n-uain, na crántacha a mbainbh agus na láracha a searraigh ar dtíocht don dá diabhal soin i bhforaois na bhfirleón’ (AÓR: 289).

- 87 *ler díbreadh, Gríofa is Tadhg ... a dhíbir ár saoithe mórga.*
 90 *mailís Thaidhg, Tadhg Dubh Ó Cróinín.*
 91 *Tá ag éirí go breá leis.*
 108 *phéarla ón Laoi, Máire Nic Cárthaigh, máthair Sheáin.*
 114 *fá chlais an bhráca atá in N agus LSS eile.*
 116 *táid, tá siad.*

7 _____

Aisling pholaitiúil atá draíochtúil dóchasach ina tús, ach a chríochnaíonn go héadóchasach agus an t-inseoir go doilbhir duairc (l. 19). Is dóichí, mar sin, gur timpeall 1708–09 a cumadh í nuair a bhí ard-dóchas á nochtadh go raibh an Stíobhartach ar a shlí (l. 15). Thriall fórsa sluaíochta ón Fhrainc ar Albain an bhliain sin agus Séamas III i gceannas orthu, ach níor éirigh leo dul i dtír is d’fhill Séamas ar an Fhrainc arís.

Foinsí

RIA A iv 2: 75 (1753), 23 G 20: 144 (1795), 23 C 8: 93 (1833), 23 G 21: 367 (19ú haois); LN G360: 212 (1817) agus LSS eile. In eagar cheana, AÓR: 22.

Ceannscríbhinní

‘Ag so aisling eile do rinnedh don fhear chéadna’ (A), ‘Aisling Aódhgáin Uí Raithile sonn’ (23 G 20), ‘Aisling Aodhgáin Uí Raithile cct.’ (G360 agus LSS eile), ‘Aógán Ó Raithile cct 1700’ (C).

Meadaracht

/ a -- í í -- o -- ua /

- 3 tarrastar, foirm ársa br. (féach Foclóir); féach freisin fearastar (l. 5), lastathar (l. 9), leanastar (l. 11).
linn, an uimhir iol. thar ceann an uatha. Féach freisin l. 11.
- 4 Cé gur Suidhe Sainibh atá in A, Sígh Seanaibh atá sna LSS eile. Cf. i mbriúghin Mhaighe Seanaibh (Sainibh i gcuid de na LSS) i ndán eile de chuid an fhile (AÓR: 104 §49). Is i gco. Ros Comáin in aice le Cruachain atá Maigh Sainbh. Tá barúntacht den ainm Seanaid i gco. Luimnigh, ach is cinnte nach é atá i gceist.
- 7 shíorchuireas, a chuireann de shíor.
- 9 lastathar, is in A amháin a fhaightear an léamh seo; lasaid sin atá sna LSS eile.
- 10 air mullach cnoic Doinn Fírinne atá in A; chnoic aoid fhírinne sna LSS eile.
- 11 leanastar linn, lean mé.
- 15 an rí, Séamas III.
bheas, a bheidh.
- 17 do loiteas ..., is in A amháin a fhaightear an léamh seo; go hachomair suas atá sna LSS eile.

8 _____

Aisling pholaitiúil a thosaíonn go dóchasach (l. 4) agus a chríochnaíonn go héadóchasach (l. 32). Is dóichí, mar sin, go dtagraíonn sí do cheann de na hiarrachtaí a rinne na Seacaibítigh (lucht leanúna an Stíobhartaigh) ionsaí armtha a dhéanamh ar an Bhreatain sna blianta 1708, 1715 agus 1719.

Foinsí

RIA 23 B 38: 237 (1778), 23 D 8: 260 (c.1780), 23 G 21: 366, 489 (1795–1828), 23 C 8: 353 (1833); LN G434 a: 19 (1837); BA 3: 83 (1832–39); UCG B1: 60 (1824) agus LSS eile. Cé gur dán dí-ainm é seo sa LS is luaithe (B), agus go leagtar ar Sheán Clárach Mac Dónaill é i LS luath eile (D), is ar Ó Rathaille a leagtar an dán i bhformhór mór na LSS. Leag O’Daly ar Mhac Dónaill ar dtús é (1844: 12), ach is ar Ó Rathaille a leag sé é ina dhiaidh sin (1866: 24). Lasmuigh de D, is i LSS a shíolraíonn ó O’Daly (1844) amháin a leagtar ar Mhac Dónaill é. Leanaim ord na línte in G; níl ach 6 véarsa (ll 1–8, 13–20, 25–28, 21–24) in B agus cúig véarsa (ll 1–12, 17–20, 29–32) in D. Ní móide aon bhunús a bheith leis an data 1737 a luaitear i roinnt LSS; is fearr a oireann dáta sa chéad cheathrú den aois do chomhthéacs an dáin (féach n. 30). In eagar cheana, O’Daly (1844: 12, 1866: 24), AÓR: 12.

Ceannscríbhinní

‘Air Éire’ (B), ‘Seaghán (Clárach) Mac Dómhnaill cct’ (D), ‘Aodhgán Ó Raithille cct’ (G agus formhór na LSS), ‘Aodhgán Ó Raithille cct 1737’ (C agus LSS eile), ‘Aodhgán Ó Raithille cct san mbliaghain 1700’ (LN).

Meadarach

3A + B, mar shampla

1–2 / a – é – a – é – a – é – a í /
 3 / ú – a – ú – a – ú – a – a í /
 4 / í – a – í – a – í – a – a í /

- 1 aisling faon atá in B, D, G (366).
 4 Mac an Cheannaí, Séamas III; a *díogras* atá in B. Is ag O’Daly (1844: 12) is túisce a fhaightear an teideal ‘Mac an Cheanaighe’ agus is i LSS a shíolraíonn ó O’Daly amháin a fhaightear é. Ghlacas leis mar theideal toisc é bheith bunaithe go maith anois.
 5 linn, liom (iolra thar ceann an uatha).
 6 céile Bhriain, Éire.
 13 do lag sinn, do lagaigh mé (iolra thar ceann an uatha).
 17 Ó scriosadh na ríthe a chleacht sí (ar thug sí grá dóibh).
 25 a bráithre breaca, an chléir; ní dócha go bhfuil ord faoi leith i gceist.
 29 Nuair a chuala a scéal, dúrtsa léi, mar rún, go raibh an té ar thug sí grá dó

marbh. Thabharfadh an léamh *ar chleacht sí* (atá i bhformhór na LSS) le tuiscint go raibh níos mó ná duine amháin i gceist. Sa bhliain 1719, bhí fórsa sluaíochta eile ag ullmhú sa Spáinn chun Albain a ionsaí ach sular fhág an loingear cuan fiú scrios fia-stoirm é agus a raibh ar bord.

30 Ní fios go cinnte cé hé an té a fuair bás ‘thuas sa Spáinn’ (ag glacadh leis gur duine amháin atá i gceist). D’fhéadfadh gur duine den triúr seo é: Ball Dearg Ó Dónaill, a fuair bás sa Spáinn sa bhliain 1704; James FitzJames (Duke of Berwick), a raibh ráfla á scaipeadh go bhfuair sé bás sa Spáinn sa bhliain 1706; an cunta Dónall Ó Mathúna, a fuair bás sa Spáinn sa bhliain 1714 (féach Ó Buachalla 1996: 686 n. 61).

32 d’éala, d’éalaigh.

9 _____

Sa bhliain 1709 achtaíodh go gcaithfeadh daoine a raibh oifig phoiblí acu Móid an tSéanta ('Oath of Abjuration') a thabhairt. Móid í a dhearbhaigh i gcoinne Shéamais III agus a shéan a dhlísteanas.

Foinse

RIA 23 G 3: 236 (1715). In eagar cheana, AÓR: 140.

Ceannscríbhinn

'Ar Dhonochadh Ó Iocídhe ag fágbháil Luimnigh a mídhe Octobur 1709 a dul go Sagsona ag teitheadh roimhe mhóidibh abpribasion'. Tá 'Aogán O Rathile' scríofa i lámh eile ag deireadh an dáin.

Meadaracht

3A + B

1-4 / — ú - / — ú - / — ú - / — ó /

5-8, 9-12 / — í - / — í - / — í - / — ó /

2 triall ar pharlaimint Londan (?).

3 Móid an tSéanta atá i gceist. I dtuarascáil a cuireadh chun na Róimhe sa bhliain 1709 dúradh: 'some of the principal Irish Catholics have gone to England to avoid the initial severity' (*Collectanea Hibernica* 4, 1961, 128).

5-6 coimseach ann. / *Criosd* atá sa LS; ó sháraíonn coimseach ann patrún na meadarachta (/ í - /), cuirim cuimse ina ionad.

9-10 Cuirfidh Dia do dhíbirt ar ceal tar éis duit filleadh ó gach turas (?).

IO _____

Tairngreacht pholaitiúil a chuireann an file i mbéal an charachtair Donn Fírinne, pearsa mhíochasach a bhain le Cnoc Fírinne, co. Luimnigh.

Foinsí

RIA 23 G 3: 236 (1715), 23 M 11: 197 (1833); BL Eg.133: 64 (1720), Eg.158: 127 (1739); LN G 82: 214 (1745); BA 3: 350 (19ú haois) agus LSS eile. I roinnt LSS, tagann 17–20 roimh 13–16. In eagar cheana, Hardiman (1831 ii: 46), AÓR: 166.

Ceannscríbhinní

‘ar chloinn tseamuis 7c’ (23 G 3), ‘Taraguireacht Donn Fírinne’ (Eg. 158), ‘Tarnгаireacht Dhoinn Fhírinigh. Éagán O’Raghallaigh ró chan’ (M), ‘Aogán Ó Rathaille’ (BA agus LSS eile).

Meadaracht

1–8 / ua -- / é -- / é -- / í -- /
 9–10 / a -- / ó -- / ó -- / é -- /
 11–12 / í -- / ó -- / ó -- / é -- /
 13–16 / í -- / ú -- / ú -- / é -- /
 17–20 / é -- / ú -- / ú -- / é -- /

- 3 mac Shéarlais, Séamas II (†1701), mac le Séarlas I (†1649);
 ba rí againn, a bhí mar rí againn.
- 4 a shaordhalta, Séamas III (†1766). Ní i measc a mhuintire féin i Londain a cuireadh Séamas II, ach i reilig i bParis.
- 6 Tagairt do Mhóid an tSéanta (9).
- 8 na dtrí ríochta, Alba, Éire agus Sasana.
- 11 An tImpre, Séarlas VI, a bhí páirteach i gCogadh Chomharbacht na Spáinne (1701–14) i gcoinne na Spáinne is na Fraince.
- 12 Brícléir, Séamas III. Chuir a naimhde i leith Shéamais II, go mailíseach, nárbh eisean, ach brícléir éigin, ab athair do Shéamas III. Féach: ‘brícléir .i. an Prionnsa Séamus. Mac don dara Séamus bhí iomráidhte ’na mhac tabhartha ag an mbrícléir’ (RIA 23 M 11: 196, 236). Féach freisin Ó Buachalla (1996: 278–79, 686 n. 55).
- 15 Newland, Méiriceá (An Talamh Úr/Nua).
- 20 cheana Ghaelaibh, do Ghaelaibh .i. cion á thabhairt aige do Ghaelaibh.

II _____

Sa bhliain 1714, thairg parlaimint Londan an choróin don Ghearmánach Seoirse I (†1727), ball de rítheaghlach Hanover. Is ag an am sin, ní foláir, a cumadh an aisling bharócach seo.

Foinsí

BL Add.29614: 61 (1725), Add.31877: 107 (1755); LN G31: 171 (1729), G114: 143 (1740), G 819: 104 (1820); MN M95: 27 (1754), R69: 169 (1848); RIA A iv 2: 74 (1751), 23 L 24: 557 (1766), 23 M 16: 209 (1767); TCD H. 6. 21: 151 (1774); VU Ir 1: 41 (1778) agus LSS eile. In eagar cheana, O'Daly (1846: 40, 1849: 23), AÓR: 18.

Ceannscríbhinní

'Aodhagán Ó Raithille' (LN G31), 'Aodhagán Ua Rathaile cc' (LN G114 agus LSS eile), 'Aodhagan O Rathaile cct .i. Aisling do rinneadh dho' (RIA A iv 2 agus LSS eile), 'Aogán Ua Raithille cct air ghile na gile .i. Éire' (RIA 23 L 24 agus LSS eile), 'Aogán Ua Raithille ct. ar Eirinn' (RIA 23 M 16), 'Tóirigheacht na Síghe Mhná. Aogán Ó Raithille ro chan' (MN R69), 'Éagan Ó Rathail.cct. 1726. D'Éire anuair do chonaic sé í an aisling a bhfuirm mná' (LN G 819).

Meadarach

1-32 / * i -- * i -- * i -- í ua - /
33-36 / oi - * i -- * i -- ó - í /

- 1 do chonaic, do chonaic mé.
6 A bhaineann an drúcht den fhéar le scuabadh géar. Maidir leis an líne seo, féach O'Rahilly (1950) agus Ó Buachalla (2003).
7 Glacaim leis gurb é an focal *iorra* (= *earra*) atá i gceist agus toisc an comhthéacs (*gloine ar a broinn*) gur seoid nó ornáid ('an ornament' AÓR: 19) a bhrí; a *huradh* atá i roinnt de na LSS luatha.
8 A cumadh nuair a saolaíodh ise sna harda.
10 *duine*, Séamas III.
11 *eisean*, Séamas III.
15 Nuair a ghlaos ar Mhac Mhuire cabhrú liom, do bhog an spéirbhean uaim.
19 Ní thuigim cén tslí ar tháinig mé.
20 Go háitreabh den scoth a thóg draíocht na ndrúa.
21 *brisid*, briseann siad; thosaigh an bhuíon ag magadh go magúil.
23 *me cuirid*, cuireann siad mé.
25 *d'iniseas dise*, d'inis mé di.
26 *slibire slimbhuartha*, Seoirse I.
27 Séamas III an té ab áille faoi thrí i measc na nGael (mar Shéamas III agus mar rí ar na trí ríochta).
ar shliocht chine Scoit, na Gaeil.

- 30 Sileann sruth deor go líofa as a gruanna dearga; go lífe atá sna LSS. Cé go bhfuil tagairt d'abhainn na Life i ndánta eile (4: 50, 17: 9), ní móide go n-oirfeadh sé do chomhthéacs geografúil an dáin seo.
- 35 *adharcach*, Seoirse I. Creideadh coitianta gur chocól é Seoirse I, is b'í an adharc siombal an chocóil. Féach, mar shampla, *a chocóil na hadhairce* (AÓR: 296), *cuirim adharca air 'I cuckold him'* (FGB 1 s.v. *adharc*).
- 36 *go bhfillid*, *go bhfilleann*.

I2 _____

Aoir fhíochmhar ar Mhuircheartach Ó Gríofa, ‘rógaire Gaelach gallda’. Sa bhliain 1703, cheannaigh John Asgill (6: 84) eastát Sir Nioclás Brún (a coigistíodh sa bhliain 1691) agus sa bhliain 1706 cheap sé Ó Gríofa mar mhaor ar an eastát. Fuair Ó Gríofa léasanna freisin ar thalamh an Chapt. Eoghan Mac Cárthaigh (5) i Lios na gCeann agus ar thailte i nDún Ciaráin a bhain le Ó Súilleabhain Mór is le Donncha iarla Chlainne Cárthaigh (RD: 5 / 207 / 1573). Le co. an Chláir (l. 25) a bhain Ó Gríofa ó bhunús is cé gur Chaitlicigh iad a mhuintir, d’iompaigh seisear ina Phrotastúnach (l. 22) is thug Móid an tSéanta (l. 23). Fuair sé bás obann sa bhliain 1718 (l. 10). Bhí droch-cháil ar Ó Gríofa toisc a olcas a chaith sé le tionóntaithe is toisc an chreach a rinne sé ar choillte an eastáit (4: 45 n., 6: 86 n.). Féach KM: 505, AÓR: 354.

Foinsí

LN G1310: 6 (1754); RIA 23 M 16: 218 (1767–76), 23 K 51: 19 (18ú haois), 23 B 37: 53 (1818–22); UCC M40: 5 (1824); UCD C14: 22 (1838); MN M10: 54 (19ú haois). I roinnt LSS (LN, M, K, mar shampla), tagann ll 25–32 roimh ll 1–24. In eagar cheana, AÓR: 96.

Ceannscríbhinní

‘Aodhagán O Raithile cct air bhás Mhuircheartaigh Í Ghríofadh róguire gaodhlach gallda et mílteoir ban a ccontae Chiaruig’ (LN), ‘Marbhna Mhuireataigh Ui Ghríobhtha’ (UCC), ‘Aodhagán Ó Rathghaile cct. ar bhás Mhuircheartaigh Ui Ghríobhtha’ (LSS eile).

Meadarach

1–4 rannaíocht mhór (scaoilte)
 5–8 / á – a – – a – – ú – í /
 9–12 rannaíocht bheag (scaoilte)
 13–16 / í – *i – *i – é – ou /
 17–20 rannaíocht mhór (scaoilte)
 21–24 / é – – é – – i – – ú /
 25–32 / é – – – ou – ou – i – á – /
 conachlann idir gach véarsa (go brách 4 ~ go brách 5, etc.).

- 3 Tadhg, Tadhg Dubh Ó Cróinín, a bhí ina bhailitheoir cíosa ag Asgill (6: 84 n.). Thabhaigh sé an droch-cháil chéanna is a rinne a chomráda Ó Gríofa, agus is air a chum Ó Rathaille an aoir phróis ‘Eachtra Thaidhg Dhuibh Uí Chróinín’ (AÓR: 287).
- 4 Ní cóir, go deo, Tadhg a scarúint ó Ó Gríofa.
- 6 *ler creachadh*, a chreach.
- 20 *tigh na ndaor*, ifreann.

- 23 Ó shéan tú mac Shéamais (Séamas III) le móid. De réir acht parlaiminte (1709),
chaith daoine a raibh oifig phoiblí acu Móid an tSéanta ('Oath of Abjuration') a
thabhairt .i. móid a dhearbhaigh nárbh é an Stíobhartach an rí ceart (féach 9).
25 tar Soininn is mó atá sna LSS.
30 dá ngoirthear, ar a nglaoitear. Is é Ó Súilleabháin Mór an té atá i gceist sa líne
seo. Bhí dhá phríomhionad ag Ó Súilleabháin Mór: Dún Ló, cois Leamhna is
Dún Ciaráin a dtugtaí Párthas air. Féach Ó Buachalla (2001).
31 Ifreann damanta na nGall a thit chuige ar an taobh eile — sé troithe cúnga de
reilig Chill Airne.

13 _____

Leagtar cuid mhaith véarsaí aonair ar Ó Rathaille, agus ar fhilí eile, sna LSS. Is dóichí gurb é a chum na cinn seo.

(a)

Foinsí

MN M12: 276 (1818); RIA 23 C 8: 47 (1833), 23 E 16: 281 (1804–08); HL HM4543: 81 (1827); UCC T80: 18 (1895). In eagar cheana, AÓR: 285, FFS: 184.

Ceannscríbhinní

‘Eódhagán Ó Raithille cct’ (M), ‘Aogán Ó Raithille cct’ (C), ‘duine éigin eile cct’ (E); ní luaitear aon údar in HM, T.

Meadaracht

/ i í – i í – a – – ú /

- 2 Ristín, Séamas III. Foirm cheana de *Risteard* is ea Ristín; bhí Richard ar cheann de na hainmneacha rúnda a thugadh a lucht tacaíochta ar Shéamas III. Féach Ó Buachalla (1996: 344–51).
- 3 Teaghlaigh iad Mullins, Denny is Carrique a tháinig anall ó Shasana sa 16ú/17ú haois is a lonnaigh i gco. Chiarraí. Muilín, tháinig muintir Mullins go Chiarraí sa bhliain 1666 is lonnaigh cuid acu ag Baile an Ghóilín, lasmuigh den Daingean. D’athraíodar a sloinne go de Moleyns ina dhiaidh sin is bronnadh an teideal ‘Lord Ventry’ ar shinsear an teaghlaigh. Giúistís ab ea William Mullins (1691–1736). Deíní. Sa bhliain 1587, bronnadh 6,000 acra de thailte iarla Deasmhumhan ar Sir Edward Denny (1547–99) i dtuaisceart Chiarraí. Is iad a shliochtsan a thóg is a shealbhaigh Trá Lí. Bhí an Coirnéal Edward Denny ina MP do Chiarraí sna blianta 1703 agus 1713 agus ina ghiúistís. Carraic, bhí giúistís den sloinneadh sin (Carrique) in iarthar Chiarraí sa chéad cheathrú den 18ú haois.

(b)

Foinse

RIA 23 D 8: 281 (1780).

Ceannscríbhinn

‘Rann Aogáin don Ríghé Séamus .i. se aonta agus mus’.

Meadaracht

/ a -- ú - ú - é -- /

- 2 an Phrionsa, Séamas III.
 3 .i. $4 + (1 \times 2) = 6$ (sé).
 4 mus an Laidin ar luch; sé + mus = Séamas.

(c)

Foinse

RIA 24 P 49a: III (19ú haois).

Ceannscríbhinn

‘The following is a verse that was composed by Aogán Ó Rathaille, it happened that he was one day travelling and was overtaken by a thunder storm on the evening of the Sunday which compelled him to take refuge in the next house he met with. The man of the house happened to be eating stirabout, and asked him his name and where he was from. Aogán replied and told his name. “Oh”, replied the man of the house, “I understand you can compose verses, and if you compose a verse for me I’ll leave some of this in the bottom of the dish for you. The man of the house’s name was Darby Ryan, commonly called Diarmuid Bán, and lived near Sliabh Luachra, Co. Kerry”.’

Meadaracht

/ e --- e --- í - á /

(d)

Foinse

UCD F16: 297 (1886).

Ceannscríbhinn

‘Aedhagán Ó Rathaille cct.’

Meadaracht

1-2 / é -- é -- *i -- ou /

3-4 / é é *i -- ou /

1 fēile, b'fhéidir gurb í abhainn na Féile atá i gceist.

3-4 Ó thug Dia slán anall mé, tá áthas orm nach thall ar fhaiche an leasa (mar a bhfuil an abhainn ag sceitheadh) atáim.

I4 _____

Dán Seacaibíteach a nochtann duairceas an fhile, ach fós a dhóchas go bhfillfeadh an Stíobhartach.

Foinse

RIA 23 G 3: 237 (1715). Cé nach luaitear aon údar leis an dán sa LS, ceaptar gurb é Ó Rathaille a chum ar an ábhar go bhfaightear dánta eile leis i dteannta an dáin seo sa LS chéanna. In eagar cheana, FFS: 185, Ó Buachalla (2004: 48).

Ceannscríbhinn

‘buachail ruistín Ris anso’.

Meadaracht

1–16 / a – – ua – ua – *i – – í /

17–20 / x – á – á – *i – – í /

- 2 *thigeas*, a thagann; *do thigeas* atá sa LS.
- 3 inis Loirc Fhlainn, ainm fhileata ar Éirinn; cf. ráth Loirc 4: 48, ó chlár Loirc Éibhir 5: 84 n.
- 4 *buachaill* Ristird, Séamus III. Bhí Richard ar cheann de na hainmneacha rúnda a thugadh a lucht tacaíochta ar Shéamas III (féach freisin Ristín 13a: 2). Tá imeartas focal i gceist idir an dobhriathar *arís* (< *do rís*) agus an sloinneadh ‘de Rís’. Féach Ó Buachalla (1996: 344, 351).
dár, cé gur *dár* atá sa LS sa líne seo, *dhár* atá in 8, 12, 16.
- 7 Ní cheannaíonn an uaisle (foireann an ghrinn) dánta (suairceas duan) a thuilleadh.
- 14–15 *go bhfeiceadsa*, go bhfeice mé; *le ngluaisid* le a ngluaiseann;
gasra shluaitibh, *gasra de shluaitibh*.
Go bhfeice mé an t-am a ngluaisfidh an fharraige (tuilte) *gasra de shluaitibh* thar toinn.
- 17 *do thagas*, a thagann; b’fhéidir gurbh fhearr *do thigeas* (cf. l. 2) a léamh, ach féach thuas 6: 50 n.
- 19 D’ólfainn a lán sa tslí go dtitfinnse dá bharr.

15 _____

Turas dar thug an file ar chaisleán an Tóchair mheas sé, ar fheabhas na fáilte a cuireadh roimhe, go raibh an sean-únaeir, Tadhg an Dúna, fós beo. File ab ea Tadhg an Dúna Mac Cárthaigh (c.1642–96) a raibh cáil na féile ar a mhuintir roimhe (Mac Cárthaigh na Féile a thugtaí orthu) agus air féin. Bhí áitreabh le sinsireacht acu i gcaisleán an Tóchair i nGleann an Chroim in iardheisceart cho. Chorcaí. Scríobh file anaithnid i dtaobh an cheantair:

Is í mo dhúiche Gleann an Chroim,
 dúiche nár shéan Críost ná a chléir;
 dúiche fhial do thuill gach clú
 ba ríoga rún is ba rómhaith réim. (RIA 23 N 32: 13, 23 G 27: 8)

Toisc Tadhg a bheith páirteach ar thaobh Shéamais II i gCogadh an Dá Rí (1689–91), coigistíodh a chuid tailte is cheannaigh Sir Richard Cox (1650–1733) ó Dhroichead na Bandan, co. Chorcaí, iad. Bhí seisear ina ‘Lord Chancellor of Ireland’ sa bhliain 1703. Tháinig an cuntas seo ar Thadhg anuas:

Ní Tadhg an Dúna d’ainm,
 ach Tadhg gan dún, gan daingean,
 Tadhg gan bó gan capall,
 i mbotháinín íseal deataigh,
 Tadhg gan bean gan leanbh. (MM: 137)

Scríobh Dónall na Tuile Mac Cárthaigh tuireamh air: *Ábhar tuirse, bróin is baoghail* (RIA 23 N 15: 129).

Foinsí

RIA 23 N 11: 133 (18ú haois), MN M6: 156 (1818). In eagar cheana, AÓR: 38.

Ceannscríbhinní

‘Aodhgán Ó Raithille a ccaisleán an tóchair cctt.’ (N), ‘Aodhagán Ó Raithille cctt.’ (M).

Meadaracht

3A + B

1–3 / ú – i – – ú – í /
 4 / — ú – /
 5–7 / a – – a – – ó – í /
 8 / — ou – /
 9–11 / ó – a – – é – í /
 12 / — ou – /

13-15	/ ú - a - - - ú - í /
16	/ — ou - /
17-19	/ á - a - - - é - ú /
20	/ — ó í /
21-23	/ ia - *i - - - é - á /
24	/ — ó í /

- 2 Is mó Doire in iarthar Mumhan (Dúiche Ealla, Múscraí, Cairbre i gco. Chorcaí; Lios Tuathail i gco. Chiarraí, mar shampla) ach, b'fhéidir, gurb é Doire i gco. Luimnigh atá i gceist anseo. Ós rud é gur léir ón gcomhthéacs (*ó ... go*) go bhfuil fad maith tíre i gceist agus go bhfuil an Mhumhain luaite cheana féin, is dóichí nach sa chúige sin atá an dara logainm a luaitear. Is mó Dún na Rí/Dún an Rí in Éirinn (co. Thír Eoghain, co. na Gaillimhe, co. Mhuineacháin, co. an Chabháin, mar shampla) ach glacaim leis, cé nach bhfuil sin cinnte, gurb é an baile fearainn den ainm sin lastoir de Bhaile Locha Riabhach atá i gceist. B'fhéidir, gan amhras, gurb é an baile aitheantúil Dún an Rí (Kingscourt), co. an Chabháin atá i gceist.
- 3 sinn = mé (iolra thar ceann an uatha); cé go raibh mé súgach.
- 7 *aig caramhas, agcaramhas* atá sna LSS; is deacair a rá cé acu *ag carbhas* nó *gcarbhas* atá i gceist.
- 15 Drong ag guí le sailm nó ag guí as leabhar na salm (?).
- 16 *leágam* atá sna LSS; *léamh*, b'fhéidir, is ceart.
- 17 Ní oireann bhfuaras do phatrún na meadarachta (*/ á - /*).
- 18 Warner, an t-únaeir nua ar chaisleán an Tóchair. Ní fios go cinnte cé tá i gceist, ach bhí muintir Warner lonnaithe i gceantar Dhroichead na Bandan roimh 1700.
- 19 *do bhá, do bhí*.

I6 _____

Aisling eile a thagraíonn, dá fhantaisí í, do ghníomhaíocht thubaisteach mhíleata éigin (l. 12) ach, ar a shon sin, a chríochnaíonn le fáistine dhóchasach (l.20). Chuir Eoghan Ó Comhraí síos air mar ‘A Jacobite poem ... having reference to some political movement in which several of the Irish and Anglo-Norman chiefs are called upon to take part’ (RIA RR 67 E 7: 389), ach is deacair tagairtí uile an dáin a thuiscint ná a shuíomh. Thabharfadh an tagairt don *diúic* (l. 9) agus do *rí Philib* (l. 14) le tuiscint gurb í iarracht na bliana 1719 atá i gceist. An bhliain sin, d’eagraigh Séamas Buitléar, *diúc Urmhumhan*, le cabhair rí na Spáinne, loingeas le hionsaí a dhéanamh ar an Bhreatain. Chabhraigh an Fhrainc (l. 15) leis an Bhreatain an t-ionsaí a chloí.

Foinsí

RIA 23 A 18: 53 (19ú haois), 23 E 12: 185 (1846), 23 H 30: 127 (19ú haois); IL 7: 91 (1835); MN C45: 3 (1811); JH 2: 396 (1850) agus LSS eile. In eagar cheana, O’Daly (1846: 43), AÓR: 110.

Ceannscríbhinní

‘Aodhgan Ó Raithille, cecinit’ (A is LSS eile), ‘Tional na bh-fear Muimhneach, Eoghan Ó Raghailliche cct’ (E), ‘The Gathering of the Munster Men by Owen O Reilly, a Munster poet of great distinction, and who lived about 1725’ (H), ‘Aodhagán Ó Raithile, cct’ (M), ‘Tionól bhFear Mumhan Aodhgan Ua Rathaille’ (IL).

Meadarach

3 A + B

1-4 / ua -- í -- ua -- í -- ua -- í -- o - /
 5-6 / ó -- ó -- ó -- i - /
 7-8 / í -- ó -- í -- ó -- í -- ó -- *i - /
 9-12 / ú -- é -- ú -- é -- ú -- é -- *i - /
 13-15 / oi -- ou -- oi -- ou -- oi -- ou -- *i - /
 16 / í -- ou -- í -- ou -- í -- ou -- *i - /
 17-20 / á -- é -- á -- é -- á -- é -- *i - /

9 Bhí dhá ghéag den teaghlach ann: Brúnaigh Chiarraí a raibh áitreabh acu i Mucros, in aice Loch Léin, agus Brúnaigh Luimnigh a raibh áitreabh acu i gceantar An Ospidéal, co. Luimnigh (6 n.). Féach Brúnach Tuirc is Brúnach Éile (O’Rahilly 1952: 77 § 393).

an diúic, Séamas Buitléar (1665–1745), an dara *diúc Urmhumhan*, is dócha (is a ghaolta ó Chill Chainnigh atá in JH). Is é a bhí i gceannas ar an bhfórsa sluaíochta a tiomsaíodh sa Spáinn sa bhliain 1719 chun ionsaí a dhéanamh ar an Bhreatain.

- 11 tig, tagann; *smeirle*, tá an nóta seo in M: ‘William Duke of Cumberland who defeated Prince Charles at Culloden 1746’.
- 13 tig, tagann; *ceann cait*, Seoirse I, is dócha. Luaití *adharc* agus *feam* go drochmheastúil leis sa phropaganda Seacaibíteach. Féach thuas 11: 35 n. agus Ó Buachalla (1996: 295–96, 687 n. 3).
Ní thagann Bhriostó le patrún na meadarachta (~ *leigheas* ~ *hadharca*).
- 14 rí Philip, Pilib V (1685–1740), rí na Spáinne, a bhí báúil le cúis na Stíobhartach agus a chabhraigh le hiarracht na bliana 1719.
- 16 Níor thuras in aisce dom leithéidse turas a thabhairt ar shíofraí Chnoic Samhna.
- 17 tig, tagann.
- 19 an Fánaí, Séamas III; *cé ráítear leis bréaga*, cé go scaiptear bréaga ina thaobh (tagairt, is dócha, do na ráflaí mailíseacha a dúirt nárbh é Séamas III mac dlíis a athar; féach 10: 12).
- 20 ní raghainnse ansúd aon troigh ’na choinne atá i roinnt LSS.

17 _____

Seánra coiteann go leor i bhfilíocht an 18ú haois é ‘an dán deiridh’ ach, gan amhras, ní gá glacadh leis go litriúil gur ar leaba a bháis a chum an file é. Is neamhghéilliúla agus is éifeachtaí mar ráiteas é má ghlactar leis gur dán luath dá chuid é. Éagaoineadh maorga eile ar thurnamh na gCárthach é an dán, ach dá chumasáí é mar reitric mhothaitheach ardaigeanta, tá deacrachtaí áirithe ag baint leis toisc nach bhfuil cuid de na tagairtí príomha (*ár gcodhnach* l. 3, Goll l. 17, *an seabhac* l. 19) soiléir.

Foinsí

BL Eg.150: 226 (1774); RIA 23 M 16: 219 (1767–76), 24 C 56: 89 (1775); MN C25a: 27 (1773); PÓR I: 41 (1775); MF PB9: 39 (1775); UCC T12b: 17 (1778); UCD C14: 86 (1838) agus LSS eile. In eagar cheana, AÓR: 114.

Ceannscríbhinní

‘Aodhgán Ó Rathaille cct. os leaba a bháis ag sgríobhadh gus a charaid iar ndul a néadóchas do a ccúisibh áirighthe’ (Eg., C, MN, PÓR, T agus LSS eile), ‘Aodhgán Ó Rathaille air leaba a bháis ...’ (MF), ‘An fear céanna cct’ (M), ‘Aogán Ó Rathghaille cct’ (UCD).

Meadarach

1–24 / ou – *i – – *i – – í ó – /
25–28 / a – – a – a – é – í /

- 1 ní ghairfead, ní ghairfidh mé; ghairfíod atá i bhformhór na LSS; ghuirfead in M agus C14. Féach thuas 6: 50 n.
- 2 ngairfínn atá i bhformhór na LSS; nguirínn M, ngairínn MN C93, ngoirínn UCD. an leabhar, an Bíobla. Fiú amháin dá nglaofainn ar chabhair, níor ghaire dhom í dá bharrsan.
an ní, cabhair.
- 3 *ár gcodhnach*. Dá mb’fhéidir linn an té seo a ainmniú bheadh suíomh stairiúil an dáin níos soiléire. Is cinnte go bhféadfaí a thuiscint as an nath *ar feochadh* (féach *Foclóir*) go bhfuil an té sin marbh, agus d’fhéadfaí é sin a thuiscint chomh maith as is tollta agus d’imigh a bhrí (l. 4) ach, gan amhras, níor ghá gur marbh atá sé ach é a bheith gan bhrí, gan neart, gan ghradam. B’*é* Cormac Mac Cárthaigh Mór (†c.1698) an t-aon duine amháin den teideal sin a fuair bás le linn Uí Rathaille, ach is beag eolas atá againn air (l. 27 n.). Ós rud é gur aiste stairiúil é an dán (ll 8, 12, 21, 26), is dóichí gurb é Dónall Mac Cárthaigh Mór (†1597) atá i gceist aige — an duine deireanach den teideal sin a raibh tiarnas feidhmiúil aige (3: 5 n). Ach *glac-chumasaigh ... a gcuisle ... a mbrí* atá in M agus C14, léamha a thugann le tuiscint gurb iad na Cárthaigh trí chéile atá a gcaoineadh. Fós, is duine amháin cinnte atá i gceist i l. 17.
- 8 Sa bhliain 1588, rinne Dónall Mac Cárthaigh Mór morgáistiú ar chuid mhaith

(c.6,500 acra) dá thailte le Sir Valentine Browne (†1589) ar bheagán airgid (l. 17 n.). Is cinnte gurb iad na Brúnaigh an fhoireann ‘ó chríoch Dóbhair’ (.i. ó Shasana, b’as Lincolnshire do na Brúnaigh), agus is dóichí gurb é an morgáistiú sin atá i gceist le i ngeall re pingin, ach rinne Ragnall Mac Cárthaigh Mór (†c.1730) freisin morgáistiú ar ghabháltais iomadúla dá chuid feadh a shaoil (22: 3 n.).

12 Tagairt do Chath na Bóinne (1690) inar bhain Uilliam Oráiste (an cuireata) bua ar Shéamas II (an rí coróineach).

16 fofghar na muice. Tagairt don ghlór a thagann ón eas i dTorc lasmuigh de Chill Airne, is dóichí; muc nach féidir a mharú le saighead é an t-eas. Ní móide gurb é a bhás féin atá á thuar ag an bhfile anseo (FFS: 120, 197 n. 66). Luann Croker (1978: 97) scéal béaloideasa i dtaobh toirc a chónaigh ag an eas, ach ní heol dom aon leagan eile den scéal.

17 Ní furasta a chinntiú cé hé Goll na ... An líomataíste talún atá i gceist, b’é Mac Cárthaigh Mór a bhí mar thiarna air le sinsireacht go dtí go bhfuair na Brúnaigh seilbh air ag deireadh an 16ú haois:

Conveyence whereby the Right Hon. Donald, Earl of Clancarre, granted and conveyed to Sir Valentine Browne and Nicholas Browne the manors and lordships of Cosmaigne, Onaught O’Donoghue ... in the counties of Desmond, Kerry, and Cork ... and also the towns and lands of Naffoyry, Rosindievan, and Chommoelam, within the country called Cosmaigne ... To hold for ever, subject to redemption on payment of £421 1s. 2 d., and £141 13s. 3d. (Morrin 1862 ii: 170)

Sa bhliain 1620, dheimhnigh Séamas I (KM: 353) seilbh dhlithiúil na mBrúnach ar na tailte sin ach coigistíodh ag deireadh an 17ú haois iad (toisc gur ar thaobh Shéamais II a throid na Brúnaigh i gCogadh an Dá Rí) agus díoladh le John Asgill iad sa bhliain 1703 (6: 84 n.). Bhí seisean pósta le iníon Sir Nioclás Brún, ach ní móide gurb eisean Goll. Tugann meanma an dáin le tuiscint gur Cárthaigh atá i gceist tríd síos (ll 3, 17, 21, 26) agus is eol dúinn gur chuaigh Sir Nioclás thar lear ag deireadh an 17ú haois (6: 53 n.). Ní mór an Capt. Eoghan Mac Cárthaigh (5) a chur san áireamh, ach ní raibh, chomh fada agus is eol dom, críoch Eoghanacht ina sheilbh riamh agus d’éirigh leis a thailte a athshealbhú sular éag sé (AÓR: 209).

19 an seabhac. Níl sé cinnte cé tá i gceist. Buafhocal molta é, de ghnáth, seabhac i bhfilíocht Uí Rathaille (féach Foclóir), ach is léir nach moladh atá i gceist anseo. Is é John Asgill (6: 84 n.) a bhí ina thiarna talún ar na tailte sin (ar leis na Cárthaigh ó cheart iad) idir 1703 agus 1716, agus sa bhliain 1720 shealbhaigh Sir Vailintín Brún (1694–1736) iad. Seans maith gurb eisean atá i gceist (22). gá bhfuilid, ag a bhfuil siad (.i. na tailte sin) uile.

20 don duine. Más é Sir Vailintín Brún an seabhac (l. 19), is dóichí ar fad gurb é

Raghnall Mac Cárthaigh Mór (22: 3 n.) an duine; bhí *gaol* eatarthu sa mhéid gur de Chárthaigh Mhúscraí iad sin-seanmháthair agus sinsin-seanmháthair Vailintín (6: n., 4 n.). Ní fhéadfadh gurb iad Sir Nioclás Brún agus Sir Vailintín Brún an bheirt atá i gceist (FFS: 120 n. 20): ní raibh *cíosóireacht* ar na tailte sin ag Vailintín go dtí go bhfuair a athair Nioclás bás sa bhliain 1720.

21 *cine na rí mórga*, na Cárthaigh.

23 *chuirid*, a chuireann.

24 Abhainn Mhór na Mumhan a éiríonn i dTruipill agus a théann i bhfarraige in Eochail.

do shileas, a shileann.

26 *dragáin Leamhan, Léin is Laoi*, na Cárthaigh.

27 *le searc*, is deacair a rá cé acu duine áirithe amháin atá i gceist ('with the beloved of the heroes') nó an é go rachaidh sé ina measc *le searc* ('with love for the heroes'). Más duine áirithe atá i gceist, is é Cormac Mac Cárthaigh Mór (†c.1698) an t-aon duine amháin den teideal sin a fuair bás le linn Uí Rathaille (3: 5 n.). Bhí sé ina Choirnéal in arm Shéamais II in Éirinn agus ina ghobharnóir ar Charraig Fhearghusa sa bhliain 1690, ach is beag lua atá air ina dhiaidh sin. Cé gur thóg sé páirt shonrach i gCogadh an Dá Rí (1689–91) ar thaobh Shéamais II, níor cogaistíodh a thailte a raibh fós na mílte acra iontu (KM: 150–53). Is é a mhacsan, Raghnall (†c.1730), a shealbhaigh an t-eastát agus an teideal 'Mac Cárthaigh Mór' — teideal a bhí air ó 1703 ar a dhéanaí (KM: 145). Ní fíor (FFS: 118) gur ar bhás Raghnaill a chum Ó Rathaille an dán seo: d'éag Ó Rathaille roimh Raghnall (Ó Buachalla 2004: 16).

28 *fá raibh*, faoina raibh; na taoisigh a bhí os cionn mo shinsir.

18 _____

Tuireamh ar thriúr clainne de mhuintir Chróinín. Níl sé soiléir cén teaghlach atá i gceist agus níl na LSS ar aon fhocal ina thaobh. Glacaim le ceannscríbhinn M, ach ní móide gurb é an Taidhg Ó Cróinín é a bhfuil cur síos air in ‘Eachtra Thaidhg Dhuibh Uí Chróinín’ (AÓR: 287, 6: 86 n.).

Foinsí

RIA 12 E 22: 133 (1754), 23 M 16: 217 (1767–76), 24 L 14: 230 (1779); BL Eg.160: 159 (1781); MN C62: 238 (1790), C13: 29 (1807) agus LSS eile. In eagar cheana, AÓR: 46.

Ceannscríbhinní

‘Aodhgán Ó Raithille cc.’ (E agus LSS eile), ‘Aodgan ua Raitile cc ar bhás triuir clainne Taidhg Uí Chróinín’ (M), ‘Aodhgán Ó Rathuille cct air bhás trír chloinne Phátraig Uí Chróinín’ (C13 agus LSS eile).

Meadaracht

2 A + B + A

1–8	/ é--ó / é--ó / é--é / é--ó /
9–16	/ ia--ai / ia--ai / ia--ia / ia--ai /
17–24	/ é--í / é--í / é--é / é--í /
25–32	/ íú--í / íú--í / íú--íú / íú--í /

19 _____

Dán fáistiniúil gairdeachais ar an gleamhnas a rinneadh sa bhliain 1720 idir Honóra Buitléar, iníon leis an gcoirnéal Tomás Buitléar ó Chill Chais, agus Sir Vailintín Brún, mac le Sir Nioclás Brún ó Chill Airne. Coigistíodh eastát Sir Nioclás sa bhliain 1691, ach ar feadh a shaoilsean amháin, is bhí an t-eastát le sealbhú ag a mhac, Vailintín, ar bhás a athar (6 n.).

Foinse

RIA 23 D 8: 255 (c.1780). In eagar cheana, AÓR: 232, Breatnach (1993: 133).

Ceannscríbhinn

‘Aogán ua Raithile cct an déagh-fháisdin don Tighearna Brúnach chilláirne, agus do choirnéul Buitléar chille-Caise, air na ndhéanadh cleamhnuis re chéile; go mbeidhach síor-sheilbh a bhfearantuis ag á sliocht’.

Meadaracht

1-4 / í--í--á--í--á--í /
 5-8 / é--é--ú--é--ú--ia /
 9-12 / ia--á--ú--ia--ú--ó /

- 1 do réimh-fhionnas atá sa LS. Cé go bhfuil brí na líne soiléir (do nocht draoithe agus fáidhe an fháistine a rinne Pádraig, Bríd is Colum Cille), ní furasta foirm na LS a mhíniú. Thabharfadh an deireadh —as le tuiscint go mb’fhéidir gur foirm bhr. é, ach is léir gur ainmfhocal atá i gceist toisc an séimhiú ar Pádraig is Bríd. B’é réiteach an Duinnínigh (AÓR: 232) réimhfhionnadh (< réamh + fionnadh a. br. < fionn) a léamh toisc gur léir gur ‘tairngreacht’ is brí don fhocal (féach fionnadh 5: 196, 262). Mhol Ní Dhroighneáin (1983: 144) réimhfhionnacht ar an tuiscint gur *f̄* (an nod do *cht*) b’fhéidir, a bhí sa bhunchóip, ach ní heol dom an focal *fionnacht* a bheith ann (ach féach *fionnachtain*). Gósthfocal is ea *réimeannas*, an coigeartú a rinne Breatnach (1993: 133). Is fiú a mheabhú nach é (ach *í*) a theastaíonn sa chéad síolla de réir na meadarachta (~ *líonta de ~ rí Chille ~ dtíodh scríos is*). Ar an ábhar sin, ceapaim gur fearr cloí le foirm na LS is réimhfhionnas a léamh cé nach léir cén dara heilimint atá sa chomhfhocal. B’fhéidir gur iomas ‘intuition’ (FGB *s.v.*) < *imbas* ‘inspiration, foreknowledge’ (DIL *s.v.*) a bhí sa bhunchóip.
- 3-4 Ó bhronn an Buitléarach a iníon ar an mBrúnach, gur ag a gclann mhac a bheidh seilbh na háite go deo.
- 5 Éisias, Iseáia atá i gceist; Ésaías atá sa LS.
- 7 Go dtréigfeadh Dia iad de bharr olcas a gclaoine nár umhlaigh siad dá riail.
- 8 Dá mbeidis ciontach i séanadh Dé, go scríosfadh sé go hiomlán iad le neart cláimh.

- 9 Níl tús na líne seo slán ó thaobh na meadarachta de, ach is deacair leasú sásúil a mholadh.
- 12 Iarraim ar an gCruthaitheoir a sliocht uasal a bhuanú ina ndiaidh.

20 _____

Dán pósta a cumadh nuair a phós Sir Valentine Browne (1694–1736) ó Chill Airne Honóra Buitléar (†1730) ó Chill Chais. Pósadh iad i mí na Samhna 1720, an bhliain ar shealbhaigh an Brúnach idir theideal (‘Viscount Kenmare’) is eastát a athar, Sir Nicholas Browne (†1720).

Foinsí

RIA 23 D 8: 279 (c.1780), 23 E 12: 246 (19ú haois). Síolraíonn na cóipeanna eile ó eagrán O’Daly (1849: 90): RIA 24 L 12: 353 (1856); LN G 658: 107 (1854); UCC 135: 85 (19ú haois). Is é ord na línte sna LSS 1–8, 9–12, 25–28, 13–16, 17–24, 29–36 ach tá athordú déanta agam orthu ar bhonn na meadarachta. Níl ll 33–36 in O’Daly (1849: 90). In eagar cheana, O’Daly (1849: 90), AÓR: 172.

Ceannscríbhinní

‘Aogán Ó Raithile cecinit, an epítalamium — i ’ccil áirne don Tighearna Brúnach Chinn-Mara; air n phosadh ré hInghean choirnéil Buitléar chille caise’ (D), ‘Epítalamium do an Tíghearna Brúnach Chinn-mara air na phósadh le h-Inghean Choirneil Buiteir Chill-caise. Eogan O Raghailighe cct.’ (E), ‘Aodhgean Úa Rathaille cct. air Réaltan Chill Chainnich’ (L), ‘Realtan Chill-Chainnich. Aodhagan Ua Rathaille cct’ (G, UCC).

Meadaracht

3A + B

1–8 / é--ú--é--ú--é--ú--*i- /
 9–16 / í--á--í--á--í--á--*i- /
 17–24 / ua--á--ua--á--ua--á--*i- /
 25–32 / é ó-ua--é ó-ua--é ó-ua--*i- /
 33–36 / é--ua--é--ua--é--ua--*i- /

- 1 táid, tá.
 8 Ba gharneacht í Honóra Buitléar le Séamas Buitléar (1610–88), diúc Urmhumhan, a bhí ina fhear ionaid ag Séarlas II in Éirinn idir 1661–69 agus 1677–84. Is i gCill Chainnigh a chónaigh sé.
 10 thíg, tagann.
 12 Sir Vailintín Brún.
 13 Tá sé ina gharda ar thailte ísle is arda (féach 21: 13) nó, b’fhéidir, ina gharda ar dhaoine, idir uasal is íseal (féach 16: 3).
 14 Is fáilte á cur go grámhar roimh na mílte; dá fháiltiú atá in E.
 16 ar dhantaidhe / ar dhántaibh atá sna LSS, ach is fearr, is dóigh liom, a oireann ar bhántaibh.
 18 Ó tharla an pósadh.
 26 luaitear le drongaibh, a luann daoine.

- 27 *O Dhé dhil tabhair buadh dhóibh atá sna LSS.*
- 29 *Tagraíonn an claochló ar chruacheist, is dócha, don tuiscint go raibh an deacracht ina raibh na Brúnaigh go dtí seo thart agus go raibh Vailintín Brún (an t-aon cóir), agus é ag teacht i seilbh a eastáit, ag buachan ar a naimhde (cf. l. 35). Ní móide gur tagairt do Shéamas III é.*
- 33 *ruainteacht atá sna LSS, ach níl aon sampla eile den fhocal agam; glacaim leis gurb ionann é agus ruaiteach.*
- 35 *Faoin tiarna uasal a d'imigh uainn a theacht ar ais slán.*
dul, ag dul; dul atá in D agus in O'Daly, b'fhéidir gur a dhul atá i gceist; faoin'n saorfhlath d'fhuil uaislibh atá in E.
- 36 *a bheas, a bheidh.*

21 _____

Tuireamh ar Dhónall Ó Ceallacháin (†1724), mac le Donncha Óg Ó Ceallacháin (†1698). I bPobal Uí Cheallacháin, i nDúiche Ealla, i dtuaisceart Chorcaí a chónaigh muintir Cheallacháin le sinsireacht, agus is i gCluain Mhín (l. 17) a bhí an príomháltreabh acu. Toisc seanathair Dhónaill a bheith páirteach in éirí amach 1641, aistríodh an teaghlach go co. an Chláir. Ach bronnadh roinnt bheag dá dtailte ar ais orthu sa bhliain 1660 agus d'fhill cuid den teaghlach ar Chluain Mhín. Sa bhliain 1724, d'ainmnigh Melchior Lavallin, a chónaigh i mBaile na mBuailteoirí lasmuigh de chathair Chorcaí, a fhear gaoil, Dónall Ó Ceallacháin, mar sheiceadóir ar a eastát. Is ag comhlíonadh dhualgaisí an tseiceadóra a bhí Dónall nuair a fuair sé bás i gCorcaigh sa bhliain sin. Chum Ó Rathaille tuireamh eile ar Ó Ceallacháin (*Saighead-ghoin nimhe trí inchinn Fódla AÓR*: 70) is chum Seán Ó Murchú na Ráithíneach tuireamh (*Duirceas go héagaibh, 's i nduantaibh níl réiteach*) air freisin (Ó Donnchadha 1954: 73).

Foinsí

RIA 23 M 16: 210 (1767), 23 G 20: 294 (1792–95); LN G230: 64 (1821); IL 8: 92 (1824); UCD F 1: 525 (1897) agus LSS eile. Tá ll 13–16 ar lár in IL agus is é ord na línte in LN 1, 11, 2, 12, 9–10, 3–8, 13–28. In eagar cheana, AÓR: 92.

Ceannscríbhinní

‘An fear céadna ct. ar bhás Uí Cheallacháin the following is only the conclusion to the elegy’¹ (M), ‘Aogán Ua Raithile do Ceallacháin cc’ (G), ‘Aogán Ó Rathaille cct. air bhás Dhomhnaid Uí Cheallacháin’ (LN agus LSS eile), ‘An file ceadna cct. D’Ó Ceallacháin. Toireimh’ (IL), ‘Tuireamh Uí Cheallacháin Aedhagán Ó Rathuille cct’ (F).

Meadarach

1–16 / é--é--í--é--í--á /

17–20 / a í - a - á ua -- a -- ua -- í /

21–24 / a í - a - á ó -- a -- ó -- í /

25–28 / a -- a - a - a - á é /

2 péarla ... ar réab gliceas an bháis é.

10 is bocht an maíomh dom é mura ndoirtfidh mé fuil mo chroí ar an gcré.
muna dtréigfeadsa, mura dtréigfidh mé.

12 mar sinn, mar mé (iolra thar ceann an uatha).

15 d'éirigh na péisteanna uile as an snámh.

1 In Add. agus i LS eile (LN G206: 67) is mar ceangal leis an tuireamh eile a chum Ó Rathaille ar an bhfear céanna (AÓR: 70) a fhaightear an dán seo.

- 17 *gurb é seabhac is mó atá sna LSS ach is fearr, dar liom (ó thaobh na meadarachta is comhréire), a oireann sé.*
- 20 *cois Laoi, / a í / a éilíonn an mheadaracht. Is i gCorcaigh a fuair Dónall bás agus cuireadh i gCill Chré é.*
- 23 *I ngealinse i gcathair ... atá i gcuid de na LSS. Glacaim leis gurb é neamh atá i gceist.*

22 _____

Aoir ar Sir Valentine Browne (1694–1736), an té a shealbhaigh eastát na mBrúnach ar bhás a athar, Sir Nioclás Brún, sa bhliain 1720. Cé gur i Sasana a rugadh is a tógadh Vailintín, thugadh sé turasanna rialta ar an eastát le linn a óige. Chuimsigh an t-eastát 120, 000 acra i dt trí chontae (co. Luimnigh, co. Chorcaí, co. Chiarraí). Bhí fiacha troma is drochbhail ar an eastát nuair a shealbhaigh Vailintín é, ach thug seisean chun sochair is chun rathúnais arís é. Is deacair a rá cathain a scríobhadh an dán. Is cinnte gur i ndiaidh 1720 (19, 20) é agus is léir go raibh Ó Rathaille fós ag scríobh dánta do theaghlach an Bhrúnaigh sa bhliain 1727 (thuas lch 7). Más ina dhiaidh sin a scríobhadh an aoir seo, tharlódh gurb é an dán deireanach dá chuid é. Tugann na dánta 19, 20, 22 le tuiscint go raibh idir mholadh agus cháineadh tuillte ag an mBrúnach. De réir dáin a tógadh síos ó bhéal a dtugtar ‘Moladh agus Cáineadh Bhailintín Brún’ air, bhí, cinnte, dhá thaobh is dhá dhearcadh air: ‘An Fileadh Dá Mholadh: Tá béithe go déarach ó Chaiseal aoibh Mumhan ... An Leas-Mhic Dá Cháineadh: Is baoth leamh in Éirinn ’s is marbhaighe cúis ...’ (UCG H44: 42, UCC T87: 150).

Foinsí

RIA 23 N 15: 35 (1740), 23 G 20: 183 (1792–95), 23 G 21: 363 (1795–1828), 23 C 8: 96 (1833); MN M10: 251 (19ú haois), M12: 86 (1818). In eagar cheana, AÓR: 30.

Ceannscríbhinní

‘An fear céadna cct iair ndul dho le dán go nuige Sir Valentine Browne, 7 mur nach fuair uaidh acht éara, eiteach 7 lándiúlta, do ro chúm an déantús beag so láithreach mur leanas’ (C), ‘Aodhgán O Raithile cctt.’ (N, G, M 12), ‘Eoghan Ó Raithille cct.’ (M 10).

Meadaracht

1–16 / a – – ia ia – – a – í ú /

17–24 / ú – a – a – á – í /

2 ar thaisteal, níl an fhoirm sin in aon LS; ag taisdiol atá in N agus M10, iar thaisteal sna LSS eile.

iasachdach atá sna LSS, ach sáraíonn sin patrún na meadarachta (/ ia – – /).

3 Smál nó anró éigin a bheith ar ghriain an iarthair (Mac Cárthaigh Mór) — an té ar dó is dual ríocht Mumhan. Is ag Ragnall Mac Cárthaigh (†c.1730) a bhí an teideal sin ag an am. Chum Seán Rua Ó Síocháin véarsa air ‘an tan do pósadh é le Máire Inghean Chormaic Bhaile Aodha’:

Is abhar maímh don tseabhac ghroí de scoth na Blarnan,
is teannghníomh gan leamhas d’insin d’fhearaibh Fáil sin,
an tseangmhín ó leabharshnaidhmeadh d’ainm Rághnaill,
is le seandlí gur banríon í ar Chaiseal ard-Choirc.

(RIA 23 N 32: 24, 23 G 20: 299)

- Ach níor dhuine róthíosach é Raghnaill, is toisc ganntanas airgid a bheith air feadh a shaoil scaoil sé uaidh breis agus fiche gabháltas dá chuid le muintir Herbert, Egar, Clarke, Falvey, Morris is teaghlaigh eile idir 1711 agus 1727 (KM: 7–8, RD 9/345/3794–54/298/35827). Faightear an cuntas seo air sa bhliain 1729: ‘A Milesian prince of a drunken and extravagant character, commonly called Mac Carthy More’ (SKR ii: 182). B’fhéidir go raibh bunús éigin leis an gcuntas: *scáth cliste dáimhe is fear cosnaimh don chúig / noch fhágghas gach tábhairne go follamh ’na shiúl a thugtar air i ndán a chum Tomás Ó Súilleabháin (Céad fáilte roimh Rághnall mac Cormaic chughainn, RIA 23 C 26b: 32). Ar bhás Raghnaill, scríobh Eoghan Ó Súilleabháin ó Cheapach na Coise tuireamh air (Atá smúit san spéir is fraoch is fearg nimhneach AÓR: 188, Ó Buachalla 2004: 15) agus is é mac Raghnaill, Fínín, a shealbhaigh idir eastát is theideal, teideal a bhí air ó 1732 ar a dhéanaí (RD 82/96/57143). B’eisean an duine deireanach den teaghlach ar scríobhadh dánta Gaeilge dó. Phós Fínín duine de mhuintir Herbert, agus is tríd an gcleamhnas sin a shealbhaigh an sliocht sin a raibh fágtha de thailte oidhreachtúla Mhic Cárthaigh Mhóir (MM: 91).*
- 5 ar dtúis, tosaím le Caiseal. De réir an tseanchais, is le Caiseal Mumhan a bhain na Cárthaigh i dtús báire.
- 6 Áitreabh Bhriain (Bóraithe) i gCeann Cora, co. an Chláir nó, b’fhéidir, tailte Bhriain in Urmhumhain.
ciarthuile mhadraíbh, ciarthuile de mhadraíbh; glacaim le úsc, ach dar le Dinneen (AÓR: 30) gur madraí uisce atá i gceist.
- 7 Dúiche Ealla, i dtuaisceart Chorcaí, gan éinne den trí theaghlach ríoga a rialaíodh ann: Mac Amhlaoibh, Ó Ceallacháin, Ó Caoimh. Chaill na teaghlaigh sin a dtailte san 17ú haois. Féach ‘Ó Caoimh ... ar phobal Uí Cheallacháin agus ar Chlainn Amhlaoibh, óir is beag nár fhágas fear inste scéala insna trí tuaithibh sin ach stoic agus caoirigh gallda’ (AÓR: 292); *Mac Donnchadha ... ’s na trí mic rí do bhí fé sin (O’Rahilly 1952: 77 § 405). triar, in N amháin; trian (= tréan) sna LSS eile.*
- 9 *Dairinis, oileán Dairbhre; ba le Mac Cárthaigh Mór an t-oileán sa 16ú haois is bronnadh an teideal ‘The Earl of Clancare and Viscount of Valentia’ ar Dhónall Mac Cárthaigh Mór sa bhliain 1565 (3: 5 n.). Iarla níl aici, níl Mac Cárthaigh Mór i seilbh an oileáin a thuilleadh. ’n chlainn úir, den chlainn úir .i. de na Cárthaigh.*
- 10 Donncha Mac Cárthaigh, iarla Chlainne Cárthaigh, a lonnigh i Hamburg sa bhliain 1699, agus a fuair bás ann sa bhliain 1734 (4 n.).
- 13–20 Tagann Il 13–16 roimh Il 9–12 sna LSS ach, dar liom, gur fearr an leagan amach seo ó thaobh leanúnachais agus téama de. Baineann Il 5–12 le daoine is áiteacha; Il 13–20 leis an gclaochlú a leanann an mhíríail. Faoi mar a bhíonn idir thír, dhúlra is ainmhithe faoi bhláth (19, 20) ar theacht an rí chóir, a mhalairt a bhíonn i gceist le linn aintiarna nó anlathais (2, 6: 86 n.).

- 13 D'athraigh an fia an cruth breá a bhíodh air; tharlódh freisin go bhfuil tagairt anseo don bhfia a bhí in armas na gCárthach (McLysaght 1991: 161).
- 14 an *fiach* iasachta, an Brúnach; éan iasachta (mairlead) a bhí in armas na mBrúnach (McLysaght 1991: 160).
i ndaingeanchoill Rúis, Ros, baile fearainn in aice Chill Airne mar a raibh coill ollmhór agus mar a raibh áitreabh na mBrúnach; Rúis in ionad Rois de ghrá na meadarachta.
- 15 seachnaid, seachnaíonn.
- 17–24 Tá fadhbanna móra téacsúla is séimeantaice ag baint leis na línte seo (atá le fáil i ngach cóip). Ós féidir brí éigin a bhaint as ll 17–20 (ach coigeartú a dhéanamh ar an téacs), fágaim istigh sa téacs iad, ach cuirim ll 21–24 sna nótaí thíos.
- 17 *clúmh*, níl an focal sin in aon LS: *gláim* (N). *gláimh* (23 G 20, M12), *glúimh* (C, 23 G 21), *glaim* (M10) léamha na LSS. Ós foghar / ú / a theastaíonn d'oirfeadh *glúmh* (= *gláimh*) nó *glam* (ach foghar / ú / a thabhairt dó). Is dócha go bhféadfadh *glúmh*/*glam* snámh le gaoith ach níor mhór, chomh maith, go réiteodh sé, ó thaobh séimeantaice de, leis an bhfrása a leanfadh mar ...
a shnámhas, *a shnámhann*; cf. *do thagas* (14: 17), *do shileas* (17: 24), *a bheas* (20: 36).
- 18 *luaithreach*, *lúighreach* atá in N, *lúithreach*/*lúithreadh* sna LSS eile. Ní gnách le Ó Rathaille an tsamhail a chleachtadh is tá de chastacht sa samhail seo nach bhfuil an dá fhocal ar a bhfuil a héifeacht ag brath (*clúmh*, *luaithreach*) cinnte ná soiléir. An bhundeacracht ná an *dealbh cait* (atá i ngach LS). Ghlac Dinneen (AÓR: 32) le *lúireach*, thug an bhrí 'covering or fur' dó is d'aistrigh an frása mar 'like the wretched fur of a cat'. Ní móide go réitíonn sin leis an chéad líne a chuireann éadroime gluaiseachta in iúl. Ní réitíonn ach oiread, dar liom, *liúrach* ('like the pitiful lamenting of a cat') coigeartú a mhol Ní Dhroighneáin (1983: 153). B'fhearr an *cat* a d'hearmad is *caite* a léamh, coigeartú a mhol Ó Fiannachta (1979: 8) ar dtús; d'oirfeadh sin do *luaithreach* agus don snámh le gaoith. Tugann an mhalairt *lúithreach*/*lúithreadh* sna LSS le tuiscint, dar liom, gurb é an focal *luaithreach* atá i gceist ach go bhfuil foghar / ú / tugtha dó de ghrá na meadarachta. Glacaim leis ar an ábhar breise go bhfuil samplaí eile i saothar Uí Rathaille de *amas idir / ua / agus / ú /*: *ag síúl dom ... na Mumhan ... do chuamair* (16: 1–2), *flonúir ... príomh úlla ... slimchom ... míonghrua* (18: 25–28). Is é a thuigim leis an dá líne (17–18) mar sin: *clúmh* na héanlaithe ag snámh le gaoith mar *luaithreach* gan mhaith a bheadh caite ar thailte fraoigh. Go simplí, is é atá á rá go bhfuil an *chlúmh* á cailliúint ag an éanlaith — comhartha eile den chlaochlú atá imithe ar an saol faoin mhíriail.
- 19 *diúltaid*, *diúltaíonn*.
- 20 Sir Vail, Sir Valentine Browne. Sa bhliain 1588 scaoil Dónall Mac Cárthaigh Mór 6,500 acra de thailte na gCárthach uaidh, i ngeall (17: 8 n.), le Sir Valentine Browne, an chéad bhairnéad (†1589). Sa bhliain 1720 shealbhaigh an cúigiú bairnéad, Sir Valentine Browne (1694–1736), an t-eastát.

21–24 Dá mhéid na deacrachtaí a bhaineann le ll 17–20, is mó fós a bhaineann leis na línte seo toisc nach léir cé nó cad tá i gceist le Pan, Mars, lán an trír, etc. Is beag malairt sa véarsa sna LSS trí chéile:

Do stiúraigh Pan a dhearca in arda críoch,
ag tnúth cár ghabh an Mars do bhásaigh sinn,
músclaid athaigh gearra lán an trír,
24 ag brú na marbh trasna ó sháil go rinn.

Foclóir

a. = ainm, aid. = aidiacht, aim. = aimsir, br. = briathar(tha), ch. = chaite, coibhn. = coibhneasta, coinn. = coinníollach, fc. = foshuiteach caite, fh. = fháistineach, fl. = foshuiteach láithreach, gairm. = gairmeach, gh. = ghnáthchaite, gin. = ginideach, iol. = iolra, l. = láithreach, m. = modh, ord. = ordaitheach, tabh. = tabharthach, u. = uatha

abaidh, iol. < ab abbot, 5: 222.

ablach, carcass 4: 35.

achtaibh, tabh. iol. < acht decree, act; d'achtaibh na Sacsan 6: 71.

adharcach, horned one, cuckold 11: 35 n., ag ... buí held by a tonsured malicious yellow cuckold of black troops 11: 35.

agall, a. br. < agaill converse, address; ná fan ag agall do not delay in replying 21: 27.

agallam, 1 iol. m. ord. < agaill, let us beseech 2: 28.

áighe, limb, joint; d'áighe na bhfear of the joints of the men 5: 30.

aighthe, iol. < aghaidh face, countenance, feature; a haighthe ... le chéile all her features are of the colour of black coal 4: 28.

áird = áird, gin. u. < ard, ar mhullach cnoic áird aoibhinn on the summit of a high pleasant hill 7: 2.

áirde = áirde, is áirde géim go hard of loudest high roar 3: 17, dob áirde faoi bhláth which was tallest in blossom 21: 11.

aiseag, restorataion, restitution; is aiseag do thabhairt ... and to restore the Irish 4: 64, aiseag ... déin restore all the Irish in their livelihood 4: 65.

aistrigh, change, 3 u. aim. ch. d'aistrigh fia an fialchruth the deer changed the noble shape 22: 13.

aitchim, beseech, 1 u. aim. l. I beseech 6: 101, 14: 13.

allathoirc (< alla wild, foreign + toirc iol. < torc boar), allathoirc chlaon wicked alien boars 2: 27.

amhail = samhail like, likeness; *dom amhail* for one like me **16**: 16.

ámhrach = ámharach, lucky, fortunate; *tá an taoide go hámhrach* the tide is favourable **20**: 15.

angar, want, affliction; *ag seachain mhóide an angair* avoiding the troublesome oath **9**: 3.

aniogh = inniu, *ar sráid aniogh* **4**: 72.

annalach, annal, in *annalach Éireann* **5**: 45.

ansúd, thereupon, then **16**: 20.

aoinne = éinne, *aoinne dá phórsan* **16**: 8.

aolbhach, limestone quarry, *a haolbhach* **4**: 42.

aolbhrog = aolbhruigh (< aol + brugh), fair mansion, *ar a haolbhrog* **18**: 4.

aonach, assembly **10**: 16, green, level ground **13d**: 4.

aonhall (< aon + ball), *ar aon bhall* together **5**: 116, 168, 247.

aonbhúidh (< aon + búidh tender, gentle person), most benign **18**: 30.

aoncholg (< aon + colg sword), *a n-aoncholg gnáith* their one constant protector **21**: 3.

aonchú (< aon + cú), *aonchú chúnta chríche Fáil* the only champion of Ireland **1**: 12.

aonghasta (< aon + gasta), *trí aonghasta i ngníomh* three most skilful in action **18**: 18.

aonphreib (< aon + preib tabh. u. < preab), *d'aonphreib* in a single bound **8**: 32.

aontaibh. tabh. iol. < aon, in *aontaibh* in ones **13b**: 2.

aontlacht (< aon + tlacht), *a n-aontlacht* their only protection **21**: 3.

aontoil (< aon + toil), *d'aontoil* by general consent, unanimously **21**: 4.

aontoisc (< aon + toisc), *d'aontoisc* deliberately **4**: 36.

aosmhar, old, *níorbh aosmhar* in *aois* who were not old in years **18**: 19.

arad = ard high, noble; *Aradmhac Dé* the noble son of God **2**: 23.

ardaibh, tabh. iol. < ard hillock, top; *ar íslibh* 's *ar ardaibh* for high and low lands **20**: 13 n.

ardchuaille (< ard + cuaille), noble branch **21**: 18.

ardfhlaith (< ard + flaith), chieftain **19**: 10.

ardshliocht (< ard + shliocht), noble family **5**: 61.

athnuadh = athnuachan renewal, rejuvenation; *athnuadh loit is oilc gan teora* boundless renewal of destruction and evil **6**: 82.

bachall, crook, staff, crozier; penis, *a bhachallsan* his penis **12**: 7.

bagair, gin. u. < bagar = bagairt; *crann bagair* truncheon, leading warrior; *ár gcrann bagair* **6**: 12.

bairneacha, iol. < bairneach limpet, **20**: 20.

banaltrain, tabh. u. < banaltra; *id bhanaltrain tséimh* a placid nurse **2**: 6.

bántaibh, tabh. iol. < bán, *gnaoi ag teacht ar bhántaibh gan milleadh* fields are becoming comely without destruction **20**: 16.

baoghail, gin. < baoghal = baol, in *ucht an bhaoghail* in the face of danger **5**: 13.

barc, bárc, barque, ship; *ó Bhéal Inse na mbárc* **1**: 7, *a mbarc* their barque **5**: 16, *na gcaolbharc* **4**: 60, **5**: 70; *ár mbarc* **6**: 14, *ar thráigh na mbarc* **8**: 21.

barra = barr top, summit, excess; *barra gach crainn* **7**: 7, *mar bharra ar mo scéalaibh* to crown my woes **2**: 9.

bas = bos palm of hand, *tré gcuimlim bas ...* as a result of which I renounce my truly powerful foe

5: 260.

béalaibh, tabh. iol. < *béal*, *dá mbualadh le béalaibh* being brandished in front of **10**: 7.

beanna-bhroig (< *beann* + *broig* iol. < *brog* = *brugh*), turreted mansions **22**: 6.

bearaibh, tabh. iol. < *bior*, *feoil de bhearaibh* meat from spits **15**: 9.

béaraibh, tabh. iol. < *béar* bear, *a ionad ag béaraibh* his residence in the possession of bears **5**: 139.

bearnain, tabh. u. < *bearna*, gap, breach; *i mbearnain námhad* in the enemy breach **5**: 15.

béilic, cavern, cave; *i mbéilic* **5**: 165.

béim, fault, blemish; *gan bhéim* without blemish **5**: 12, *gan bhéim fá dhó leis* who was not doubly related to him without blemish **6**: 68, *thug táir agus béim do* who reproached and insulted him **16**: 20.

béimscriosadh (< *béim* + *scrios*), br. saor aim. ch. *do béimscriosadh fós* was forcefully destroyed **18**: 5.

beoltais (< *beol* + *tais*), soft-lipped **11**: 34.

bhá, 3 u. aim. ch. < *bí*, *do bhá san mbaile* who was in residence **15**: 19.

bheas = 3 coibhn. aim. fh. < *bí*; *bheas againn* **7**: 15, *a bheas againn* **20**: 36.

biatach, hospitaller, an *biatach gan cuntas don tsló* the hospitaller who maintains multitudes without reckoning **19**: 11.

bíogtha, gin. < *bíogadh* start, jump; *bás bíogtha* sudden death **12**: 10.

biorannaibh, iol. < *bior* shaft, spike, dart **17**: 6.

bise = *biseach*, success, good fortune **14**: 15.

bochtaibh, tabh. iol. < *bocht* poor person, *gan cothrom do bhochtaibh* a land in which no justice is done to the poor **4**: 12.

bodhar, 3 u. aim. ch. < *bodhair* = *bodhraigh*, *do bhodhar* became discordant **17**: 9.

bólaigh, gin. u. < *bólach* = *bólacht*, *garda ... ár mbólaigh* the guardian of our kine **6**: 7.

braighd = *bráid*, *scol na maighdean mbraighd ngeal* the music of the fair-breasted maidens **5**: 123, *an bhraighdgheal* the fair-breasted lady **5**: 199.

bráthair, kinsman **5**: 34, 37, 49, 57, 61, *passim*; *bráthair gaoil* blood relation **5**: 41, *bráthair gairid* near relation **5**: 54, 74; *bráthair gar* near relation **5**: 53, *bráthair glún* blood relation **5**: 55.

breaba, iol. < *breab* bribe, *breaba dhá lua* bribes being offered **14**: 11.

breac, speckled, dappled; *a bráithre breaca* **8**: 25 n.

bréagaibh, tabh. iol. < *bréag*, *nár stán ó bhréagaibh* who did not yield to lies (?) **5**: 113.

breillephus (< *breall* + *pus*), ugly protruding mouth **13c**: 4.

bréin, gin. u. < *bréan*, foul, rotten; *sú an tobac bhréin ...* juice of foul tobacco on his cheeks **16**: 11.

brícléir, bricklayer **10**: 12.

brog = *brugh*, *síbhrog Fhéilim* **5**: 183, *don teinnebhrog* **11**: 19; gin. u. *go feicsint broig* until I saw the mansion **15**: 4, iol. *beanna-bhroig Bhriain* Brian's turreted mansions **22**: 6.

broinnibh, tabh. iol. < *broinn* breast, bosom; *féd bhroinnibh* within thy breast **6**: 116, *ar broinnibh* by the breasts **11**: 24.

broinnire, brute **11**: 24.

broinnstuacach (< *broinn* + *stuacach*), is mo ... and a sullen lascivious brute clasping my maiden

by the breasts **11**: 24.

brónghoil (*brón* + *goil* gin. < *gol*), *ábhar ... brónghoil* a cause of distressful weeping **6**: 81.

bruín, tabh. u. < *bruón* fight, quarrel; *bua agus bise acu i mbruín* victory and success to them in battle **14**: 15.

bruinneallaibh, tabh. iol. < *bruinneall*, *foireann de bhruinneallaibh* a band of maidens **11**: 22.

buachaigh, tabh. u. < *buacach*, *ar a broinn bhuachaigh* on her swelling breast **11**: 7.

buachan, a. br. < *buaigh*, *an t-aon cóir ag buachan* the just one triumphs **20**: 29.

buaibh, iol. < *bó*, *buaibh na mbeann* horned cows **3**: 2.

buaigh, gin. < *buach* victorious, *bráthair ... Mhic Fhínín bhuaign* **5**: 78.

uanbhith (< *uan* + *bith*), *is uanbhith na lánún i gcumann* and long life to the pair in love **20**: 22.

uanstoirm (< *uan* + *stoirm*), perpetual storm **20**: 17.

buíchuachaibh (< *buí* + *cuachaibh* tabh. iol. < *cuach*), *dá buíchuachaibh* of her yellow locks **11**: 5.

búidhbhean (< *búidh* + *bean*), *an bhúidhbhean mhónla* the kind gentle woman **8**: 17.

buín, tabh. u. < *buíon* band, company; *ar an mbuín sin* **16**: 4.

buinne, 1. stream, torrent, *tír ... gan buinne* a country without a stream **4**: 18; 2. scion, *buinne cúil cumhra* the fragrant protector **6**: 112.

caethach = *coimhtheach*, *coimhthíoch*; *gach ladrann caethach* every foreign churl **2**: 8.

caigil = *coigil* preserve, cherish; 2 u. m. ord. *caigil le dúthracht síos* bind down with zeal **12**: 5.

cailce, gin. u. < *cailc*, *Aoibheall chailce fair Aoibheall* **21**: 21.

cáilibh, tabh. iol. < *cáil* fame, repute; *'na cháilibh* in his fame **19**: 11.

cailliúin = *cailliúint* loss, death; *cailliúin Shedín* **5**: 113.

cairdibh, tabh. iol. < *cara* friend, *neach dá cairdibh* any of her friends **8**: 26.

cairte, gin. < *cairt* charter, *as a bhfearanaibh cairte* from their lawful and proper lands **6**: 88.

caise, plaiting, curling; *caise na caise* plaiting of plaiting **11**: 5.

caitheamh, wear, spending; *gan caitheamh ar ...* the pleasant company not purchasing the gaiety of poems **14**: 7.

caobach = *scaobach*, *go caobach* in torrents **4**: 27.

caoch-cheo, blinding mist **20**: 32.

caoin-nuachar, *ag feitheamh ...* waiting to take her for his tender bride **11**: 28.

caoire, iol. < *caora*, **3**: 2.

caolach, wicker-work, roof; *a caolach* **18**: 6.

caolbhach, saplings, trees; *a connadh 's a caolbhach* her trees and her saplings **4**: 42.

caolbharc (< *caol* + *barc*), *Breatnaigh na gcaolbharc* **4**: 60, *ó chois Sionna na gcaolbharc* **5**: 70.

caolscread (< *caol* + *scread*), *ba chian a caolscread* long was her shrill moan **5**: 149.

caolta, iol. < *caol*, *na gcaolta* of the narrow waters **5**: 62.

caomhbhreitheamh (< *caomh* + *breitheamh*), mild judge **19**: 6.

caomhchodladh (< *caomh* + *codladh*), *caomhchodladh séimh* soft pleasant sleep **21**: 14.

caomhchoinneal (< *caomh* + *coinneal*), pleasant light **21**: 4.

caomhchuilte (< *caomh* + *cuilte* iol. < *cuilt*), beautiful coverlets **18**: 8.

- caomhchumann** (< caomh + cumann), caomhchumann cléire the fair company of the clergy **12: 22.**
- caomhghlan** (< caomh + glan), pure and gentle **16: 19.**
- caomh-ionad** (< caomh + ionad), fair seat **12: 30.**
- caomhshliocht** (< caomh + sliocht), noble race **4: 53.**
- caorchumas** (< caor + cumas), caorchumas Éireann Ireland's raging power **21: 11.**
- caorthonnaibh** (< caor + tonnaibh tabh. iol. < tonn), fá chaorthonnaibh sínte stretched beneath raging waves **21: 6.**
- carbhas**, carousal, *ag carbhas macra* amidst the carousal of youths **15: 7.**
- cás**, *i gcás*, so that, in case, lest; *i gcás go bpreabfadh ...* lest his penis might spring back at us from below **12: 7**, *i gcás go dtitfinse thríd* so that I would fall thereby **14: 19.**
- caschrúbach** (< cas + crúbach), club-footed **16: 11.**
- casnamh**: *cosnamh.*
- cathmhíle** (< cath + míle), warrior, soldier; *a gcathmhíle ... saordha* their noble warrior of strong hosts **5: 21.**
- céadchath** (< céad + cath), *na gcéadchath* of the hundred battles **5: 34.**
- cealg**, sting, *mo chealg bháis chruaidh ghoirt* my bitter piercing sting of death **21: 20.**
- ceanntshliocht** (< ceann + sliocht), *de cheanntshliocht Eoghain* of the superior progeny of Eoghan **6: 63.**
- ceardaibh**, tabh. iol. < *ceard* craftsman, artisan; *iarnaí ... ceardaibh* irons framed in bleak and gloomy hell by the craftsmen of greedy Vulcan **4: 32.**
- ceathra**, iol. < *ceathair*, cattle **3: 2, 22: 19.**
- céim**, step, rank, difficulty; *is céim a gcomhaireamh*, it is difficult to numerate them **6: 65.**
- chonarc**, 1 u. aim. ch. < *feic*, *do chonarc* **11: 1, 32.**
- chuamair**, 1 iol. aim. ch. < *téigh*, *do chuamair* **16: 1.**
- chúchu** = *chucu.*
- chúghainn** = *chugainn.*
- chúichi** = *chuíci.*
- ciach**, gloom, sadness; *ciach ghoirt* bitter gloom **18: 9**, *an chiach dhiacrach* distressing sadness **22: 1**, *mo chiach* woe is me **22: 10.**
- ciaradh**, flaw, defect; *gan ciaradh 'na cháilibh* without flaw on his fame **19: 11.**
- ciarhuilte** (< *ciar* black, murky + *tuilte* aid. bhr. < *tuil* flow, flood, fill), black-flooded **22: 6.**
- cinn**, iol. < *ceann* head, leader, master; *cuirfid na cinn sin linn* those leaders will oppose us (?) **5: 100**, *ár gcinn* our leaders **6: 114.**
- ciontaí**, iol. < *cion* offence, transgression, sin; *séanadh ... ciontaí* if they were guilty of denying the Son of God **19: 8.**
- ciórdhubh** = *ciardhubh* (*ciar* + *dubh*), jet-black **21: 15.**
- cíosóireacht**, rental **17: 19.**
- cirt**, gin. u. < *ceart*, *re linn an réics chirt* **5: 228**, tabh. u. *ina cheird chirt* under his proper skill **5: 169**, *don chléir chirt* to the true clergy **10: 14.**
- ciúinghlan** (< *ciúin* + *glan*), *an t-éasca go ciúinghlan* the moon is calmly bright **20: 3.**
- clainn**, tabh. u. < *clann*; *dá gclainn mhac* to their sons **19: 4.**

- cláirsigh**, tabh. u. < cláirseach harp, ar chláirsigh **20**: 23.
- clamhaire**, wretch, mangy creature **16**: 14.
- claon**, perversity **2**: 18.
- claonchroí** (< claon + croí), a gclaonchroí their perverse hearts **19**: 7.
- claonmhar**, perverse, evil; is truailithe claonmhar it is foul and evil **10**: 5.
- clár**, plain, ó chlár Loirc Éibhir **5**: 84 n.
- clé**, wicked, malign, sinister; mo lánchreach chlé my utter malign ruin **8**: 13.
- cleacht**, practise, become accustomed to; 1 u. aim. ch. is nár chleachtas and that I was unused to **3**: 4, 3 u. aim. ch. chleacht sí she cherished **8**: 17, 3 u. aim. gh. do chleachtadh sí ar dtúis that was previously her wont **22**: 13.
- cliabhthuirse** (< cliabh + tuirse), heart-weariness **18**: 11.
- cliathúil**, stout-hearted **5**: 27.
- clíbhreoithe** (< clí body, heart, breast + breoithe), heartsick **2**: 2.
- clíchoirp** (< clí + coirp gin. < corp), is folach ... and the silken covering of her body torn **5**: 204.
- clíchumhra** (< clí + cumhra), trí chlíchumhra bhí three who were fragrant of body **18**: 30.
- clídheolta** (< clí + deolta aid. bhr. < deol suck), d'éis do chlídhéolta having sucked your breast **2**: 8.
- clíteach**, heart, breast **3**: 13, saorfhuil mo chléigh generous blood of my heart **21**: 10.
- clochaibh**, tabh. iol. < cloch, fírmhil ar chlochaibh go buan fresh honey always on stones **7**: 8.
- cloistin** = cloistéal a.br. < clois, ar chloistin mo ghutha di when she heard my voice **11**: 29.
- clos**, a. br. < clois, ar chlos a scéil on hearing her news **8**: 29.
- cluasaibh**, tabh. iol. < cluas ear, ó chluasaibh a maóile from the ears of their head **16**: 4.
- clúmhaíl** = clúúil, **5**: 52, **6**: 106, **15**: 19, **19**: 6.
- codhnach**, chief, support, prop; ár gcodhnach uile our whole support **17**: 3.
- cóige** = cúige province, an chóige **6**: 31, 85; dhá chóige **6**: 60, san gcóige **6**: 83.
- coinnibh** = coinne; 'na choinnibh against him **16**: 20.
- coirneach**, tonsured **11**: 35.
- coirpe**, corrupt, vicious, wicked, incestuous; péac coirpe incestuous penis **12**: 27.
- cóisreach**, gin. iol. < cóisir feast, banquet; na gcóisreach of the banquets **6**: 73.
- comairc** = comairce, coimirce; a gcomairc their protection **5**: 15, dom chomairc to guide me **11**: 31, gan cuan chun comairce dín without a haven for protective shelter **14**: 9.
- comhall**, fulfilment, observance; díth comhaill breach of promise **2**: 18.
- comhduibh** (< comh + duibh), éiclips comhduibh a black eclipse **6**: 34.
- connadh**, firewood, trees; a connadh 's a caolbhach her trees and her saplings **4**: 42.
- córach**, shapely, comely, pleasant; a dtréithe caoin córach their gentle comely qualities **2**: 25.
- córach**, gin. u. < cóir justice, equity; ar díth córach in want of justice **17**: 18.
- coróineach**, gin. u. < coróin, rí coróineach crowned, legitimate king; tríochad rí coróineach thirty crowned kings **16**: 7, an rí coróineach **17**: 12.
- corraigh**, gin. u. < corrach marsh, trí imeallaibh corraigh **11**: 18.
- corrchnoic** (< corr tapering, pointed + cnoic iol. < cnoc), tapering hills, corrchnoic ghorma **5**: 206, córrchnoic **6**: 2.
- córtas**, right or proper course, rightfulness; thar córtas beyond bounds **6**: 29.
- cosaibh**, tabh. iol. < cos, fé chosaibh na meirleach under the feet of the villains **4**: 7, go cosaibh **16**: 4.

- cosnamh**, a. br. < *cosain*, dá *gcosnamh*, dá *gcasnamh* protecting them 7: 16, 21: 19; gin. u. *gan fear cosnaimh* without a defender 4: 3, a *sciath chosnaimh* their protective shield 5: 10.
- cothrom**, balance, equity; *tír gan cothrom ...* a land in which no justice is done to the poor 4: 12, *i gcothrom* in power 4: 53, *ár gcóthrom* our equity 6: 18.
- crann**, tree, stock, support; *crann bagair* leading hero 5: 11, 6: 12; iol. *na cranna ba thréine ...* the trees that were strongest in protecting them 2: 3.
- craobh-úr**, trí príomh-úlla *craobh-úr* three prime apples of fresh boughs 18: 26.
- craosaigh**, gin. u. < *craosach*, *le ceardaibh Vulcánais chraosaigh* by the craftsmen of greedy Vulcan 4: 32.
- créachtach**, wounding, 5: 37.
- créachtaibh**, tabh. iol. < *créacht* wound, *fé chréachtaibh* 4: 50, 'na *chréachtaibh* 5: 203, *óm chréachtaibh* 5: 216.
- créad**, what?, *créad fá why?* 5: 19.
- creathaibh**, tabh. iol. < *crith* tremble, shudder, tremor; *i gcreathaibh báis fá d scéala* in the tremors of death concerning thee 5: 195.
- creathaid**, 3 iol. aim. l. < *creath* tremble, *cás tré gcreathaid ...* an instance through which majestic kingdoms tremble 6: 3.
- créchuilt** (< *cré* + *cuilt*), clay-coverlet 21: 10.
- creill**, knell, death; *d'fhuiling creill* who suffered death 18: 13.
- cria** = *cré*, *i gcria chille* in the churchyard clay 18: 12.
- criochaibh**, tabh. iol. < *críoch* territory, *i gcríochaib eachtrann* in foreign countries 4: 44.
- críonchóisir** (< *críon* + *cóisir*), withered band 2: 7.
- críonghruama** (< *críon* + *gruama*), *nár chríonghruama* not morose with age 11: 3.
- croiluaimeach** (< *croí* + *luaimeach*), *go croiluaimeach* with a pounding heart 11: 17.
- crot**, gin. iol. < *cruit* harp, *fuaim chrot téadach* the sound of stringed harps 5: 127.
- cruacheist** (< *crua* + *ceist*), *tá claohló ar chruacheist* every difficulty is overcome 20: 29, *do théacht as gach cruacheist* has recovered from every danger 20: 35.
- cruamhionna** (< *crua* + *mionna* iol. < *mionn*), *cruamhionna bréige* audacious perjuries 10: 6.
- cruinnchomhrainn** (< *cruinn* + *tabh. u. < comhra*), narrow coffin 17: 1.
- cruinniúltaigh** (< *cruinn* + *diúltaigh*), *nár chruinniúltaigh naí* who did not miserly refuse anyone in want 18: 27.
- cruinne**, dew 11: 6.
- cruinntuairim** (< *cruinn* + *tuairim*), *druidim 'na cruinntuairim* to go up near her 11: 13.
- cuanach** (< *cuan*), harboured; *na gcríoch ... gcuanch gcam*, ruling the snug sheltered curved harboured regions 3: 7.
- cuanta**, iol. < *cuan* 20: 17, tabh. iol. *ó chuantaibh imill na gcríoch* from the harbours of the districts' borders 14: 5.
- cuibhe** = *cuí*, *nár chuibhe di* that it ill became her 11: 26.
- cuibhreach**, binding, fetter; *i gcuibhreach ... le united* with 20: 11.
- cuibhreach**, a. br. < *cuibhrigh* bind, fetter; *is glór binn dá gcuibhreach ag Éamann* and sweet the voice of Éamann as he bound them 5: 104.
- cuilim**, 1 u. aim. láith. < *cúimil*, *tré gcuilim bas do* through which I reject 5: 260.

cuidse = cuidseach fitting, appropriate; *dóchas cuidse* adequate hope **9**: 5.

cuisle, vein, power, vigour; *is tollta a chuisle* his power is undermined **17**: 4.

cúnta, gin. u. < *cúnamh* a. br. < *cúnaigh* help; *cú chúnta* deliverer, champion **1**: 12.

curaí, iol. < *curadh* hero, champion; **5**: 81.

cuthach, rage, fury, frenzy; *maor cuthaigh* a raging steward **12**: 29.

cúthail, humbled **4**: 24, *go cúthail fá néaltaibh* humbled under a cloud **10**: 19.

dá (< *do* + *a*), = *á*.

dáil, a.br. < *dáil* pour out, shed; *ag dáil ghoil* pouring forth tears **5**: 152.

daingeanchoill (< *daingean* + *coill*), *i ndaingeanchoill Rúis* in the fast dense wood of Ross **22**: 14.

daolaibh, tabh. iol. < *daol* beetle, worm; *ag daolaibh* **18**: 24.

daorbhroid (< *daor* + *broid*), *dire bondage*, *daorbhroid daoithe* Gall *dire bondage of foreign churls* **4**: 66.

daor-ifreann, unfree hell **12**: 31.

dár (< *do* + *ár*), *dár bhfuascailt* **14**: 4, 8, 12, 16.

deáidh = *diaidh*, 'na *dheáidh* **5**: 261.

déa-oinigh, gin. < *dea* + *oineach*, of good honour **5**: 46.

déaraibh, tabh. iol. < *déar* tear, *le déaraibh* **4**: 25.

dearbh, sure, certain; *is dearbh* it is certain that **2**: 17, *dearbh 'na nGallaibh* are assuredly for some time foreigners **4**: 56, *dearbh mo scéalta* my tidings are true **5**: 215.

dearc, eye, iol. *dearca* **5**: 202, **6**: 1; gin. iol. *ag caí na ndearc* shedding tears **8**: 16.

dearlaig = *dearlaic* 3 u. aim. ch. < *dearlaic* grant, bestow; *ó dhearlaig ... since ... has bestowed his daughter* **19**: 3.

déasa = *diasa* iol. < *dias*, *trí déasa nár chlaon* three just scions **18**: 19.

déidh = *diaidh*, *id dheidhse* after you **5**: 160.

deighilt, a.br. < *deighil* divide, separate; *a dheighilt leis* to separate him from him **12**: 4.

déin = *déan*, **4**: 65, **9**: 2.

déircigh, gin. u. < *déirceach* charitable **5**: 80.

d'éis (< *de* + *éis*), after, *d'éis do chlidheolta* having sucked your breast **2**: 8, *dá n-éis* after them **2**: 24.

deoidh = *diaidh*, *id dheoidhse* after you **6**: 21, 'na *ndeoidh* after them **19**: 12.

deoraibh, tabh. iol. < *deor*, *go frasach i ndeoraibh* copiously shedding tears **6**: 39, *traochta i ndeoraibh* subdued in tears **6**: 48.

dhá = *á*, *dhá lua* being offered **14**: 11.

diachta, gin. u. < *diacht* = *diagacht* divinity, piety; *dánta diachta* pious poems **5**: 131.

dianchreach (< *dian* + *creach*), sore loss **18**: 10.

dianghol (< *dian* + *gol*), *ag dianghol* weeping bitterly **22**: 11.

díbreadh, br. saor aim. ch. < *díbir* banish, expel; *ó díbreadh ... since the rightful king was expelled by a violent company* **6**: 96.

dílís = *díleas*, personal property, *gur dhílís an áit sin ... that the place might be their sons forever* **19**: 4.

- dín**, gin. < díon protection, shelter; *ag déanamh dín dóibhsin* in protecting them **2**: 3, *sciath dhín* protective shield **4**: 4, **6**: 9; *comhla dhín* protective mainstay **5**: 7.
- díogras**, fervour, zeal; *díogras a n-oifige ar cuaird* the zeal of their function in their rounds **7**: 12, gin. u. in *ainm an rí dhíograis* in the name of the faithful king **7**: 15, *tabh. u. le díograis* with zeal **8**: 4.
- díol**, recompense, sufficiency, deserving object; *díol deora* a fit cause for tears **2**: 9.
- díona**, gin. u. < díon; *brat díona* protective cloak **21**: 19.
- díth**, loss, want, lack; *de dhíth an bhídh* who went in want of food **5**: 220, *a thalamh má bhí dá dhíth* if his land was lost to him **5**: 227, *ar díth córach* in want of justice **17**: 18.
- díthchreach** (< díth + creach), ruinous waste **6**: 89.
- díthchreachta** (< díth + creachta aid. bhr. < creach), ravaged, destroyed **3**: 16.
- diúc, diúic**, duke, *d'fhuil an diúic* **6**: 52, *an diúic* **16**: 10, *don diúic* **20**: 8.
- diúltaid**, 3 iol. aim. l. < diúlt, *diúltaid ceathra* cattle refuse **22**: 19.
- dlaioichuachach** (< dlaoi + cuachach), with curling locks **11**: 22.
- dlithibh**, tabh. iol. < dlí law, *do-ghní Muiris le dlithibh a dhaoradh Muiris* condemned him with laws **5**: 103.
- dlúthchurtha** (< dlúth + curtha aid. bhr. < cuir), firmly buried **6**: 105.
- do** = a (mír choibhn.), *do ritheas* **5**: 261n., *do thagas* **14**: 17 n., *do shileas* **17**: 24 n., *a bheas* **20**: 36, *a shnámhas* **22**: 17.
- do** = a (+ a. br.), *d'fhóirthint* **2**: 28, *do dhíchur* **4**: 62, *do thabhairt* **4**: 64, **5**: 247, **12**: 28; *do ghoirm* **5**: 14, *do dhortadh* **5**: 232, *do thraochadh* **5**: 246, *do theacht* **5**: 252, **16**: 18; *do luail* **7**: 1, 20; *do lasadh* **7**: 14, *do ruachan* **20**: 33.
- do-bheart** = dúirt, *do-bheart Clóna* **21**: 17.
- do-bheir** = tugann, *do-bheir súil* she looks **8**: 21.
- do-chluin** = cluineann/cloiseann **1**: 2, **5**: 137.
- dod** = do do, *dod choimhdheacht* **6**: 104.
- do-ghní** = déanann, **5**: 101, 103.
- dom** = do mo, *dom éisteacht* **5**: 245, *dom fhortacht* **11**: 15, *dom chomairc* **11**: 31.
- dragain**, iol. < dragan warrior, hero; *dragain chróga* brave heroes **4**: 69, *dragain fhíochta* fierce warriors **8**: 10, *dragain Leamhan, Léin is Laoi* **17**: 26.
- draighnigh**, gin. u. < draighneach, *craobh dhealg-dhraighnigh* a branch of prickly thorns **21**: 8.
- draíochta**, iol. < draíocht druidic art, magic, charm; *draíochta déithe* charms of gods **5**: 131.
- draoithe**, iol. < draoi druid, magician **16**: 3.
- dréimneach**, adorned **5**: 129.
- drólainn**, tabh. < drólann heart, intestines, *biorannaibh trím dhrólainn* darts penetrate my heart **17**: 6.
- drongaibh**, tabh. iol. < drong, *luaitear le drongaibh* which is mentioned by people **20**: 26.
- druadha**, iol. < draoi druid, wizard **16**: 3.
- druaga**, druidical, *draíocht dhruaga* druidical sorcery **11**: 20.
- druid** = drud, *ní ráimse ansúd aon druid 'na choinnibh* I then say not a word against him **16**: 20.
- duaisigh**, gin. u. < duaiseach generous, bountiful; *is chlanna Ghuaire dhuaisigh dhéircigh* and of the descendants of Guaire the bountiful and charitable **5**: 80.

dubh-ghuail, *dubh* + *gin.* u. < *gual*, a *haghaidh ar shnua an dubh-ghuail le chéile* her whole visage is the colour of black coal **4**: 28.

dúilibh, *tabh. iol.* < *dúil* element, *gin. iol.* *Ceardach na ndúilibh* Creator of the elements **19**: 12.

dúireacht, hardness, rigidity, obduracy; *trí dhúireacht a glaonchroí* on account of the obduracy of their perverse hearts **19**: 7.

dul, time, occasion; in *aon dul* on any occasion, in any conflict (?) **5**: 43.

dúntaibh, *tabh. iol.* < *dún* fort, fortress; *ina dhúntaibh* **5**: 117.

dúscriosfadh (< *dubh* + *scriosfadh* *3u. m. coinn.* < *scrios* destroy, ruin), *go ndúscriosfadh iad* that he would utterly destroy them **19**: 8.

dúsmacht (< *dubh* + *smacht*), *fé dhúsmacht foirne* under the dire yoke of a horde **6**:54.

dútheagasc (< *dubh* + *teagasc*), *a dhútheagasc éithigh* his false evil teaching **10**: 13.

éachtach, mighty, powerful, valiant; *gin. u.* *éachtaigh* **5**: 42, 89; *tabh. u.* *ó Eachroim éachtaigh* **5**: 85, *gin. iol. na mBúrcach éachtach* **5**: 49, *na leabhairscriób éachtach* **5**: 82.

éad, envy, emulation; sorrow, *trér thionscnas éad ris* whereby I began to sorrow for him **5**: 98.

éadmhar, jealous, envious; sorrowful, *go héadmhar* sorrowfully **4**: 22, **5**: 156, 213.

éadsin = *iadsin*, **19**: 7.

éagdhul (< *éag* + *dul*), death, demise; *a éagdhul* **21**: 12.

ealtan, *gin. iol.* < *ealta* flock (of birds), *clúmh na n-ealtan mear* the down of swift flocks **22**: 17.

éigsibh, *tabh. iol.* < *éigeas* poet, learned man; *ó éigsibh* **5**: 86, *ag éigsibh* **10**: 18.

éileamh, a. br. < *éiligh* claim, demand; *de shíor dá n-éileamh* and the clergy ever calling on them (?) **5**: 120; *dá éileamh gur ...* claiming that ... **6**: 44.

éiric, compensation, reward; in *aisce gan éric gratis* without payment **5**: 94, *'na éric* as retribution **5**: 232.

éisteadh, *3 u. m. fc.* < *éist* listen, hear; *go n-éisteadh na déithe* that the gods might hear **21**: 16.

fá = *faoi*, + *a*: *fána uilinn* **5**: 95, + *an*: *fán saorfhlaithe* **20**: 35, + *do*: *fád scéala* **5**: 179, 195, *fád thaobh* **21**: 26; + *a*: *fá raibh* **17**: 28, + *ar*: *créad fár fhuilngis* why did you allow **5**: 139, *fár leagadh* beneath which was lain **21**: 25.

fachain, cause, occasion; *fachain na dtrí ...* the reason for lighting three candles in every harbour **7**: 14.

facht: *focht*.

fadchumhach (< *fad* + *cumhach*), *go fadchumhach* in long mourning **5**: 160.

fáidhí, *iol.* < *fáidh*, prophets **19**: 1.

fairsinge, breadth, width; *fairsinge mhúin* amplitude of urine **13a**: 4.

fánach, vagrant, wanderer; *an fánach fleascaigh* the wandering libertine **12**: 6.

fann, weak person, *d'fhann nó rólag* to the weak and the feeble **6**: 97, *gin. iol. na bhfann* of the weak **12**: 26.

faobharneart (< *faobhar* + *neart*), might of the sword **19**: 8.

faothó = *aothú*, recovery from illness, respite; *tá faothó aige truaghaibh* the wretched have a respite **20**: 25.

fásach, waste, desert; *caite ar fhásach fraoigh* thrown on a waste of heather **22**: 18.

fasc, shelter, protection; *rachad 'na bhfasc* I will go under their protection **17: 27**.

fé = *faoi*, + *do*: *féd bhroinnibh* **6: 116**, *féd ghoile* **12: 25**.

feacaid, 3 iol. aim. l. < *feac* bend, *fáth tré bhfeacaid* a reason why trees bend down **6: 2**.

feallscrios (< *feall* + *scrios* destroy, ruin), 3 u. aim. ch. *d'fheallscrios cine Chárthach* who deceitfully ruined the MacCarthys **12: 29**.

feam, stalk, rod, sea-rod; penis **16: 13**.

fearachoin (< *fear* + *coin* iol. < *cú*), fierce warriors **2: 14**.

fearannaibh, tabh. iol. < *fearann* land, os *fearannaibh* **4: 39**, as a *bhfearannaibh cairte* is *córa* from their rightful and legitimate lands **6: 88**.

fearantais, iol. < *fearantas* estate, domain; a *bhfearantais féin* their own lands **2: 11**.

fearastar, 3 u. aim. ch. < *fear* give forth, pour out, shed; *fearastar scim dhraíochta nár dhorchasnu* a magic haze, of hue not dark, poured forth **7: 5**.

fearra = *fearr*, is *fearra fá dhó dho* that is twice better for him **21: 24**.

feasradh, 3 u. m. fc. < *fiosraigh*, dá *bhfeasradh neach* if anyone should ask **21:26**.

feicsint = *feiceáil* a. br. < *feic*, go *feicsint broig Thaidhg an Dúna* until I saw Tadhg an Dúna's dwelling **15: 4**.

feidhm, use, service, function; *gan feidhm* useless **5: 4**, *ár bhfeidhm* our prowess **6: 15**, *i bhfeidhm* in control **6: 86**, *ní raibh feidhm air* it was of no avail **16: 14**.

féil, 1. tabh. u. < *fial* generous, *den Charathfhuil fhéil* of the generous MacCarthys **2: 15**; 2. gin. u. < *fial* generous person, *tug fial in ionad an fhéil fuair bás* who replaced one generous person for another who died **15: 22**.

féinics, paragon, hero; *féinics shleachta Éibhir* **1: 14**, a *bhféinics* **5: 18**, *ár bhféinics mullaigh* our principal hero **6: 18**, an *féinics Gaoidheal* the hero of the Irish **6: 105**.

feochadh, **feochan**, decay, withering; *sa bhfeart ar feochan* dead in the grave **6: 4**, *roimh a dhul ar feochan* before he died **6: 32**, *bhur gcoillte ar feochan* your woods in decay **6: 89**, *thu ar feochadh* you being dead **6: 93**, *d'imigh a bhrí ar feochadh* his vigour is withered **17: 4**.

fí = *faoi*, *fí mhórsmacht* **2: 27**.

fiailteach (< *fial* + *teach*), guesthouse, *fiailteach na marcraí* the guesthouse of the horsemen **22: 5**.

fialchruth (< *fial* + *cruth*), noble shape **22: 13**.

fill, bend, turn back, reverse; *fillfidh Dia do dhíbhirt* God will reverse thy banishment **9: 9**.

fill, gin. u. < *feall*, treachery, deceit; *scuaine buile seo an fhill* this frenzied treacherous crew **14: 10**.

finnstiúir (< *fionn* + *stiúir*), fair guide **18: 27**.

fionnadh, br. saor aim. ch. < *fionn* ascertain, discover; *an méid nár fionnadh* those who were not discovered **5: 105**, *do fionnadh* which appeared **11: 4**.

fionnadh (a.br. < *fionn*), ascertainment, discovery; *fionnadh gach toraidh* the proof of every crop **5: 262**.

fiontar, venture, risk; *i bhfiontar éaga* in danger of death **5: 196**, *ag lonramh fiontair* inciting a contest **5: 230**, *gan fiontar* effortlessly **20: 2**.

fíontúil, fond of wine, abundant in wine **5: 27, 129**.

fíonúir, grape-vine **18: 25**.

- fíoraibh**, tabh. iol. < fíor border, limit, *go fíoraibh* 5: 48, 248.
- fíorcholúir** (< fíor + iol. < colúir), *trí fíorcholúir* three pure doves 18: 25.
- fíorchruaidh** (< fíor + cruaidh), im chime ... *go fíorchruaidh* by the captive I was bound fast a captive 11:14.
- fíorlaoch** (< fíor + laoch), *dob fhíorlaoch aonair* who was a unique true warrior 5: 64.
- fíorlaochta** (< fíor + laochta valorous, heroic), *titim ... bhfíorlaochta* the demise of the spirited truly heroic lords 5: 253.
- fíor-uaibhreach**, *goileann go fíor-uaibhreach* she weeps truly desolately 11: 29.
- fíor-uamhan**, sheer fear 11: 12.
- fiosach** = *feasach*, *fios fiosach* knowledgeable news 11: 9.
- fírdhlitheach** (< fíor + dlitheach), of just laws 5: 25.
- fíréachtaigh**, tabh. u. < fíréachtach (< fíor + éachtach), *dom namhaid fhíréachtaigh* to my truly powerful foe 5: 260.
- fíreolas** (< fíor + eolas), true knowledge 2: 6.
- fírfhliuch** (< fíor + fhliuch), truly wet 3: 1.
- fírmhil** (< fíor + mil), fresh honey 7: 8.
- fiús**, fixed rent 5: 108 n.
- fleascach**, rascal, trickster, playboy, libertine; *an fánach fleascaigh* the wandering libertine 12: 6.
- fliche**, moisture, tears 11: 30.
- fó** = *faoi*, *fó gach madaí* 8: 15.
- focht** = *fócht*, ask, enquire; 1 u. aim. l. *fochtaim* I ask 5: 209, *fachtaimse dhíobh* I asked them 7: 12.
- foghlach**, destructive, predatory, plundering; *ba foghlach glac* whose hands were destructive in battle 8: 18.
- fógra** = *fógairt*, a. br. < *fógair* declare, proclaim; *dá fhógra* proclaiming his death 6: 36, *dá fhógairt* 6: 43.
- foinseoga**, iol. < *foinseog* stream, 17: 23.
- foireann dubh** (< *foireann* + *dubh*), of black troops 11: 35.
- foirinn**, tabh. u. < *foireann* band, group; *le foirinn an Bhéarla* by the English-speaking band 4: 20, *dár bhfoirinn* of our band 16: 12, *ag foirinn* by a band 17: 8.
- foirm**, form, *le foirm na mionn* by means of oaths 12: 23.
